**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánaíoch*

**A9-0234/2020**

25.11.2020

# TUARASCÁIL

ar Stráitéis AE maidir le Comhionannas Inscne
(2019/2169(INI))

An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

Rapóirtéir don tuairim: Maria Noichl

Rapóirtéir don tuairim (*):
Eugenia Rodríguez Palop, an gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta

(*) Coiste comhlachaithe – Riail 57 de na Rialacha Nós Imeachta

PR_INI

CLÁR

Leathanach

TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ...........................................................................................40

TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA ......41

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar Stráitéis AE maidir le Comhionannas Inscne**
**(2019/2169(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d'Airteagail 2 agus 3(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE), agus d'Airteagail 6, 8, 10, 83, 153, agus 157 den Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE),

– ag féachaint d'Airteagail 21 agus 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) de, go háirithe sprioc 5 agus a cuspóirí agus táscairí,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan (CEDAW) a Dhíothú an 18 Nollaig 1979,

– ag féachaint do threoracha AE ó 1975 ar aghaidh maidir le gnéithe éagsúla de chóir chomhionann idir mná agus fir (Treoir 79/7/CEE[1], Treoir 86/613/CEE[2], Treoir 92/85/CEE[3], Treoir 2004/113/CE[4], Treoir 2006/54/CE[5], Treoir 2010/18/AE[6] agus Treoir 2010/41/AE[7]),

– ag féachaint do Threoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle[8],

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún an 14 Márta 2012 le haghaidh treoir ó Pharlaimint

---

[1] Treoir 79/7/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1978 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí slándála sóisialta a chur chun feidhme de réir a chéile (IO L 6, 10.1.1979, lch. 24.

[2] Treoir 86/613/CE an 11 Nollaig 1986 maidir le cur i bhfeidhm phrionsabal na córa comhionainne idir mná agus fir a ghabhann do ghníomhaíocht, lena n-áirítear an talmhaíocht, i gcáil fhéinfhostaithe, agus maidir le cosaint do mhná féinfhostaithe le linn toirchis agus máithreachais, IO L 359, 19.12.1986, lch. 56.

[3] Treoir 92/85/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le bearta a thabhairt isteach arb é is aidhm dóibh feabhsúcháin a chur ar aghaidh ag an obair i dtaca le sábháilteacht agus sláinte oibrithe toircheasacha agus oibrithe atá tar éis leanbh a shaolú nó atá i mbun beathú cíche, IO L 348 , 28.11.1992 lch. 1.

[4] Treoir 2004/113/CE ón gComhairle an 13 Nollaig 2004 lena gcuirtear i bhfeidhm prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná maidir le rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí agus maidir le soláthar earraí agus seirbhísí, IO L 373, 21.12.2004, lch. 37.

[5] Treoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha, IO L 204, 26.7.2006, lch. 23.

[6] Treoir 2010/18/AE ón gComhairle an 8 Márta 2010 lena ndéantar an Comhaontú Réime athbhreithnithe um shaoire do thuismitheoirí a thug BUSINESSEUROPE, UEAPME, CEEP agus CEC chun críche a chur chun feidhme agus lena n-aisghairtear Treoir 96/34/CE, IO L 68, 18.3.2010, lch. 13.

[7] Treoir 2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm agus lena n-aisghairtear Treoir 86/613/CEE ón gComhairle, IO L 180, 15.7.2010, lch. 1.

[8] IO L 188, 12.7.2019, lch. 79.

na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne i measc stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin cuideachtaí a liostaítear ar stocmhalartáin agus bearta gaolmhara (An Treoir maidir le Mná ar Bhoird) (COM(2012)0614),

– ag féachaint do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (Coinbhinsiún Iostanbúl),

– ag féachaint don togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle an 4 Márta 2016 maidir le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (COM(2016)0109), a thabhairt i gcrích,

– ag féachaint do Dhoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin an 6 Márta 2019 dar teideal 'Tuarascáil 2019 maidir le comhionannas idir mná agus fir in AE' (SWD(2019)0101),

– ag féachaint don rún uaithi an 13 Feabhra 2020 maidir le tosaíochtaí AE don 64ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe ar Stádas na mBan[9],

– ag féachaint don rún uaithi an 30 Eanáir 2020 maidir leis an mbearna phá idir na hinscní[10],

– ag féachaint dá rún an 13 Feabhra 2019 maidir le frithfhreagairt i gcoinne chearta na mban agus an chomhionannais inscne in AE[11],

– ag féachaint do rún uaithi an 28 Samhain 2019 maidir le haontachas AE le Coinbhinsiún Iostanbúl agus bearta eile chun foréigean inscnebhunaithe a chomhrac[12],

– ag féachaint do rún uaithi an 17 Aibreán 2018 maidir le comhionannas inscne in earnáil na meán in AE[13],

– ag féachaint don Innéacs Comhionannais Inscne 2019 ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), a foilsíodh an 15 Deireadh Fómhair 2019,

– ag féachaint dá rún an 15 Eanáir 2019 maidir le comhionannas inscne agus beartais chánach in AE[14],

– ag féachaint dá rún an 13 Márta 2018 maidir le comhionannas i gcomhaontuithe trádála AE[15],

– ag féachaint dá rún an 3 Deireadh Fómhair 2017 maidir le cumhachtú eacnamaíoch na mban sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí in AE[16],

---

[9] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0039.
[10] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0025.
[11] Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0111.
[12] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2019)0080.
[13] IO C 390, 18.11.2019, lch. 19.
[14] Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0014.
[15] IO C 162, 10.5.2019, lch. 9.
[16] IO C 346, 27.9.2018, lch. 6.

– ag féachaint don rún uaithi an 14 Meitheamh 2017 maidir le Straitéis AE chun deireadh a chur leis an mbearna phinsin idir na hinscní agus í a chosc[17],

– ag féachaint dá rún an 14 Márta 2017 maidir le comhionannas idir mná agus fir san Aontas Eorpach in 2014-2015[18],

– ag féachaint don rún uaithi an 14 Feabhra 2017 maidir le comhionannas inscne sa mheabhairshláinte agus sa taighde cliniciúil a chur chun cinn[19],

– ag féachaint do Choinbhinsiún 100 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS), 1951, maidir le Luach Saothair Comhionann, agus do Choinbhinsiún 190 EIS, 2019, maidir le Foréigean agus Ciapadh,

– ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún an 7 Márta 2014 maidir le neart a chur le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná trí thrédhearcacht[20],

– ag féachaint do Rannpháirtíocht Straitéiseach an Choimisiúin le haghaidh Comhionannais Inscne 2016-2019,

– ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin an 20 Samhain 2017 dar teideal 'Plean Gníomhaíochta AE 2017-2019: Ag dul i ngleic leis an mbearna phá idir na hinscní' (COM(2017)0678),

– ag féachaint do Thuarascáil 2019 ón gCoimisiúin maidir le comhionannas idir mná agus fir in AE,

– ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle an 13 Meitheamh 2019 dar teideal 'An Bhearna Phá idir na hInscní a Dhúnadh: Príomhbheartais agus Príomhbhearta',

– ag féachaint don rún uaithi an 26 Bealtaine 2016 maidir leis an mbochtaineacht: gné na hinscne[21],

– ag féachaint don rún uaithi an 16 Samhain 2017 maidir le neamhionannais a chomhrac mar mhodh éifeachtach chun borradh a chur faoi chruthú post agus faoin bhfás[22],

– ag féachaint don rún an 26 Feabhra 2014 uaithi maidir le teacht i dtír gnéasach agus striapachas agus a thionchar ar chomhionannas inscne[23],

– ag féachaint don rún uaithi an 19 Eanáir maidir le tosca seachtracha arb é atá iontu constaicí ar fhiontraíocht na mban san Eoraip[24],

– ag féachaint don rún uaithi an 4 Aibreán 2017 maidir le mná agus a róil i gceantair

[17] IO C 331, 18.9.2018, lch. 60.
[18] IO C 263, 25.7.2018, lch. 49.
[19] IO C 252, 18.7.2018, lch. 99.
[20] IO L 69, 8.3.2014, lch. 112.
[21] IO C 76, 28.2.2018, lch. 93.
[22] IO C 356, 4.10.2018, lch. 89.
[23] IO C 285, 29.8.2017, lch. 78.
[24] IO C 11, 12.1.2018, lch. 35.

thuaithe[25],

– ag féachaint don rún uaithi an 15 Samhain 2018 maidir le seirbhísí cúraim in AE le haghaidh comhionannas inscne níos fearr a bhaint amach[26],

– ag féachaint don rún uaithi an 17 Aibreán 2020 maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac[27],

– ag féachaint don rún uaithi an 16 Eanáir 2018 maidir le mná, comhionannas inscne agus ceartas aeráide[28],

– ag féachaint don rún uaithi an 28 Aibreán 2016 maidir le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban sa ré dhigiteach[29],

– ag féachaint don rún uaithi an 9 Meitheamh 2015, maidir le Straitéis AE le haghaidh comhionannas idir mná agus fir i ndiaidh 2015[30],

– ag féachaint do chonclúidí na Comhairle an 10 Nollaig 2019 maidir le Comhionannas Inscne i nGeilleagair an Aontais: An Bealach chun Tosaigh,

– ag féachaint don Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus, go háirithe, prionsabail 1, 2, 3, 6, 9, 11, 12 agus 15 de,

– ag féachaint do Plean Gníomhaíochta II AE maidir le hInscne agus don Doiciméad Inmheánach Oibre Comhpháirteach dar teideal – 'Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan: Saol na gCailíní agus na mBan a Bhunathrú chun Feabhais trí Chaidreamh Seachtrach an Aontais Eorpaigh 2016-2020' (SWD(2015)0182),

– ag féachaint do Dhearbhú agus Ardán Bhéising le haghaidh Gníomhaíochta agus do thorthaí a chomhdhálacha athbhreithnithe,

– ag féachaint don Chomhdháil Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt (ICPD), dá Chlár Gníomhaíochta agus do thorthaí a chomhdhálacha athbhreithnithe,

– ag féachaint do Chomhaontú Pháras 2016 maidir le Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCC) agus do chlár oibre Feabhsaithe Lima maidir le hinscne agus dá Phlean Gníomhaíochta maidir le hInscne ó mhí na Nollag 2019,

– ag féachaint don suirbhé a rinne Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) dar teideal 'An Foréigean in aghaidh na mBan: suirbhé uile-Aontais', a foilsíodh in 2014,

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal 'A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025' [Aontas Comhionannais: Straitéis

[25] IO C 298, 23.8.2018, lch. 14.
[26] IO C 363, 28.10.2020, lch. 80.
[27] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0054.
[28] IO C 458, 19.12.2018, lch. 34.
[29] IO C 66, 21.2.2018, lch. 44.
[30] IO C 407, 4.11.2016, lch. 2.

Comhionannais Inscne, 2020-2025] (COM(2020)0152),

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 7 Bealtaine 2020 dar teideal 'Dúshláin dhéimeagrafacha in AE i bhfianaise neamhionannais eacnamaíocha agus forbartha',

– ag féachaint don Chairt Eorpach um Chomhionannas idir mná agus fir sa Saol Áitiúil,

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint do na tuairimí ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta, ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas agus ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A9-0234/2020),

A. de bhrí go bhfuil an ceart chun córa comhionainne ina cheart bunúsach sainiúil a aithnítear i gConarthaí an Aontais Eorpaigh agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha, agus go bhfuil sé bunriachtanach chun é a fhorbairt tuilleadh:

B. de bhrí, ar an meán, gur bhain na Ballstáit scór 67.4 amach as 100 in Innéacs Comhionannais Inscne 2019 AE, scór nach bhfuil ach feabhsú 5.4 pointe tagtha air ó 2005;

C. de bhrí go ndéanann struchtúir agus steiréitíopaí díobhálacha ar fud an domhain an éagothroime a bhuanú, agus de bhrí go gcuirfear chun cinn an comhionannas inscne má dhéantar na struchtúir agus na steiréitíopaí sin a bhaint as a chéile; de bhrí nach amháin go dtéann cur chun cinn an chomhionannais inscne agus na hinfheistíochta i measc na mban agus na gcailíní chun tairbhe na sochaí ina hiomláine, ach gur sprioc ann féin é freisin; de bhrí go bhfuil sé tábhachtach scrúdú a dhéanamh ar bhuanseasmhacht agus ar bhunchúiseanna fheiniméan ar a dtugtar 'seolphíobán silteach'; de bhrí go bhfuil gá le gluaiseacht láidir chearta na mban chun tacú le luachanna daonlathacha, le cearta bunúsacha agus le cearta na mban go háirithe, agus de bhrí gur bagairtí ar an daonlathas iad bagairtí ar chearta na mban;

D. de bhrí gur minic a dhéantar idirdhealú ar bhonn inscne a chomhcheangal le hidirdhealú atá bunaithe ar fhéiniúlachtaí amhail gnéas, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, airíonna géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne agus léiriú inscne, agus stádas aicme agus/nó imirce a spreagann idirdhealú dúbailte agus il-idirdhealú; de bhrí go bhfuil gné chothrománach trasnach bunriachtanach in aon bheartas comhionannais inscne chun na bagairtí iomadúla idirdhealaithe sin a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu; de bhrí nár bhain beartais AE leas as cur chuige trasnach go dtí seo agus gur dhírigh siad den chuid is mó ar ghné aonair an idirdhealaithe, rud nach dtugann aghaidh ar ghnéithe institiúideacha, struchtúracha agus stairiúla an idirdhealaithe; de bhrí nach amháin go gcuirtear ar ár gcumas bacainní struchtúracha a thuiscint má chuirtear anailís thrasnach i bhfeidhm, ach go gcuirtear fianaise ar fáil leis sin freisin chun tagarmharcanna a chruthú agus bealach a leagan amach i dtreo beartais straitéiseacha agus éifeachtacha i gcoinne idirdhealú sistéamach, eisiaimh agus neamhionannais inscne, agus de bhrí nach mór aghaidh a

thabhairt leis na hiarrachtaí sin ar gach cineál idirdhealaithe chun comhionannas inscne a bhaint amach do gach bean;

E. de bhrí go bhfuil reachtaíocht thábhachtach glactha ag AE agus go bhfuil dul chun cinn ríthábhachtach déanta aige i dtreo comhionannas inscne a bhaint amach; de bhrí, áfach, go bhfuil moill tagtha ar na hiarrachtaí sin le blianta beaga anuas, agus borradh tagtha faoi na gluaiseachtaí a chuireann i gcoinne beartais chomhionannais inscne agus bheartais chearta na mban, agus na gluaiseachtaí sin ag iarraidh róil thraidisiúnta inscne a athbhunú mar ghnáthchleachtas, ag ceistiú an *status quo* agus ag cur bac ar thuilleadh dul chun cinn; de bhrí go ndéanann na gluaiseachtaí sin a chuireann i gcoinne beartais chomhionannais inscne, éagsúlacht teaghlaigh, pósadh comhghnéis, sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR), chomh maith le príomhshruthú inscne, iarracht tionchar a imirt ar cheapadh beartas náisiúnta agus Eorpach chun cearta bunúsacha atá bunaithe cheana a rolladh siar, ar bhealach arb ábhar imní é, agus de bhrí gurb ionann i gcónaí bagairtí ar chearta na mban agus bagairtí ar an daonlathas agus ar dhul chun cinn sóisialta agus eacnamaíoch;

F. de bhrí gur cearta bunúsacha na mban iad cearta sláinte, go háirithe cearta sláinte gnéis agus atáirgthe, agus gur cheart iad a fheabhsú agus nach féidir iad a laghdú ar bhealach ar bith ná iad a bhaint;

G. de bhrí go bhfuil frithfhreagairt le feiceáil i roinnt Ballstát, lena n-áirítear sna réimsí a bhaineann le cumhachtú eacnamaíoch na mban, agus go bhfuil baol ann go bhféadfadh go dtiocfadh tuilleadh íslithe ar thábhacht an chomhionannais inscne i gclár oibre na mBallstát;

H. de bhrí go bhfuil cineál éigin foréigin fhisiciúil agus/nó gnéis[31] fulaingthe ag bean as gach triúr san Aontas Eorpach atá 15 bliana d’aois nó níos sine, go bhfuil ciapadh gnéasach fulaingthe ag bean amháin as gach beirt agus ciapadh ar líne fulaingthe ag bean amháin as gach deichniúr acu;

I. de bhrí gur sárú ar chearta an duine é an foréigean in aghaidh na mban i ngach foirm de (foréigean fisiciúil, gnéasach, síceolaíoch, eacnamaíoch nó cibearfhoréigean) agus go bhfuil sé ar cheann de na constaicí is mó i mbealach comhionannas inscne a ghnóthú; de bhrí go bhfuil saol saor ó fhoréigean ina réamhriachtanas don chomhionannas; de bhrí gur cineálacha foréigin nach bhfuil tagtha chun solais ach le blianta beaga anuas atá san fhoréigean bunaithe ar inscne sa tsláinte amhail, mar shampla, foréigean obstetriceach agus gínéiceolaíoch, agus de bhrí go bhfuil an foréigean in aghaidh na mban scothaosta fós tearcaitheanta den chuid is mó; de bhrí, mar gheall ar fheachtais bhréagaisnéise chun an bonn a bhaint de chomhionannas inscne, go gcuirtear bac freisin ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le foréigean in aghaidh na mban a dhíothú, mar a chonacthas i ndáil le Coinbhinsiún Iostanbúl, rud is cúis le cur i gcoinne ón bpobal agus cinntí polaitiúla díobhálacha i roinnt Ballstát;

J. de bhrí go bhfuil an gháinneáil ar dhaoine ar cheann de na sáruithe is mínáirí ar chearta bunúsacha agus ar dhínit an duine; de bhrí gurb ionann mná agus cailíní agus 80 % d’íospartaigh chláraithe na gáinneála agus 95 % d’íospartaigh chláraithe na gáinneála chun críocha teacht i dtír gnéasach; de bhrí gur brainse méadaitheach den choireacht

[31] Suirbhé FRA 2014, an ceann is cuimsithí ar leibhéal AE sa réimse, bunaithe ar shonraí ó 28 mBallstát.

eagraithe í an gháinneáil ar dhaoine, ar cineál sclábhaíochta agus sárú ar chearta an duine í, agus gur le mná agus le leanaí den chuid is mó a bhaineann sí, go háirithe chun críche teacht i dtír gnéasach; de bhrí go gcuireann an margadh striapachais leis an ngáinneáil ar mhná agus ar leanaí, agus go gcuireann sé leis an bhforéigean ina gcoinne; de bhrí nach mór do na Ballstáit a mbeartais shóisialta agus eacnamaíocha a dhearadh ar bhealach lena gcabhrófaí le mná agus cailíní leochaileacha an striapachas a fhágáil, lena n-áirítear trí bheartais shóisialta agus eacnamaíocha shonracha a thabhairt isteach atá deartha chun cabhrú leo;

K. de bhrí go bhfuil cúiseanna struchtúracha leis an mbochtaineacht agus leis an eisiamh sóisialta, ar cúiseanna iad is gá a dhíothú agus a aisiompú, go háirithe trí bheartais maidir le fostaíocht, tithíocht, soghluaisteacht agus rochtain ar sheirbhísí poiblí; de bhrí gur cineál sclábhaíochta atá i striapachas agus gáinneáil ar dhaoine, go háirithe ar mhná agus ar leanaí, ar mhaithe le teacht i dtír gnéasach agus nach luíonn siad le dínit an duine, go háirithe i dtíortha ina ndearnadh tionscal dleathach den tionscal gnéis; de bhrí, mar thoradh ar an méadú ar choireacht eagraithe agus ar a brabúsacht, go bhfuil méadú ag teacht ar an ngáinneáil ar dhaoine ar fud an domhain; de bhrí go gcuireann an margadh striapachais leis an ngáinneáil ar mhná agus ar leanaí, agus go gcuireann sé leis an bhforéigean ina gcoinne, go háirithe i dtíortha ina ndearnadh tionscal dleathach den tionscal gnéis;

L. de bhrí, dar leis na Náisiúin Aontaithe, go bhfulaingíonn beagnach 35 % de mhná ar fud an domhain ciapadh síceolaíoch nó gnéaschiapadh san ionad oibre nó ciapadh a bhfuil iarmhairtí tábhachtacha aige ar thoilmhianta pearsanta agus gairmiúla, agus go ndéanann sé dochar d’fhéinmheas na mban, chomh maith lena staid i gcaibidlíochta maidir le luach saothair níos cothroime; de bhrí gur réamhriachtanas buntábhachtach iad luach saothair cóir agus neamhspleáchas eacnamaíoch chun cur ar chumas na mban caidreamh drochídeach agus foréigneach a fhágáil;

M. de bhrí nach féidir comhionannas idir fir agus mná a bhaint amach ach amháin trína gcomhionannas os comhair an dlí a áirithiú, chomh maith le comhdheiseanna maidir le rochtain ar oideachas, ar oiliúint agus ar fhostaíocht;

N. de bhrí go mbíonn tionchar fós ag róil agus steiréitíopaí inscne ar roinnt an tsaothair sa bhaile, san oideachas, san ionad oibre agus sa tsochaí; de bhrí gur mná is mó a dhéanann cúram gan phá agus obair tí, rud a mbíonn tionchar aige ar a bhfostaíocht agus ar a ndul chun cinn gairme agus a chuireann leis an mbearna phá agus phinsin idir na hinscní; de bhrí gur céadchéimeanna tábhachtacha iad bearta maidir le cothromaíocht oibre is saoil, amhail Treoir (AE) 2019/1158[32] (an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil), ar bearta iad nach mór do na Ballstáit, thar aon ní eile, a thrasuí go cuí, a chur chun feidhme go hiomlán in am agus a chomhlánú freisin le bearta breise chun go mbeadh níos mó fear rannhpáirteach in obair gan phá, agus béim á leagan ar an tábhacht chomhionann a bhaineann leis an obair sin nuair a chuirtear i gcomparáid le hobair ghairmiúil agus le dualgais chúraim í, agus chun an tsamhail ‘saothraí comhionann – cúramóir comhionann’ a chothú; de bhrí go gcuireann struchtúir thraidisiúnta, obair chúraim gan phá agus dídhreasuithe i mbeartais chánach náisiúnta le mná a bheith á mbrú i stádas an dara duine atá ag tuilleamh nó a bheith á gcoinneáil sa stádas sin, rud a

[32] Treoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2020 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle (IO L 188, 12.7.2019, lch 79.

bhfuil iarmhairtí diúltacha aige do mhná agus dá neamhspleáchas eacnamaíoch, agus don tsochaí ina hiomláine;

O. de bhrí go léirítear i meastacháin gurb iad cúramóirí neamhfhoirmiúla, ar mná iad den chuid is mó (75 %), a sholáthraíonn 80 % den chúram ar fud an Aontais, rud a léiríonn gurb ann do bhearna chúraim idir na hinscní a bhfuil tionchar láidir aici ar an mbearna phinsin idir na hinscní; de bhrí go bhfuil níos mó ná 50 % de chúramóirí atá faoi bhun 65 bliana d'aois i mbun cúraim agus i mbun fostaíochta, rud a fhágann go mbíonn deacrachtaí acu ó thaobh cothromaíocht oibre is saoil de; de bhrí gur minic cúramóirí fostaithe i bpoist ar bheagán oiliúna agus ar phá íseal, ar poist iad ar féidir iad a oiriúnú dá sceideal cúraim, mar aon le dualgas a bheith orthu a n-uaireanta oibre a laghdú nó obair ar íocaíocht a fhágáil; de bhrí go laghdaíonn idir 7 % agus 21 % de chúramóirí neamhfhoirmiúla a n-uaireanta oibre, agus go dtarraingíonn idir 3 % agus 18 % díobh siar ón margadh saothair; de bhrí go bhfuil difríochtaí móra ann i soláthar an chúraim ardcháilíochta in AE, laistigh de na Ballstáit agus eatarthu, idir suíomhanna príobháideacha agus poiblí, ceantair uirbeacha agus thuaithe, agus aoisghrúpaí éagsúla; de bhrí go bhfuil sonraí maidir le soláthar cúraim in AE measartha ilroinnte agus go bhfuil chur chuige iomlánaíoch in easnamh, ar cur chuige é lena dtabharfaí aghaidh ar na dúshláin dhéimeagrafacha ar fad atá roimh AE agus ar an mbrú a chuireann siad ar an gcaiteachas poiblí;

P. de bhrí go bhfuil easnaimh ann maidir le córais cúraim leanaí a mheaitseáil sna Ballstáit éagsúla le riachtanais tuismitheoirí, lena n-áirítear tuismitheoirí aonair (máithreacha aonair den chuid is mó), agus go bhfuil deacrachtaí fós ann an saol teaghlaigh, an saol príobháideach agus an saol gairmiúil a thabhairt chun réitigh, go háirithe i gcás na mban; de bhrí gur minic a mheastar go bhfuil mná os cionn 45 bliana d'aois tearcfhostaithe agus foataithe faoi dhálaí atá i bhfad níos measa ná dálaí na bhfear, go háirithe nuair a fhilleann siad ar an obair tar éis saoire mháithreachais nó saoire do thuismitheoirí nó nuair a bhíonn orthu réiteach a dhéanamh idir an obair agus cúram do chleithiúnaithe;

Q. de bhrí, chun cothromaíocht oibre is saoil a chur chun cinn, ba cheart go soláthrófaí córas tomhaiste le haghaidh saoire a bhaineann le cúram, ar córas é a bhfuil áiseanna cúraim ardcháilíochta atá inrochtana go héasca agus inacmhainne ag gabháil leis, agus ba cheart caiteachas ar na saoráidí sin a mheas mar chuid d'infheistíochtaí bonneagair; de bhrí gur réamhchoinníoll iad na seirbhísí sin do rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair agus i bpoist cheannaireachta san eolaíocht agus sa taighde;

R. de bhrí gur ceart í an chosaint mháithreachais nach mór seasamh leis go hiomlán, agus de bhrí gur cheart gurbh ann go hiarbhír do mhéadú ar thréimhsí saoire máithreachais lena ngabhann cearta iomlána agus pá ar 100 %;

S. de bhrí nach ráthaítear i gcónaí an ceart chun pá comhionann as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach, fiú amháin má tá sé cumhdaithe sa dlí; de bhrí gur sócmhainn thábhachtach í an chómhargáil chun neamhionannais idir fir agus mná i margadh an tsaothair a aisiompú agus a shárú; de bhrí gurb ionann an bhearna inscne maidir le pá in aghaidh na huaire an chloig agus 16 %, cé go bhfuil éagsúlachtaí suntasacha i gceist idir na Ballstát; de bhrí go n-ardaíonn an bhearna phá idir na hinscní go 40 % nuair a chuirtear rátaí fostaíochta agus rannpháirtíocht fhoriomlán sa mhargadh saothair san áireamh; de bhrí go n-áirítear le hiarmhairtí na bearna pá idir na hinscní

bearna 37 % in ioncam pinsin; de bhrí, maidir le rannpháirtíocht i margadh an tsaothair, go bhfuil 8% d'fhir in AE ag obair go páirtaimseartha i gcomparáid le 31 % de mhná, rud a léiríonn neamhionannais leanúnacha, ar neamhionannais iad ar gá dul i ngleic leis na bunchúiseanna atá leo;

T. de bhrí go bhfuil bearnaí leanúnacha inscne ann a d'fhéadfadh mná a chur i staideanna leochaileacha nó neamhbhuana, cé go bhfuil méadú tagtha ar rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair; de bhrí gurb ionann an bhearna fostaíochta idir na hinscní in AE agus 11.6 %[33]; de bhrí go bhfuil mná faoi ghannionadaíocht in earnálacha dea-íoctha agus i bpoist chinnteoireachta, agus go n-oibríonn siad níos minice i bpoist a bhfuil siad rócháilithe dóibh, agus go mbaineann duine as gach cúigear oibrithe ar mna iad in AE leis an ngrúpa pá is ísle, i gcomparáid le fear amháin as gach deichniúr fear; de bhrí go n-áirítear le hiarmhairtí na bearna pá idir na hinscní bearna 37 %[34] in ioncam pinsin, staid a mhairfidh ar feadh na mblianta fada amach anseo, agus leibhéal éagothrom neamhspleáchais eacnamaíoch idir mná agus fir; de bhrí go bhfuil gá le hiarrachtaí uaillmhianacha chun na bearnaí inscne sin ar fad a dhúnadh;

U. de bhrí gurb ann do rannpháirtíocht neamhchothrom na mban i gcinnteoireacht nó i gcúrsaí pá mar thoradh ar a ngannionadaíocht sa mhargadh saothair, rud a chuireann srian, dá bhrí sin, ar chumas na mban struchtúir eacnamaíocha, pholaitiúla, shóisialta agus chultúrtha a athrú; de bhrí go bhfuil deighilt ingearach agus chothrománach i ngairmeacha agus cleachtais idirdhealaitheacha maidir le hearcaíocht agus ardú céime ar cheann de na príomhchúiseanna leis an mbearna phá idir na hinscní; de bhrí go bhfuil sé léirithe gur bearta éifeachtúla iad cuótaí inscne, zipchórais agus smachtbhannaí ina dhiaidh sin i gcásanna neamhchomhlíonta nó i gcásanna nósanna imeachta neamhfheidhmiúla chun paireacht a dhaingniú agus chun oibriú i gcoinne caidreamh cumhachta éagothrom;

V. de bhrí go bhfuil argóint eacnamaíoch ann i bhfabhar rannpháirtíocht iomlán na mban sa gheilleagar, mar go gcosnaíonn an bhearna fostaíochta idir na hinscní EUR 370 billiún ar an Eoraip in aghaidh na bliana[35];

W. de bhrí go bhfuil rochtain ar fhaisnéis chuimsitheach agus oiriúnach don aois, agus ar oideachas gnéis agus caidrimh, chomh maith le rochtain ar chúram sláinte gnéis agus atáirgthe agus ar chearta, lena n-áirítear pleanáil teaghlaigh, modhanna frithghiniúna agus ginmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil bunriachtanach chun comhionannas inscne a bhaint amach agus chun deireadh a chur le foréigean bunaithe ar inscne; de bhrí gur cineál foréigin in aghaidh na mban iad sáruithe ar SRHR na mban, lena n-áirítear cúram ginmhillte atá sábháilte agus dlíthiúil a shéanadh orthu; de bhrí, maidir le hoideachas cuimsitheach gnéasachta agus oideachas caidrimh agus neamhspleáchas na gcailíní agus na mban i dtaobh cinntí a dhéanamh go saor agus go neamhspleách i dtaca lena gcorp agus a saol, gur réamhchoinníollacha iad chun neamhspleáchas eacnamaíoch a bheith ag cailíní agus mná agus, dá bhrí sin, chun comhionannas inscne a bheith ann agus

---

[33] Teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Aontas an Chomhionannais: Straitéis Chomhionannais Inscne, 2020-2025' (COM(2020)0152).

[34] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Eanáir 2020 maidir leis an mbearna phá idir na hinscní (Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0025).

[35] https://www.eurofound.europa.eu/news/news-articles/gender-employment-gap-costs-europe-eu370-billion-per-year

deireadh a chur le foréigean inscne;

X. de bhrí go raibh mná chun tosaigh sa chomhrac i gcoinne phaindéim COVID-19, agus de bhrí go bhfuil tionchar díréireach ag an ngéarchéim atá ann faoi láthair ar mhná, ar chailíní agus ar chomhionannas inscne; de bhrí go n-áirítear ar na tionchair sin nithe ó mhéadú imníoch ar an bhforéigean agus ar chiapadh bunaithe ar inscne, ar fhreagrachtaí cúraim agus baile atá gan phá agus neamhchothrom, trí rochtain shrianta ar SRHR, go tionchair ollmhóra eacnamaíocha agus oibre do mhná, go háirithe oibrithe cúraim sláinte, cúramóirí agus oibrithe in earnálacha eile baineannaithe agus neamhbhuana; de bhrí go bhfuil gá le bearta sonracha chun é sin a fhrithchothromú; de bhrí gur cheart cláir théarnaimh nó cistí aistrithe a leithdháileadh ar bhealach atá cothrom ó thaobh na hinscne de; de bhrí go bhfuil sé cruthaithe go ndearna bearta déine dochar do mhná, do chearta na mban agus do chomhionannas inscne san am a chuaigh thart;

Y. de bhrí gur réamhriachtanas é urraim do shaoirsí bunúsacha agus do chearta an duine, lena n-áirítear comhionannas inscne, chun léirithe cultúrtha agus oideachais éagsúla a chruthú agus a dháileadh, ós rud é go mbíonn tionchar suntasach ag gach earnáil chultúrtha agus chruthaitheach ar ár gcreideamh, ár luachanna agus ar an dearcadh atá againn i leith saincheisteanna inscne;

Z. de bhrí go bhfuil roinnt bacainní ar mhná agus ar chailíní i réimse an spóirt agus nach amháin go bhfulaingíonn ó fhoréigin, ach go ndéantar idirdhealú orthu maidir le pá, airgead duaise agus dálaí oibre freisin, agus go bhfuil siad faoi ghannionadaíocht fhorleathan ar bhoird na n-eagraíochtaí spóirt agus ar na meáin;

AA. de bhrí nach mná iad agus ach 34.4 % de dhaoine féinfhostaithe in AE agus 30 % d'fhiontraithe nuathionscanta;

AB. de bhrí go ndéanann an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta san Eoraip difear díréireach do mhná, go háirithe máithreacha aonair, mná faoi mhíchumas, mná scothaosta, mná ó cheantair thuaithe agus iargúlta, agus mná ar imircigh agus ar mná de mhionlaigh eitneacha iad; de bhrí gur teaghlaigh aontuismitheora iad 15 % de theaghlaigh le leanaí ar leibhéal AE; de bhrí, ar an meán, gurb iad máithreacha singile a ritheann 85 % de na teaghlaigh sin, agus go raibh 47 % de theaghlaigh aontuismitheora i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta in 2017; de bhrí go bhfuil easpa dídine i measc na mban ina fadhb atá ag méadú; de bhrí go bhfuil bac fós sa Chomhairle ar an Treoir maidir le Frith-Idirdhealú, ar treoir í a chuirfeadh cosaint níos fearr ar fáil trí chur chuige cothrománach;

AC. de bhrí gur réamhriachtanas iad an comhionannas inscne agus cuimsiú na mban sa chinnteoireacht don fhorbairt inbhuanaithe agus do bhainistiú éifeachtúil na ndúshlán aeráide chun aistriú cothrom agus cóir a bhaint amach nach bhfágfadh aon duine ar lár; de bhrí go bhfuil an ghéarchéim aeráide ag cur leis an neamhionannas inscne agus go bhfuil sé níos deacra ceartas inscne a bhaint amach dá bharr; de bhrí nach ionann an tionchar a bhíonn ag an athrú aeráide ar mhná agus a bhíonn ar dhaoine eile, ós rud é go bhfuil mná níos leochailí agus go mbíonn rioscaí níos airde agus ualaí níos troime orthu ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear rochtain mhíchothrom ar acmhainní, oideachas, deiseanna fostaíochta agus cearta talún, noirm shóisialta agus chultúrtha, steiréitíopaí agus a n-eispéiris trasnacha éagsúla; de bhrí nach mór, sa ghníomhú ar son na haeráide, go n-áireofaí gné inscne agus gné thrasnach; de bhrí nach mór cearta na mban a neartú

chun éifeachtaí an athraithe aeráide ar mhná a mhaolú, agus go gcaithfear deiseanna a chruthú chun a éascú go mbeidh róil níos láidre ag mná sa phlé agus i gcinntí maidir leis an athrú aeráide, mar cheannairí, gairmithe agus gníomhairí teicniúla don athrú aeráide;

AD. de bhrí gurb iomaí dúshlán a bhíonn roimh mhná i gceantair thuaithe, lena n-áirítear caighdeáin mhaireachtála níos ísle, deiseanna fostaíochta níos teoranta, leithlisiú ó na margaí i gcomparáid le dreamanna eile, rochtain theoranta ar bhonneagar, lena n-áirítear bonneagar tuaithe, seirbhísí poiblí agus cúram sláinte, rochtain ar oideachas (lena n-áirítear oideachas gnéasachta) agus faisnéis faoi dheiseanna oideachais, agus go bhfuil siad faoi ghannionadaíocht i bhfóraim chinnteoireachta; de bhrí gur féidir leo obair dhofheicthe a dhéanamh ar fheirmeacha mar gheall ar easpa stádais fhoirmiúil do chéilithe cuidithe, rud a fhágann go mbíonn fadhbanna ann maidir lena n-obair a aithint sna córais náisiúnta;

AE. de bhrí go bhfuil 46 mhilliún bean agus cailín faoi mhíchumas ina gcónaí san Aontas Eorpach; de bhrí gurb ionann an figiúr sin agus beagnach 60 % de dhaonra iomlán na ndaoine faoi mhíchumas; de bhrí gur mó duine a fhágtar faoi mhíchumas dá shine an duine;

AF. de bhrí gur i gcás níos mó ná leath de mhná faoi mhíchumas, go bhfuil siad neamhghníomhach go heacnamaíoch; de bhrí go bhfuil ráta géardhíthe ábhartha do mhná faoi mhíchumas níos airde i ngach Ballstát ná mar atá an ráta do mhná nach bhfuil faoi mhíchumas;

AG. de bhrí go nochtar in Innéacs Comhionannais Inscne 2019 éagothromaíochtaí buanseasmhacha idir fir agus mná san earnáil dhigiteach agus go leagtar béim ann ar an ngá atá le gné inscne a bheith san áireamh agus measúnú tionchair inscne a dhéanamh ar na beartais uile lena dtugtar aghaidh ar an gclaochlú digiteach; de bhrí go bhfuil sé fíorthábhachtach an bhearna dhigiteach inscne a dhúnadh trí rochtain níos fearr ar an teicneolaíocht agus ar an idirlíon do chailíní agus do mhná; de bhrí gur acmhainn neamhshaothraithe iad na mná i réimsí atá ag teacht chun cinn, amhail an teicneolaíocht dhigiteach, an intleacht shaorga agus an teiceolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC), agus nach ina mná iad ach 16 % de na hocht milliún duine, nach mór, atá ag obair in TFC san Eoraip; de bhrí go bhfuil céatadán na bhfear atá ag obair san earnáil dhigiteach trí oiread níos mó ná cion na mban; de bhrí go bhfuil sé ríthábhachtach dlús a chur le níos mó ban a fhostú san earnáil dhigiteach agus in earnálacha eile amach anseo chun na bearnaí inscne pá agus pinsin a chomhrac agus chun a neamhspleáchas eacnamaíoch a ráthú, chomh maith le deiseanna nua fostaíochta a chruthú, lena n-áirítear do ghrúpaí a eisiatar de ghnáth ón margadh saothair; de bhrí, i ndáil leis sin, go bhfuil sé ríthábhachtach go spreagfaí rannpháirtíocht na mban san fhiontraíocht dhigiteach, san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht agus sa mhatamaitic (STEM) agus in oideachas agus fostaíocht ITC; de bhrí, trí níos mó ban a lánpháirtiú i margadh na bpost digiteach, go fhéadfaí borradh OTI ar luach EUR 16 bhilliún a chur faoi gheilleagar na hEorpa; de bhrí go ndearnadh neamhionannais inscne agus idirdhealú a athchruthú trí dhearadh, ionchur agus úsáid intleachta saorga (IS); de bhrí gur féidir le tacair sonraí atá neamhiomlán agus claontacht mhícheart réasúnú an chórais intleachta saorga a shaobhadh agus comhionannas inscne sa tsochaí a chur i mbaol;

AH. de bhrí go bhfuil sé bunriachtanach sonraí imdhealaithe ó thaobh inscne a bhailiú chun neamhionannais a dhéanamh infheicthe agus chun beartais spriocdhírithe a chruthú,

agus go bhfuil sé ríthábhachtach do chur chuige inscnedhírithe i leith gach saincheiste atá i gceist, amhail, i measc nithe eile, foréigean bunaithe ar inscne, míchumais, ailse agus galair neamhchoitianta nó ainsealacha, tionchar an athraithe aeráide, scileanna digiteacha agus STEM; de bhrí go bhfuil sonraí inscne-íogaire fós in easnamh i réimsí éagsúla de bheartais AE agus na mBallstát;

AI. de bhrí go bhfuil mná faoi ghannionadaíocht dhíréireach sna meáin nuachta agus faisnéise; de bhrí go ndéanann léiriú neamhchothrom na mban agus na bhfear steiréitíopaí a bhuanú sna meáin, ar steiréitíopaí iad a dhéanann difear d'íomhá na mban agus na bhfear;

AJ. de bhrí go bhfuil príomhshruthú inscne, buiséadú inscne agus measúnuithe tionchair inscne ina n-uirlisí ríthábhachtacha do ghnóthú an chomhionannais inscne i ngach réimse beartais AE; de bhrí go dtugtar aghaidh ar chomhionannas inscne i mbeartais AE trí chistí agus ionstraimí éagsúla, agus de bhrí gur uirlis an-tábhachtach é sineirgí optamacha eatarthu a chumasú; de bhrí go bhfuil sé sin thar a bheith tábhachtach do na bearta socheacnamaíocha a rinneadh tar éis ghéarchéim sláinte COVID-19, lena n-áirítear Plean Téarnaimh an Aontais;

AK. de bhrí go bhfuil an straitéis um chomhionannas inscne 2020-2025 agus neartú na mbeartas atá íogair ó thaobh inscne de ar leibhéal an Aontais bunriachtanach chun a áirithiú nach leathnóidh tionchar ghéarchéim COVID-19 neamhionannas inscne agus go rannchuidíonn na freagairtí le hidirdhealú in aghaidh na mban a laghdú;

AL. de bhrí go raibh tionchar ag géarchéim COVID-19 ar oibrithe gnéis freisin, rud a mhéadaigh an baol go gcaillfidís ioncam agus go mbeidís i mbochtaineacht, agus go bhfuil easpa leanúnach maidir le creat a bheith ann agus maidir le forfheidhmiú a gcearta daonna mar príomhthréith di;

AM. de bhrí go bhfuil gníomhaíocht aontaithe bunriachtanach chun cearta na mban san Eoraip a chóineasú suas agus a chomhchuibhiú trí chomhaontú láidir idir na Ballstáit a bhaint amach tríd an reachtaíocht agus na dea-chleachtais is uaillmhianaí atá i bhfeidhm faoi láthair san Aontas a roinnt agus a chur i bhfeidhm;

AN. de bhrí, cé gurb ann do Choimisinéir atá freagrach go heisiach as Comhionannas agus go bhfuil coiste ag Parlaimint na hEorpa atá tiomnaithe do Chearta na mBan agus don Chomhionannas Inscne, nach bhfuil aon fhoirmíocht shonrach sa Chomhairle maidir le Comhionannas Inscne agus nach bhfuil aon fhóram tiomnaithe do phlé ag na hairí agus na rúnaithe stáit a bhfuil an comhionannas inscne mar chúram orthu;

*Barúlacha ginearálta*

1. á chur in iúl gur geal léi an teachtaireacht ón gCoimisiún dar teideal 'Aontas an Chomhionannais: Straitéis Comhionannais Inscne 2020-2025', arna thíolacadh in am laistigh den chéad 100 lá den Choimisiún nua, atá ina chomhartha láidir go dtarlóidh plé suntasach polaitiúil faoi bheartais comhionannais inscne Eorpacha agus ina chreat beartais uaillmhianach agus soiléir chun cearta na mban agus comhionannas inscne a bhaint amach tuilleadh, agus chun cur i gcoinne ionsaithe a dhéantar ina n-aghaidh; ag tacú leis an sprioc atá ag an gCoimisiún Aontas Eorpach a bhunú gan idirdhealú ná neamh-chomhionannas struchtúrach, do gach duine ina n-éagsúlacht ar fad; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an cur chuige déach a roghnaíodh, ina bhfuil bearta

spriocdhírithe agus an gealltanas príomhshruthú inscne agus trasnachas a chur chun feidhme ar bhonn comhsheasmhach mar phrionsabail thrasearnálacha, agus á chur in iúl gur geall léi an nasc láidir idir réimsí na hoibre agus deireadh a chur le steiréitíopaí, le claontacht inscne agus le hidirdhealú, agus á iarraidh go mbeidh sásraí láidre faireacháin ann chun rath na straitéise agus a cuid beart a thomhas agus a mheas go rialta;

2. á chur i bhfáth, áfach, go bhfuil gá le cur chuige bunaithe ar dheiseanna laistigh den straitéis um chomhionannas inscne; á iarraidh ar an gCoimisiún 'deiseanna comhionanna do mhná' a ghlacadh mar thúsphointe chun an straitéis a chur i bhfeidhm tuilleadh;

3. á chur in iúl gur geall léi an tosaíocht a thugann an Coimisiún nua agus a Uachtarán don chomhionannas inscne, chomh maith le Coimisinéir tiomnaithe um Chomhionannas a bheith ainmnithe, agus ag fanacht leis an tuarascáil bhliantúil ar chomhionannas mar uirlis mheastóireachta úsáideach chun an dul chun cinn a mheas agus chun na bearnaí atá ann faoi láthair agus na riachtanais maidir le príomhshruthú inscne sa chreat beartais a aimsiú;

4. á chur in iúl gur geall léi gur fógraíodh roinnt tionscnamh comhlántach AE, amhail straitéis Eorpach um mhíchumas le bearta ceangailteacha iar-2020, straitéis LGBTI+ agus Creat AE iar-2020 maidir le Straitéisí um Chomhionannas agus Cuimsiú na Romach, agus á iarraidh go mbeadh creat straitéiseach ann chun iad a nascadh, agus go nglacfaí cur chuige trasnach iontu go léir; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé faireachán a dhéanamh ar na cásanna a bhfuiltear ag tabhairt aghaidh orthu agus a thábhachtaí atá sé an comhionannas inscne agus straitéisí ábhartha eile a chur in oiriúint go solúbtha do thorthaí, mar aon leis na dúshláin a bheidh ann amach anseo, trí úsáid a bhaint as beartais reatha nó uirlisí nua a mholadh, mar a léiríodh le géarchéim COVID-19 a bhí ann le déanaí; á athdhearbhú gur gá dlús a chur le bearta sonracha don neamh-idirdhealú, do chomhionannas agus do chosaint na mban atá faoi réir neamhionannais struchtúraigh inscne, agus á mheabhrú don Choimisiún go bhfuil gá le tuilleadh iarrachtaí a dhéanamh sa treo sin;

5. á chur in iúl gurb oth léi go bhfuil an straitéis fós doiléir maidir le hamlínte i gcomhair roinnt beart, bearta ar díol an-sásaimh iad, agus nach leagtar síos sa straitéis spriocanna nithiúla comhionannais inscne atá le baint amach faoi 2025 ná uirlisí soiléire faireacháin; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, treochlár nithiúil a bhunú ina mbeadh creataí ama, cuspóirí, sásra bliantúil athbhreithnithe agus faireacháin, táscairí soiléire agus intomhaiste ratha agus gníomhaíochtaí spriocdhírithe breise; á iarraidh sa bhreis air sin go gcuirfí treoirlínte ar aghaidh, chomh maith le treochlár maidir leis an mbealach ina bhféadfar an cur chuige trasnach agus an cur chuige príomhshruthaithe inscne a chur chun feidhme, lena n-áirítear buiséadú inscne, go héifeachtach i gceapadh beartais AE, agus go bhforbrófar uirlisí sonracha (amhail táscairí, spriocanna agus uirlisí faireacháin), chomh maith le leithdháileadh acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais, ionas gur féidir iad a chur i bhfeidhm i mbeartais uile AE; á iarraidh go mbeidh amchláir shoiléire ann maidir le forbairt an chreata a fógraíodh don chomhar idir ardáin idirlín, straitéis an Aontais maidir le deireadh a chur leis an ngáinneáil ar dhaoine, an straitéis um chomhionannas inscne sa tionscal closamhairc (mar chuid d'fhochlár MEDIA) agus an feachtas cumarsáide uile-Aontais chun steiréitíopaí inscne a chomhrac;

6. a iarraidh ar an gCoimisiún gealltanais Chlár Oibre 2020 a urramú in aon athbhreithniú agus togra a chur i gcrích in am maidir leis na nithe seo a leanas: bearta ceangailteacha trédhearcachta pá, straitéis AE maidir le cearta íospartach, Creat AE maidir le Straitéisí um Chomhionannas agus Chuimsiú na Romach i ndiaidh 2020, straitéis nua AE chun deireadh a chur leis an ngáinneáil ar dhaoine agus plean gníomhaíochta AE maidir le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban sa chaidreamh seachtrach do 2021-2025;

7. ag tathant ar na Ballstáit an Treoir maidir leis an bhFrith-Idirdhealú a fhormheas agus a chur chun feidhme agus a ráthú go ndíothófar iliomad cineálacha idirdhealaithe trasnacha i mBallstáit uile an Aontais;

8. á mheabhrú di gur gá an t-idirdhealú ilsrathach a chomhrac, go háirithe i gcoinne grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear mná atá faoi mhíchumas, mná dubha, mná imirceacha, mná de mhionlaigh eitneacha agus mná na Romach, mná scothaosta, máithreacha aonair, daoine LADTIA+ agus mná gan dídean, agus á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbainfidh siad tairbhe as na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí de chuid straitéis 2020-2025 AE maidir le comhionannas inscne; á iarraidh ar an gCoimisiún treoirlínte sainráite a leagan síos maidir le cur chun feidhme an chreata thrasnaigh, lenar cheart tús áite a thabhairt do rannpháirtíocht na ngrúpaí a ndéanann na cineálacha trasnacha idirdhealaithe difear dóibh chun measúnú a dhéanamh ar thionchar difreálach na mbeartas agus na ngníomhaíochtaí chun na freagairtí a oiriúnú i ngach réimse atá bunaithe ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe;

9. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i gcomhréir le haidhmeanna na straitéise, gné inscne a ionchorprú go córasach ag gach céim den fhreagairt ar ghéarchéim COVID-19 agus rannpháirtíocht na mban a chur chun cinn ar gach leibhéal den phróiseas cinnteoireachta; á chur i bhfios go láidir go mbeadh sé ina chomhartha mícheart roinnt gnéithe den straitéis nua a chur ar athló agus ag tathant ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, leanúint ar aghaidh leis an straitéis nua; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aird chuí a thabhairt ar riachtanais na mban, agus cistí á ndearadh agus á ndáileadh, ar cistí iad a comhaontaíodh faoin bplean téarnaimh don Eoraip 'NextGenerationEU';

10. á chur i bhfáth gur gá a áirithiú go ndéanfar sonraí imdhealaithe ó thaobh inscne a bhailiú agus a anailísiú ar bhealach iontaofa agus leordhóthanach chun go bhfeidhmeoidh siad mar bhonn don chinnteoireacht trí mhaoiniú, agus acmhainneachtaí EIGE, a áirithiú agus a leathnú;

11. á iarraidh ar na Ballstáit dea-chleachtais a mhalartú go rialta agus gealltanas a thabhairt do chóineasú suas agus do chomhchuibhiú chearta na mban san Eoraip trí na bearta agus na cleachtais náisiúnta is uaillmhianaí atá i bhfeidhm faoi láthair i mBallstáit AE a thabhairt isteach ina reachtaíocht faoi seach;

12. á iarraidh, ina theannta sin, go ndéanfadh EIGE an tInnéacs Comhionannais Inscne a ionchorprú i bpróiseas faireacháin an Choimisiúin, agus go bhforbrófaí táscaire maidir le bearna phinsin idir na hinscní, tar éis do mholtaí a bheith tugtha ag an bParlaimint sa rún uaithi an 14 Meitheamh 2017 maidir leis an ngá atá le straitéis AE chun deireadh a

chur leis an mbearna phinsin idir na hinscní agus í a chosc[36], ar straitéis í nach mór faireachán a dhéanamh uirthi laistigh den straitéis um chomhionannas inscne mar an t-aon straitéis lena dtugtar le chéile na neamhionannais uile a fhulaingíonn mná ar feadh a saoil; á iarraidh freisin go ndéanfar breathnú ar tháscairí eile maidir le bearnaí inscne pá agus cúraim, an deighilt dhigiteach idir na hinscní, etc.;

13. á iarraidh ar an gComhairle foirmíocht a bhunú i ndáil leis an gComhionannas Inscne lena ndéanfaí airí agus rúnaithe stáit atá i gceannas ar chomhionannas inscne a thabhairt le chéile i bhfóram tiomnaithe aonair chun bearta coiteanna agus nithiúla a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin i réimse chearta na mban agus an chomhionannais inscne, agus chun a áirithiú go ndéanfar saincheisteanna comhionannais inscne a phlé ar an leibhéal polaitiúil is airde;

14. á iarraidh ar na Ballstáit foirmíocht fhoirmiúil de chuid na Comhairle a chruthú maidir le Comhionannas Inscne, chun fóram tiomnaithe don phlé a chur ar fáil do na hAirí agus do na Rúnaithe Stáit atá i gceannas ar chomhionannas inscne, agus chun príomhshruthú inscne a éascú ar fud bheartais uile an Aontais, lena n-áirítear beartas fostaíochta agus sóisialta;

15. á chur in iúl gurb oth léi nach ndéantar tagairt i straitéis 2020-2025 maidir le comhionannas inscne do chosaint na mban agus na gcailíní atá i mbaol eisiaimh shóisialta, bochtaineachta agus easpa dídine; á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin sa Phlean Gníomhaíochta um Lánpháirtiú agus um Chuimsiú atá le teacht, chun nach ndéanfar na mná sin a eisiamh ó bheartais shóisialta agus eacnamaíocha, rud a chuirfeadh tuilleadh le fáinne fí na bochtaineachta;

16. á iarraidh ar an gComhairle conclúidí ón gComhairle a ghlacadh chun an straitéis um chomhionannas inscne a fhormheas agus gníomhaíochtaí nithiúla a shainaithint chun í a chur chun feidhme;

***Foréigean in aghaidh na mban agus foréigean inscnebhunaithe a dhíothú***

17. ag tacú le gealltanas an Choimisiúin foréigean inscnebhunaithe a chomhrac, tacú le híospartaigh na gcoireanna sin agus iad a chosaint, agus a áirithiú go dtabharfar na daoine atá freagrach astu chun cuntais as a gcoireanna; ag tacú le plean an Choimisiúin leanúint de stocaireacht a dhéanamh ar son dhaingniú uile-AE Choinbhinsiún Iostanbúl; ag leagan béim, sa chomhthéacs sin, ar an ngá atá le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar na héagothromaíochtaí atá ann faoi láthair i ndlíthe, i mbeartais agus i seirbhísí idir na Ballstáit agus ar an méadú atá tagtha ar an bhforéigean baile agus inscnebhunaithe le linn phaindéim COVID-19; ag tarraingt aird, áfach, ar an bhfíoras gur theip ar roinnt iarrachtaí chun a chur ina luí ar na Ballstáit drogallacha agus gur chinn Rialtas na hUngáire le déanaí gan an Coinbhinsiún a dhaingniú ar chor ar bith; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, rún an Choimisiúin bearta a mholadh in 2021 chun cuspóirí Choinbhinsiún Iostanbúl a ghnóthú más rud é go mbeidh bac fós ar aontachas AE; á iarraidh go gcuirfear tús anois le gníomhaíochtaí ullmhúcháin chun bearta breise a bheadh ceangailteach ó thaobh an dlí de agus treoir réime de chuid an AE a sheoladh chun gach cineál foréigin inscnebhunaithe a chosc agus a chomhrac, agus aghaidh á tabhairt, i measc saincheisteanna eile, ar chiorrú ball giniúna ban (FGM), agus ar

[36] IO C 331, 18.9.2018, lch. 60.

ghinmhilleadh, steiriliú agus póstaí éigeantais, agus go n-áireofaí leis an méid sin teacht i dtír gnéasach, gáinneáil, cibearfhoréigean, phornagrafaíocht díoltais agus fuathchaint ar líne i gcoinne na mban, agus cur chuige láidir trasnach a bheith ann; á chur i bhfios gur geal léi an tionscnamh lena leathnaítear na réimsí coireachta chun cineálacha sonracha d'fhoréigean inscnebhunaithe a chuimsiú i gcomhréir le hAirteagal 83(1) CFAE; á mheabhrú gur cheart go mbeadh na bearta reachtacha nua sin comhlántach le daingniú Choinbhinsiún Iostanbúl;

18. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé beartaithe moladh breise a chur síos maidir le cosc a chur le cleachtais dhíobhálacha, chomh maith le reachtaíocht a d'fhéadfadh a bheith ann, agus líonra AE don cosc ar fhoréigean inscnebhunaithe agus teaghlaigh a sheoladh; á iarraidh go ndéanfaí sainmhínithe agus spriocanna Choinbhinsiún Iostanbúl a chur i bhfeidhm agus go mbeadh eagraíochtaí chearta na mban agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta rannpháirteach ar bhonn leanúnach; á áitiú go gcuirfí bearta leantacha iomchuí chun cinn, agus prionsabal an neamh-idirdhealaithe á urramú leo ar fad; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na rialtas áitiúil agus réigiúnach sa phróiseas sin – nuair is iomchuí de réir struchtúr Ballstáit ar leith; ag cur i bhfios go láidir go bhfuil ról ag an oideachais, lena n-áirítear oideachas buachaillí agus fear, agus á iarraidh go gcuirfear i gcoinne steiréitíopaí inscne i ndáil leis sin; á iarraidh go n-áiritheofar cosaint chuí d'íospartaigh an fhoréigin teaghlaigh ar mná iad, rud a dhéanamh méadú ar acmhainní na stát agus ar fhreagairtí éifeachtacha;

19. á chur i bhfios go láidir gur gá sonraí imdhealaithe a bhailiú maidir le gach cineál foréigin inscnebhunaithe; á chur in iúl gur geal léi gur fógraíodh suirbhé nua uile-Aontais maidir le leitheadúlacht agus dinimic gach cineál foréigin in aghaidh na mban; á chur i bhfáth go bhfuil gá le sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de ar leibhéal an Aontais agus le comhchuibhiú na gcóras bailithe sonraí i measc na mBallstát;

20. á chur i bhfáth, maidir le mná ar mionaoisigh iad, ar cuid de mhionlaigh iad nó a bhfuil fadhb sláinte nó míchumas acu agus a ndírítear cineálacha éagsúla foréigin orthu, gur gá iad a chosaint mar íospartaigh ionchasacha; ag tacú le plean an Choimisiúin bearta a chur i láthair agus iad a mhaoiniú chun mí-úsáid, dúshaothrú agus foréigean féideartha i gcoinne na ngrúpaí sin atá thar a bheith leochaileach a chomhrac;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit comhionannas cuimsitheach do mhná agus do chailíní atá faoi mhíchumas a choimirciú i ngach réimse den saol, a gcearta gnéis agus atáirgthe a áirithiú, cosaint a thabhairt dóibh ar fhoréigean baile agus ar fhoréigean ó sholáthraithe seirbhísí cúraim agus tacaíochta, agus cláir íograithe agus fothaithe acmhainneachta a sheoladh chun na críche sin do ghairmithe i réimsí an chúraim sláinte, na seirbhísí sóisialta agus cúraim, an oideachais, na hoiliúna agus na seirbhísí fostaíochta, fhorfheidhmiú an dlí agus do na breithiúna;

22. á chur i bhfáth a mhéad atá raon agus tionchar an fhoréigin agus an chiaptha san ionad oibre agus go bhfuil gá le bearta nithiúla ar leibhéal AE chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin agus chun comhrac i gcoinne ciapadh síceolaíoch agus gnéasach; á chur i bhfios go bhfuil cúramóirí neamhfhoirmiúla, oibrithe tí agus oibrithe feirme, i measc grúpaí eile, go háirithe, gan chosaint agus gan infheictheacht, agus á iarraidh ar na Ballstáit Coinbhinsiún 189 EIS a ghlacadh chun cearta oibrithe, go háirithe mná, sa gheilleagar neamhfhoirmiúil a neartú agus chun a áirithiú go mbeidh sásraí gearáin neamhspleách, rúnda agus inrochtana ann do gach bean gan idirdhealú, agus go

gcuirfear bearta sonracha ar fáil chun gearánaigh a chosaint ar fhrithbheartú ag fostóirí agus ar athíospairt leanúnach; á chur in iúl gur geall léi gealltanas an Choimisiúin, mar fhostóir, creat dlíthiúil nua cuimsitheach a ghlacadh, ar creat dlíthiúil é lena ngabhfaidh sraith beart coisctheach agus frithghníomhach in aghaidh an chiaptha san ionad oibre;

23. á chur in iúl gurb oth léi nach ndéantar tagairt do ghné inscne na gáinneála chun críocha dúshaothraithe saothair, go háirithe i gcás oibrithe tí, de dheasca na dteorainneacha a bhaineann go dlúth le háras an teaghlaigh mar áit oibre i ndáil leis na féidearthachta a bhaineann le cigireacht agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht oibre; ag meabhrú rún an 28 Aibreán 2016 uaithi maidir le hoibrithe tí agus cúramóirí in AE ar mná iad, agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit imscrúduithe a chur chun cinn sa réimse sin, chun feabhas a chur ar na sásraí le haghaidh íospartaigh a shainaithint agus a chosaint, agus chun ról a thabhairt d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, ceardchumainn, údaráis phoiblí agus na saoránaigh ar fad sa phróiseas braite;

24. ag cur in iúl go bhfuil an-imní uirthi faoi chineál, méid agus tromchúis an fhoréigin agus an chiaptha i saol na hoibre agus faoin tionchar a bhíonn ag gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní agus iad ag obair; ag cur in iúl gur geal léi i ndáil leis sin go ndearnadh Coinbhinsiún Uimh. 190 EIS maidir le foréigean agus ciapadh ag an obair a ghlacadh le déanaí agus á iarraidh ar na Ballstáit é a dhaingniú agus a chur chun feidhme gan mhoill; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit freisin bearta éifeachtacha agus ceangailteacha a thabhairt isteach chun an foréigean agus an ciapadh i saol na hoibre a shainmhíniú agus a thoirmeasc, lena n-áirítear rochtain éifeachtach ar shásraí um ghearáin agus um réiteach díospóidí a fhreagraíonn do chúrsaí inscne agus atá sábháilte agus éifeachtach, feachtais oiliúna agus ardaithe feasachta, seirbhísí tacaíochta agus leigheasanna;

25. á chreidiúint gur cheart oibrithe ar mná iad atá ag fulaingt le foréigean inscnebhunaithe a bheith i dteideal a gcuid uaireanta oibre a bheith laghdaithe nó atheagraithe agus a n-áit oibre a bheith athraithe; á mheas gur cheart an foréigean inscnebhunaithe a chur san áireamh i measúnuithe riosca san áit oibre;

26. ag cáineadh an fheachtais i gcoinne Choinbhinsiún Iostanbúl a dhíríonn ar fhoréigean in aghaidh ban, ar feachtas é a ghníomhaíonn d'aon ghnó chun míchlú a tharraingt ar an gCoinbhinsiún sin; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an diúltú don norm maidir le neamhfhulaingt ar fhoréigean in aghaidh na mban agus ar fhoréigean inscnebhunaithe, ar neamhfhulaingt í atá bunaithe ar chomhthoil láidir idirnáisiúnta; á chur i bhfios go mbaineann an cheist sin le bunbhrí chearta an duine, amhail comhionannas, neamhspleáchas agus dínit; á chur i bhfáth go bhfuil ról lárnach ag ESSanna maidir le foréigean inscnebhunaithe a chomhrac agus maidir le tacaíocht a thabhairt d'íospartaigh, agus á áitiú ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, maoiniú leordhóthanach a chur ar fáil do chomhlachais a bhfuil na haidhmeanna sin á saothrú acu; á chur in iúl gur geall léi an gealltanas atá i straitéis nua chearta na n-íospartach chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais shonracha na mban agus na gcailíní ar íospartaigh an fhoréigin iad, go háirithe d'fhonn cearta, cosaint agus cúiteamh íospartach a áirithiú; á iarraidh ar an gComhairle daingniú agus cur chun feidhme iomlán Choinbhinsiún Iostanbúl ag AE a thabhairt i gcrích go práinneach agus tacú lena dhaingniú ag na Ballstáit go léir;

27. ag leagan béim ar an ngá atá le gach cineál foréigin agus ciaptha a aithint agus a chomhrac sa chóras oideachais, i scoileanna, in ollscoileanna, i gcúrsaí oiliúna, i gcláir

don fhorbairt ghairmiúil agus i ngach clár eile ar fud na hearnála ar fad;

28. á chur in iúl gur geall léi na bearta sonracha atá beartaithe chun dul i ngleic leis an gcibearfhoréigean a bhfuil tionchar díréireach aige ar mhná agus ar chailíní (lena n-áirítear ciapadh ar líne, cibearbhulaíocht agus fuathchaint ghnéasaíoch), go háirithe gníomhaithe, polaiteoirí ar mná iad agus pearsana poiblí eile atá infheicthe sa dioscúrsa poiblí; á chur in iúl gur geall léi, sa chomhthéacs sin, an fógra go rachfar i ngleic leis an bhfeiniméan sin sa Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus go bhfuil sé beartaithe leis oibriú leis na hardáin teicneolaíochta agus leis an earnáil TFC i gcreat nua comhair, chun go dtabharfar aghaidh san earnáil TFC ar an tsaincheist sin trí bhearta teicniúla leordhóthanacha amhail teicnící coisctheacha agus sásraí freagartha maidir le hábhar díobhálach; ag tathant ar na Ballstáit agus ar AE bearta breise a ghlacadh, lena n-áirítear bearta ceangailteacha reachtacha, chun na cineálacha foréigin sin a chomhrac faoi chuimsiú Treorach maidir le gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac, agus go dtabharfaí tacaíocht do na Ballstáit maidir le huirlisí oiliúna a fhorbairt do na seirbhísí lena mbaineann ag gach céim, ón gcosc agus ón gcosaint go dtí an t-ionchúiseamh, amhail an fórsa póilíneachta agus an córas ceartais, in éineacht le hearnáil na faisnéise agus na cumarsáide, agus cearta bunúsacha ar líne á gcoimirciú freisin ag an am céanna;

29. á chur in iúl go bhfuil imní uirthi nach bhfuil toirmeasc sainráite ar idirdhealú ar bhonn féiniúlacht inscne agus léiriú inscne duine i ndlí AE; ag tabhairt dá haire go ndéantar idirdhealú agus ciapadh go fóill ar dhaoine LADTIA+ agus go ndéantar iad a eisiamh go fóill ó mhargadh an tsaothair; ag meabhrú rún an 14 Feabhra 2019 uaithi maidir le todhchaí an Liosta de Ghníomhaíochtaí LADTI[37] agus rún an 18 Nollaig 2019 uaithi maidir le hidirdhealú poiblí agus fuathchaint i gcoinne daoine LADTI[38]; á iarraidh ar an gCoimisiún an creat straitéiseach maidir le comhionannas LADTIA+ a ghlacadh a luaithe is féidir, obair leantach a dhéanamh ar a Liosta de Ghníomhaíochtaí LADTI 2016-2019, agus bearta sonracha a chur san áireamh chun dul i ngleic leis an idirdhealú ag an obair ar fhorais an ghnéaschlaonta, na féiniúlachta inscne, an léirithe inscne agus saintréithe gnéis;

30. á chur in iúl gur geall léi an chéad Straitéis de chuid an AE maidir le cearta íospartach (2020-2025) a glacadh le déanaí, ar straitéis í lena dtabharfar aghaidh ar riachtanais shonracha íospartaigh an fhoréigin inscne, go háirithe cur chuige sonrach maidir le foréigean síceolaíoch in aghaidh na mban agus an tionchar ar a meabhairshláinte san fhadtéarma; á chur i bhfáth gur gá aghaidh a thabhairt ar na bearnaí atá i reachtaíocht AE faoi láthair agus á iarraidh ar an gCoimisiún togra a chur ar aghaidh, gan mhoill, le haghaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach i ndáil le caighdeáin idirnáisiúnta maidir le foréigean in aghaidh na mban, amhail Coinbhinsiún Iostanbúl, d'fhonn feabhas a chur ar an reachtaíocht maidir le cearta íospartach agus íospartaigh a chosaint agus a chúiteamh; á chur i bhfáth gur gá rochtain éifeachtach ar cheartas a bheith ag gach íospartach trí chur chun feidhme na Treorach maidir le Cearta Íospartach, rud atá fós in easnamh i roinnt Ballstát; á iarraidh go leanfar de chearta íospartach a chur chun cinn freisin trí ionstraimí atá ann cheana amhail an tOrdú Cosanta Eorpach;

[37] Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0129.

[38] Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0101.

31. ag tarraingt aird an Choimisiúin agus na mBallstát ar chás fíordhrámatúil leanaí a ndéantar dílleachtaí díobh de bharr foréigin inscnebhunaithe nó a gcuirtear iallach orthu maireachtáil i dtimpeallacht ina bhfuil foréigean teaghlaigh, agus ag tathant orthu na cásanna sin a chur san áireamh agus iad ag dul i ngleic le fadhb an fhoréigin baile;

32. ag tathant ar an gCoimisiún an straitéis de chuid AE a bhfuiltear ag súil léi le fada maidir le deireadh a chur leis an ngáinneáil ar dhaoine a chur i láthair agus ag leagan béim ar an ngá atá le haitheantas soiléir a thabhairt do chineál inscne na gáinneála ar dhaoine agus an teacht i dtír gnéasach, arb iad mná agus cailíní is mó atá thíos leis; á aithint nach féidir glacadh le teacht i dtír gnéasach chun críocha máthairionadaíochta nó chun críocha atáirgthe amhail póstaí éigeantais, striapachas agus pornagrafaíocht, agus gur sárú é ar dhínit an duine agus ar chearta an duine; á iarraidh, dá bhrí sin, go mbreathnófar go géar leis an straitéis ar staid na mban i striapachas, agus béim ar leith á leagan ar an nasc idir striapachas agus gáinneáil ar mhná agus ar mhionaoisigh, in AE agus ar fud an domhain, agus ar úsáid an idirlín atá ag teacht chun cinn ar mhaithe le dúshaothrú; ag leagan béim ar a thábhachtaí atá ról agus obair Chomhordaitheoir Frithgháinneála AE agus ag tathant ar an gCoimisiún an Comhordaitheoir nua a cheapadh gan tuilleadh moille, chun dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme na Treorach Frithgháinneála ag na Ballstáit; á áitiú go bhfuil tábhacht ag baint le bearta agus straitéisí a chur san áireamh chun laghdú a dhéanamh ar an éileamh;

33. á iarraidh ar an gCoimisiún, sa chomhthéacs sin, Treoir maidir le Gáinneáil ar mhaithe le Teacht i dTír Gnéasach Gnéasach a Chomhrac in AE a ullmhú, ós rud é gurb í an gháinneáil ar mhaithe le teacht i dtír gnéasach an cineál gáinneála is forleithne;

34. á iarraidh go mbeidh bearta níos láidre ann ó thaobh reachtaíocht maidir le cionta gnéasacha agus á chur i bhfios go láidir go gcaithfidh gnéas a bheith deonach i gcónaí; á iarraidh ar an gCoimisiún moltaí do na Ballstáit uile a áireamh chun an sainmhíniú ar éigniú a leasú ina reachtaíocht náisiúnta ionas go mbeidh sé bunaithe ar easpa toilithe;

35. á chur in iúl gur geall léi an feachtas cumarsáide uile-Aontais chun steiréitíopaí inscne a chomhrac, chomh maith le bearta chun foréigean a chosc, ar bearta iad lena ndírítear ar fhir, ar bhuachaillí agus ar fhireannachtaí; á iarraidh go mbeidh bearta níos soiléire ann chun díriú ar noirm mhillteacha fhireannachta, toisc gur bunchúis iad steiréitíopaí inscne leis an neamhionannas inscne agus go bhfuil tionchar acu ar gach réimse den tsochaí;

36. á iarraidh go dtabharfar níos mó airde agus tacaíochta do dhílleachtaí agus d'árais altramais d'íospartaigh an fhoréigin, ar dílleachtaí agus árais altramais iad a dúnadh nó ar cuireadh teorainn mhór lena hacmhainn dídine le linn phaindéim COVID-19, rud a chuir iallach ar mhná nó ar chailíní óga agus ar leanaí aghaidh a thabhairt ar an bhféidearthacht go mbeidís i gcoraintín i dteach a mí-úsáideora;

37. á chur i bhfios go láidir gur minic gurb é foréigean in aghaidh na mban an phríomhchúis le mná a bheith gan dídean; ag tathant ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, na bearta is gá a dhéanamh chun cosc a chur ar fhoréigean in aghaidh na mban, ar foréigean é as a n-eascraíonn easpa dídine nó lena ndéanta an easpa dídine a fhadú;

38. a chur in iúl gur geall léi an moladh maidir le cleachtais dhíobhálacha a chosc, in éineacht le reachtaíocht fhéideartha, chun FGM, steiriliú éigeantais, pósadh luath agus pósadh éigeantais agus foréigean a bhaineann leis an onóir a chomhrac, rud lena ngortaítear leanaí agus cailíní óga go sonrach;

*Mná agus an geilleagar*

39. ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit tuilleadh forbartha agus feabhsaithe a dhéanamh ar bhailiú sonraí atá imdhealaithe ó thaobh inscne de[39], ar staidreamh, ar thaighde agus ar anailís, mar aon le tacaíocht agus bearta chun feabhas a chur ar fhothú acmhainneachta i measc na n-institiúidí agus ESSanna i ndáil le sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu, go háirithe maidir le rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair agus i réimsí amhail fostaíocht neamhfhoirmiúil, fiontraíocht, rochtain ar mhaoiniú agus ar sheirbhísí cúraim sláinte, obair gan phá, bochtaineacht agus tionchar na gcóras cosanta sóisialta; ag tathant ar EIGE agus na hinstitiúidí agus na gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid AE freisin oibriú ar tháscairí nua agus iad a ionchorprú, táscairí amhail an bhochtaineacht i measc an lucht oibre, an bhochtaineacht ama, bearnaí san úsáid ama, luach na hoibre cúraim (la pá/gan phá), agus rátaí glactha na mban agus na bhfear, lena n-áirítear i ndáil leis an treoir maidir le cothromaíocht oibre is saoil; á iarraidh ar an gCoimisiún na sonraí sin a úsáid chun measúnuithe tionchair inscne a chur chun feidhme go héifeachtach maidir lena bheartais agus a chláir, agus maidir le beartais agus cláir ghníomhaireachtaí agus institiúidí eile AE;

40. ag tacú leis an athbhreithniú ar spriocanna Barcelona agus leis an iarraidh ar na Ballstáit infheistíochtaí leordhóthanacha a áirithiú i seirbhísí cúraim agus i seirbhísí cúraim fhadtéarmaigh, lena n-áirítear ó mhaoiniú atá ar fáil ón Aontas, chomh maith le cúram leanaí inacmhainne, inrochtana agus ar ardcháilíochta a áirithiú, lena n-áirítear oideachas na luath-óige, lena dtugtar, go háirithe, an deis do mháithreacha óga obair agus/nó staidéar a dhéanamh, agus á mheabhrú, sa chomhthéacs, sin prionsabal 11 de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta; á iarraidh go mbeadh tacaíocht airgeadais ann agus go ndéanfaí dea-chleachtais a roinnt idir na Ballstáit sin nár ghnóthaigh a spriocanna fós; á chur in iúl gur geal léi, thairis sin, gur forbraíodh treoir do na Ballstáit maidir le dul i ngleic le dídhreasachtaí airgeadais i ndáil le beartais shóisialta, eacnamaíocha agus chánach; ag leagan béim ar an sprioc ‘cúramóirí comhionanna agus saothraithe comhionanna’, ar sprioc í nach mór a bheith i gcroílár na n-iarrachtaí sin agus á chur in iúl gur geall léi, sa chomhthéacs sin, an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil mar chéad chéim;

41. á iarraidh ar an gCoimisiún Comhaontú Cúraim don Eoraip a chur chun cinn, agus cur chuige cuimsitheach á ghlacadh maidir le riachtanais agus seirbhísí uile cúraim agus caighdeáin íosta agus treoirlínte cáilíochta á leagan síos le haghaidh cúraim feadh na saolré, lena n-áirítear do leanaí, do dhaoine scothaosta agus do dhaoine a bhfuil riachtanais fhadtéarmacha acu; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sonraí imdhealaithe maidir le soláthar seirbhísí cúraim a bhailiú; ag tathant ar na Ballstáit an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil a thrasuí agus a chur chun feidhme go tapa agus go hiomlán chun comhroinnt chothrom idir saol na hoibre agus saol an teaghlaigh a áirithiú, agus á iarraidh orthu dul níos faide ná íoschaighdeáin na Treorach trí bhearta a thabhairt isteach amhail saoire lánìoctha, ról comhionann na bhfear mar chúramóirí a chur chun cinn, agus, ar an gcaoi sin, dul i ngleic le steiréitíopaí inscne maidir le glacadh saoire atharthachta agus/nó mháithreachais, ról na gcúramóirí neamhfhoirmiúla a aithint trí rochtain ar shlándáil shóisialta agus a gceart ar theidlíochtaí pinsin a áirithiú, tacaíocht do sheirbhísí atá oiriúnaithe do na dúshláin shonracha agus do na riachtanais shonracha atá ag tuismitheoirí agus/nó ag baill

[39] Féach an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Eanáir 2020 maidir leis an mbearna phá idir na hinscní.

teaghlaigh a thugann aire do dhaoine atá faoi mhíchumas nó atá faoi bhreoiteacht fhadtéarmach nó do dhaoine scothaosta, agus socruithe solúbtha oibre nach ndéanann dochar ná díobháil do phá an oibrí, rochtain ar chearta sóisialta agus saothair agus liúntais, agus a urramaíonn ceart na n-oibrithe chun dícheangail; ag tathant ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh go bliantúil, go dlúth agus go sistéamach ar chur chun feidhme na Treorach maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil ag na Ballstáit;

42. á iarraidh gurbh ann do sheirbhísí cúraim leanaí agus do sheirbhísí cúraim fhadtéarmaigh atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán lena gcumasaítear filleadh ar an bhfostaíocht, go háirithe do mhná, agus lena n-éascaítear cothromaíocht mhaith oibre is saoil;

43. á chur i bhfáth go bhfuil gá le gréasán oideachais naíolainne agus réamhscoile a chruthú; á chur i bhfios gur freagracht shóisialta leathan é sin agus gur cheart go mbeadh sé ina sheirbhís uilíoch a mbeadh rochtain iarbhír uirthi ag gach leanbh agus teaghlach ar mian leo an gréasán sin a úsáid;

44. á mholadh do na Ballstáit, ar bhonn dea-chleachtais a chomhthiomsú, ‘creidmheasanna cúraim’ a thabhairt isteach, chun tairbhe na mban agus na bhfear araon, chun sosanna a fhritháireamh ón bhfostaíocht a ghlactar chun cúram neamhfhoirmiúil a chur ar fáil do bhaill teaghlaigh agus ó thréimhsí saoire cúraim fhoirmiúil, amhail saoire mháithreachais, saoire atharthachta agus saoire do thuismitheoirí, agus na creidmheasanna sin a chur san áireamh go cothrom i dtreo teidlíochtaí pinsin; á mheas gur cheart na creidmheasanna sin a bhronnadh ar feadh tréimhse ghearr ionas nach ndéanfar steiréitíopaí agus neamhionannais a dhaingnú tuilleadh;

45. ag tathant ar na Ballstáit bearta sonracha a dhéanamh chun dul i ngleic le baol na bochtaineachta sa tseanaois agus nuair atá daoine ar scor, chun pinsin a mhéadú agus chun borradh a chur faoi shochair shóisialta; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nach mór neamhionannais ioncaim idir fir agus mná atá ar scor a shárú agus go n-éilítear leis sin go méadófaí pinsin, agus go ndéanfaí córais slándála sóisialta atá poiblí, uilíoch agus bunaithe ar an dlúthpháirtíocht a choinneáil ar siúl agus a fheabhsú, agus á áirithiú go mbeidh siad athdháilte agus go gcuirfidh siad ioncam cóir agus cuibhiúil ar fáil tar éis saolré a chaitheamh ag obair, agus inbhuanaitheacht na gcóras slándála sóisialta poiblí á cosaint trí phoist a chruthú lena ngabhann cearta agus trí fheabhas a chur ar phá;

46. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar an bParlaimint agus ar an gComhairle dianscrúdú a dhéanamh ar riachtanais na mban agus ar a rannpháirtíocht sa mhargadh saothair, chomh maith le deighilt chothrománach agus ingearach mhargadh an tsaothair, agus cláir á ndearadh laistigh den chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile (CAI), chomh maith leis an bplean téarnaimh ‘NextGenerationEU’;

47. á mheas gur tosaíocht é gníomhú chun tacú leis an teaghlach, lena n-áirítear maidir le saoráidí cúraim leanaí leormhaithe agus inacmhainne a chur ar fáil, rud a rannchuideoidh go dearfach le rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair agus lena n-ionchais scoir;

48. á chur in iúl gur geall léi gealltanas an Choimisiúin faireachán a dhéanamh ar a trasuíomh ceart sa reachtaíocht náisiúnta faoi 2022 de réir mar is gá agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go hiomlán í;

49. á iarraidh ar an gCoimisiún sonraí a bhailiú maidir le soláthar na gcineálacha éagsúla cúraim (cúram leanaí, cúram do dhaoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumais nó daoine a bhfuil cúram fadtéarmach ag teastáil uatha), chun iad a chur le staidéar lena scrúdófar an bhearna chúraim chun bheith mar bhonn do thionscnamh do straitéis cúraim Eorpach; ag tabhairt dá haire nach mór, sa straitéis i dtrácht, inniúlachtaí na mBallstát de réir mar a leagtar síos sna Conarthaí iad a urramú, ach go mbeadh sé d'aidhm aici comhar agus comhordú na mbeart go léir a fheabhsú, rud a d'fhéadfadh a bheith tairbheach do chúramóirí neamhfhoirmiúla in AE agus do na daoine a bhfuil siad ag tabhairt aire dóibh; á chur i bhfáth gur féidir leis an gcomhar ar an leibhéal Eorpach, mar aon le húsáid éifeachtach chistí AE, rannchuidiú leis an bhforbairt ar sheirbhísí cúraim atá ar ardcháilíocht, inrochtana agus inacmhainne;

50. á chur in iúl gur geal léi cinneadh na Comhairle an 'clásal ginearálta éalaithe' a ghníomhachtú, agus á iarraidh ar na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí poiblí, lena n-áirítear cúram leanaí agus cúram sláinte saor in aisce, chun poist nua ar ardcháilíocht a chruthú agus tionchar socheacnamaíoch na géarchéime a mhaolú; á mheas go bhfuil iarmhairtí díobhálacha fadtéarmacha ag baint le bearta déine, go háirithe i gcás na mban, agus gur gá gan iad a fhorfheidhmiú sa tréimhse i ndiaidh ghéarchéim COVID-19;

51. á chur in iúl gur geal léi an ionstraim le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE); á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar aghaidh le SURE ar chaillteanais ioncaim i measc na mban;

52. á chur i bhfáth gur gá borradh suntasach a chur faoin infheistíocht i seirbhísí, go háirithe cúram sláinte, oideachas agus seirbhísí iompair, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar riachtanais na bpobal agus rannchuidiú le neamhspleáchas, comhionannas agus fuascailt na mban;

53. á chur in iúl gur geall léi gealltanas an Choimisiúin bearta ceangailteacha a chur síos faoi dheireadh 2020 maidir le trédhearcacht pá, rud a d'fhéadfadh a bheith úsáideach chun bearnaí agus idirdhealú laistigh den earnáil chéanna a bhrath agus chun an bhearna phá idir na hinscní a dhúnadh; á chur i bhfáth, ina leith sin, a thábhachtaí atá comhar agus rannpháirtíocht iomlán na gcomhpháirtithe sóisialta agus na ngeallsealbhóirí uile i gcomhréir le cleachtais agus traidisiúin náisiúnta; á chur in iúl, áfach, gur gá aghaidh a thabhairt fós ar cheist an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná thar earnálacha éagsúla gairme chun difríochtaí sa phá ar obair ar luach comhionann a chumhdach sa mhargadh saothair atá deighilte ó thaobh inscne de, le pá níos ísle i roinnt earnálacha, arb earnálacha iad ina bhfostaítear mná den chuid is mó, earnálacha amhail altranas, cúram, miondíol, díolacháin agus oideachas, i gcomparáid, mar shampla, leis an earnáil déantúsaíochta nó gairmeacha teicniúla ina bhfostaítear níos mó fear; á mholadh go láidir go gcuirfí isteach prionsabal an phá chomhionainn as obair ar comhionann a luach idir mná agus fir, rud a d'fhéadfaí a shainmhíniú mar a leanas: 'Measfar obair a bheith ar luach comhionann, bunaithe ar chomparáid idir dhá ghrúpa d'oibrithe nár bunaíodh iad ar bhealach treallach, i gcás ina bhfuil an obair a dhéantar inchomparáide, agus fachtóirí á gcur san áireamh amhail leibhéal na freagrachta a thugtar d'oibrithe, agus na riachtanais mheabhrach a bhaineann leis an obair'; á chur i bhfios gur gá uirlisí meastóireachta poist agus critéir aicmiúcháin atá neodrach i dtaobh inscne a fhorbairt chuige sin;

54. á chur in iúl gur díol sásaimh di meastóireacht an Choimisiúin ar an gcreat atá ann faoi láthair maidir le pá comhionann as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach, seoladh próisis comhairliúcháin maidir le conas comhionannas inscne a fheabhsú i saol na hoibre, an Tuarascáil maidir le Leordhóthanacht Pinsean atá ar na bacáin, agus an breithniú ar chreidmheasanna pinsin a sholáthar do shosanna gairme a bhaineann le cúram i scéimeanna pinsean ceirde;

55. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú ar Threoir 2006/54/CE a thíolacadh laistigh den chéad bhliain eile i gcomhréir leis an meastóireacht a rinneadh le déanaí ar fheidhmiú agus ar chur chun feidhme dhlíthe AE maidir le pá comhionann agus i gcomhréir le cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh; á mheas gur cheart go n-áireofaí san athbhreithniú sin sainmhíniú ar 'obair ar comhionann a luach' ar fud na n-earnálacha gairme go léir, lena n-ionchorpraítear gné na hinscne, mar aon le tagairt d'ilchineálacha idirdhealaithe agus do bhearta breise chun in-fhorfheidhmitheacht na Treorach a áirithiú;

56. á mheabhrú rún an 30 Eanáir 2020 uaithi maidir leis an mbearna phá idir na hinscní; á iarraidh go ndéanfar athbhreithniú láithreach ar an bplean gníomhaíochta agus go leagfar amach plean gníomhaíochta nua agus uaillmhianach um bearna phá idir na hInscní faoi dheireadh 2020, lenar cheart spriocanna soiléire a leagan síos do na Ballstáit chun an bhearna phá idir na hinscní a laghdú sna cúig bliana amach romhainn agus a áirithiú go gcuirfear na spriocanna sin san áireamh sna moltaí tírshonracha; á thabhairt chun suntais, go háirithe, gur gá dearcadh trasnach a áireamh sa phlean gníomhaíochta nua; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ról a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta agus do ESSanna i bhforbairt na mbeartas nua chun an bhearna phá idir na hinscní a dhúnadh agus chun staidreamh, taighde agus anailís a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh chun tomhas agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leis an mbearna phá idir na hinscní a dhúnadh, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí a fhulaingíonn cineálacha éagsúla idirdhealaithe agus cineálacha trasnacha idirdhealaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún aird a thabhairt ar na tosca as a dtagann bearna na bpinsean agus tacú leis na Ballstáit ina mbearta chun í a laghdú trí tháscaire bearna pinsin idir na hinscní a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar na neamhionannais charntha a bhíonn ag mná ar feadh a saoil;

57. ag tabhairt dá haire go mbíonn tionchair éagsúla ag beartais chánach ar chineálacha éagsúla teaghlaigh; á chur i bhfáth gur féidir ról ríthábhachtach a bheith ag cánachas aonair ó thaobh cothroime chánach a bhaint amach do mhná; ag leagan béim ar na tionchair dhiúltacha a bhíonn ag cineálacha áirithe cánachais ar rátaí fostaíochta na mban agus ar a neamhspleáchas eacnamaíoch, agus ag tabhairt dá haire gur cheart beartais chánach a bharrfheabhsú chun dreasachtaí a neartú do rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair; ag tarraingt aird ar na hiarmhairtí diúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag comhchánachas ar an mbearna phinsin idir na hinscní; á chur i bhfáth gur cheart do chórais chánach imeacht ón toimhde go ndéanann teaghlaigh agus a gcistí a chomhthiomsú agus a chomhroinnt go cothrom; á chur i bhfios go láidir go mbíonn tionchar ag an mbochtaineacht mhíostraithe ar roinnt mhaith ban Eorpach, ar bochtaineacht í a eascraíonn as táirgí costasacha sláinteachais míosta agus as na hardleibhéil chánachais ar na táirgí sin in a lán Ballstát agus, dá bhrí sin, ag tathant ar na Ballstáit gníomhú i gcoinne an chineáil sin idirdhealaithe indírigh chánach agus i gcoinne na bochtaineacht míostraithe;

58. á mheabhrú go bhfuil gné láidir inscne ag baint leis na beartais chistiúcháin agus chánachais; á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin i leith an phríomhshruthaithe inscne ar fud an CAI, go háirithe a mhéid a bhaineann le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), chun rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair, an chothromaíocht oibre is saoil agus fiontraíocht na mban a chur chun cinn, ach gurb oth léi nach gcuirtear an buiséadú inscne san áireamh sa CAI nua agus sna Cistí Struchtúracha; á iarraidh ar an gCoimisiún úsáid an bhuiséadaithe inscne a chur chun cinn agus a fheabhsú tuilleadh, agus á iarraidh ar na Ballstáit gné na hinscne a chomhtháthú sna beartais chánachais, lena n-áirítear iniúchtaí inscne ar na beartais fhioscacha chun an chlaontacht inscne a bhaineann le cúrsaí cánach a dhíothú;

59. á mheabhrú arís go bhfuil gá le béim níos láidre a chur ar chomhionannas inscne laistigh de chéimeanna éagsúla phróiseas an tSeimeastair Eorpaigh agus á iarraidh go dtabharfar isteach colún inscne agus cuspóir uileghabhálach ó thaobh an chomhionannais inscne de sa straitéis a thiocfaidh i ndiaidh na straitéise Eoraip 2020; ag tathant go ndéanfaí táscairí soiléire comhionannais inscne a ionchorprú agus go bhforbrófaí modhanna staidrimh agus anailíse chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le comhionannas inscne, agus go mbeadh dearcadh trasnach ag roinnt leo, maidir leis na dúshláin thírshonracha a shainaithnítear sa scórchlár sóisialta;

60. á thabhairt chun suntais gur mná iad 70 % den lucht saothair sláinte agus sóisialta domhanda, ar mná iad ar minic nach n-íoctar ach an pá íosta leo agus a mbíonn dálaí oibre neamhbhuana acu, agus á iarraidh go ndéanfaí pá agus dálaí oibre a chothromú suas in earnálacha ina bhfuil mná ina dtromlach mór amhail earnálacha an chúraim, na sláinte agus an mhiondíola, agus go ndéanfaí na bearnaí pá agus pinsin idir na hinscní, agus deighilt i margadh an tsaothair, a dhíothú;

61. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, treoirlínte sláinte agus sábháilteachta maidir le háiteanna oibre atá íogair ó thaobh inscne de a fhorbairt, ar treoirlínte iad a spriocdhíeofar go sonrach ar ghairmeacha túslíne, chun oibrithe sna gairmeacha sin a chosaint i gcás ráigeanna amach anseo; á chur i bhfios go láidir, cé gur deis iad chun feabhas a chur ar shocruithe solúbtha oibre agus ar an gcothromaíocht oibre is saoil, go bhféadfadh athruithe ar dhálaí saothair amhail an teilea-obair tionchar a bheith acu freisin ar chumas an duine dícheangal agus go bhféadfaidís cur leis an ualach oibre, agus go ndéantar i bhfad níos mó difir do mhná ná d’fhir mar gheall ar an bpríomhról nó an ról traidisiúnta a bhíonn ag mná mar fheighlithe baile agus teaghlaigh; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún togra reachtach atá íogair ó thaobh inscne de a thíolacadh maidir leis an gceart chun dícheangail, mar aon le treoir maidir le dea-bhail mheabhrach san áit oibre a bheadh dírithe ar an imní, an dúlagar agus an traochadh a aithint mar ghalair cheirde, agus sásraí coiscatheacha agus sásraí chun fostaithe a ndéantar difear dóibh a athimeascadh sa lucht saothair a bhunú;

62. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 92/85/CEE an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe a spreagadh ag an obair i dtaca le sábháilteacht agus sláinte oibrithe torracha agus oibrithe atá tar éis leanbh a shaolú nó atá i mbun beathú cíche, d’fhonn a áirithiú gur féidir le mná ar fud na hEorpa tairbhe a bhaint as an tsaorghluaiseacht d’oibrithe ar comhchéim

leis na fir[40];

63. á chur i bhfáth gur gá go dtíolacfaidh na Ballstáit beartais atá bunaithe ar fhianaise agus atá dea-cheaptha maidir le margadh an tsaothair agus go dtíolacfaidh siad athchóirithe lena bhfeabhsaítear, *de facto*, dálaí oibre na mban agus lena méadaítear an fhostaíocht ar ardcháilíocht;

64. á iarraidh ar an gCoimisiún straitéis Eorpach um chosaint shóisialta a thíolacadh chun aghaidh a thabhairt ar shaorghluaiseacht oibrithe agus go háirithe ar mhéadú na bochtaineachta i measc na mban, agus béim ar leith á leagan ar theaghlaigh aontuismitheora a bhfuil mná i bhfeighil orthu;

65. á chur i bhfios go láidir, le comhdheiseanna agus leibhéil níos airde rannpháirtíochta i measc na mban i margadh an tsaothair, go bhféadfar méadú a dhéanamh ar líon na bpost, ar rathúnas eacnamaíoch agus ar iomaíochas san Eoraip; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit spriocanna a leagan síos chun líon na bpost neamhbhuan agus obair pháirtaimseartha neamhdheonach a laghdú chun an staid do mhná i margadh an tsaothair a fheabhsú;

66. á iarraidh ar an gCoimisiún cur chuige sonrach do mháithreacha aonair a bheith aige, toisc go bhfuil máithreacha aonair, go háirithe, leochaileach go heacnamaíoch, ós rud é gur minic a thuilleann siad níos lú ná fir agus gur mó seans go bhfágfaidh siad an margadh saothair nuair a bheidh siad ina dtuismitheoirí; á iarraidh ar an gCoimisiún feabhas a chur, sa chomhthéacs sin, ar fhorfheidhmiú na n-uirlisí dlíthiúla atá ann cheana maidir le bailiú trasteorann ailiúnais, agus feasacht an phobail a ardú maidir lena hinfhaighteacht na n-uirlisi sin; ag tathant ar an gCoimisiún oibriú go dlúth leis na Ballstáit chun fadhbanna praiticiúla atá nasctha le bailiú ailiúnais i gcásanna trasteorann a shainaithint agus uirlisí a fhorbairt chun oibleagáidí íocaíochta a fhorfheidhmiú go héifeachtach;

67. ag tabhairt dá haire go bhfuil rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair níos ísle ná rannpháirtíocht na bhfear ann; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an cháin ioncaim a laghdú chun rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a spreagadh;

68. ag tathant ar na Ballstáit gníomhaíocht bhreise a dhéanamh chun an idirdhealú in aghaidh na mban sa mhargadh saothair a chomhrac;

69. á mheabhrú go bhfuil saol na hoibre neamhionann i gcónaí maidir le hioncam, gnéithe gairme, earnálacha baineannaithe, rochtain ar chosaint shóisialta, agus oideachas agus oiliúint; á mheabhrú nach mór aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sin go léir chun comhionannas inscne a bhaint amach;

70. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rannpháirtíocht chomhionann agus deiseanna comhionanna i margadh an tsaothair d'fhir agus do mhná a áirithiú agus aghaidh a thabhairt ar bhaineannú na bochtaineachta de gach cineál, lena n-áirítear an bhochtaineacht sa tseanaois, go háirithe tríd an inscne a chur san áireamh san infhaighteacht agus sa rochtain ar theidlíochtaí leordhóthanacha pinsin chun an bhearna

---

[40] Treoir 2014/54/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 faoi bhearta lena n-éascaítear feidhmiú na gceart a thugtar d'oibrithe i gcomhthéacs na saorghluaiseachta d'oibrithe IO L 128, 30.4.2014, lch. 8

phinsin idir na hinscní a dhíothú, agus trí fheabhas a chur ar dhálaí oibre in earnálacha baineannaithe agus i ngairmeacha amhail fáilteachas, turasóireacht, seirbhísí glantacháin agus earnáil an chúraim; á chur i bhfios a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar thearcluacháil chultúrtha ar phoist ina mbíonn na mná i bhfad níos líonmhaire, ar an ngá atá leis na steiréitíopaí sin a chomhrac agus ar ró-ionadaíocht na mban i gcineálacha oibre neamhthipiciúla; á iarraidh ar na Ballstáit cóir chomhionann a áirithiú do mhná imirceacha (agus chomh maith leis sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint), agus do ghrúpaí eile ban atá an-leochaileach freisin; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cumhdach cómhargála ar an leibhéal earnálach agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas a neartú, chun fostaíocht chobhsaí agus ar ardcháilíocht a chothú; á chur i bhfáth go bhfuil gá le straitéisí chun tionscnaimh fiontraíochta na mban a spreagadh agus chun tacú leo;

71. á thabhairt dá aire go bhfuil impleachtaí ag an ngeilleagar poistíneachta atá ag dul i méid d’oibrithe ar lú a n-eagar ceardchumainn agus a bhíonn i mbaol neamhbhuaine poist de bharr tosca amhail uaireanta oibre agus ioncam éagobhsaí, easpa cumhdaigh ó chearta fostaíochta, éiginnteacht maidir le slándáil shóisialta agus pinsin, nó easpa rochtana ar fhorbairt ghairme agus ar athoiliúint ghairme; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, maidir leis an neamhshláine agus an neamhbhuaine a bhaineann leis an méid sin, a dhéantar níos measa mar gheall ar an dianghlasáil atá i bhfeidhm de dheasca na géarchéime reatha, go mbíonn tionchar diúltach ar leith acu ar mhná, a mbíonn ualach an chúraim orthu fós i margadh saothair atá thar a bheith inscneach, go háirithe na mná siúd a ndéantar cineálacha forluiteacha idirdhealaithe orthu; á iarraidh ar na Ballstáit bearta cosanta sóisialta spriocdhírithe a chur chun feidhme do shaoroibrithe ar mná iad agus do mhná atá fostaithe sa gheilleagar poistíneachta; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir 2010/41/AE;

72. á chur in iúl gur geal léi gealltanas an Choimisiúin plean gníomhaíochta a ghlacadh chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme; á chur i bhfios go láidir gur gá gné na hinscne a phríomhshruthú trí chur chuige trasnach a úsáid i gcomhréir le prionsabail 2 agus 3 den Cholún;

73. á chur i bhfáth go bhfuil an bhearna phá idir na hinscní in earnáil na meán ard agus gur dóichí go mbeidh ar iriseoirí ar mná iad ná a bheidh ar fhir dul i ngleic le ciapadh, foréigean, gnéasachas agus idirdhealú; ag meabhrú an dara caibidil de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta maidir le dálaí oibre cothroma; á iarraidh ar na Ballstáit, dá bhrí sin, an ceart chun dálaí oibre cothroma agus sábháilte a chosaint do gach oibrí in earnáil na meán;

74. á iarraidh ar na Ballstáit bearta a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag imircigh agus dídeanaithe ar mná iad ar chúram sláinte, ar fhostaíocht, ar bhia agus ar sheirbhísí faisnéise, agus chun rioscaí cosanta a mhaolú, go háirithe foréigean idir fir agus mná agus gáinneáil ar mhná;

75. á mholadh do na Ballstáit bearta daingne a dhéanamh chun smachtbhannaí a chur ar ghnólachtaí nach gcomhlíonann reachtaíocht saothair agus a dhéanann idirdhealú idir fir agus mná; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim, ina theannta sin, gur cheart coinníollacht a chur i bhfeidhm, agus cistí AE á leithdháileadh ar chuideachtaí a bhfuil ardchaighdeáin oibre acu agus nach ndéanann idirdhealú in aghaidh ban;

76. ag tathant ar an gCoimisiún dul i mbun feachtais ar son níos mó ban i bpoist chinnteoireachta eacnamaíocha trí na buntáistí eacnamaíocha agus sochaíocha a bhaineann leo a thabhairt chun suntais, agus dea-chleachtais amhail innéacsanna poiblí maidir le feidhmíocht chomhionannais cuideachtaí a chomhroinnt; ag tathant ar an gCoimisiún leanúint de bheith ag obair leis na Ballstáit, chomh maith le huachtaránacht AE atá ann faoi láthair agus le huachtaránacht AE atá ag teacht isteach, chun deireadh a chur go práinneach leis an tsáinn sa Chomhairle agus chun an Treoir atá beartaithe maidir le 'Mná ar Bhoird' a ghlacadh agus chun straitéis a fhorbairt leis na Ballstáit chun ionadaíocht fhóinteach a dhéanamh ar mhná ó chúlraí éagsúla i bhfeidhmeanna cinnteoireachta, lena n-áirítear in institiúidí uile AE;

77. á mheabhrú di go mbaineann gannionadaíocht na mban sa saol poiblí agus sa saol polaitiúil an bonn ó fheidhmiú iomchuí na n-institiúidí agus na bpróiseas daonlathach; á iarraidh, dá bhrí sin, ar na Ballstáit bearta a spreagadh agus tacú leo chun rannpháirtíocht chothrom na bhfear agus na mban sa chinnteoireacht a éascú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;

78. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta a ghlacadh chun feiniméan na síleála gloine a chomhrac, amhail saoire chuimsitheach do thuismitheoirí, rochtain ar chúram leanaí ar ardchaighdeán agus ar phraghas réasúnta, agus deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe dhírigh agus indírigh atá nasctha le harduithe céime i margadh an tsaothair;

79. á chur in iúl gur geal léi an tacaíocht do phaireacht inscne i gcomhlachtaí tofa amhail Parlaimint na hEorpa; á iarraidh go dtabharfar isteach bearta ceangailteacha amhail cuótaí, agus á chur i bhfáth go gcaithfidh sé a bheith ina eiseamláir i ndáil leis sin; á chur in iúl gur geal léi, ina theannta sin, an fógra ón gCoimisiún go bhfuil sé ar intinn aige dea-shampla a thabhairt maidir le seasaimh bhainistíochta agus á iarraidh go ndéanfaí straitéisí chun ionadaíocht fhóinteach a ráthú do mhná ó chúlraí éagsúla i róil chinnteoireachta sa Choimisiún; ag tabhairt dá haire na hiarrachtaí atá déanta cheana féin i gcomhdhéanamh an Choimisiúin reatha agus á chur i bhfáth go bhfuil gá leis an uaillmhian chéanna don Pharlaimint; á iarraidh ar na Ballstáit cuótaí ceangailteacha a thabhairt isteach ina gcórais toghcháin chun ionadaíocht chomhionann ban agus fear a áirithiú sna parlaimintí Eorpacha agus sna parlaimintí náisiúnta araon;

80. á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin rannpháirtíocht na mban ina gcáil mar vótálaithe agus mar iarrthóirí a chur chun cinn i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa in 2024; á chur i bhfáth, i ndáil leis sin, gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar an Ionstraim Toghcháin chun foráil a dhéanamh maidir leis an deis go ndéanfaí Feisirí de Pharlaimint na hEorpa atá ag baint leas as a gceart chun saoire máithreachais, saoire atharthachta nó saoire do thuismitheoirí a ionadú go sealadach; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Ionstraim Toghcháin dá réir sin agus ar an gComhairle an t-athbhreithniú sin a fhormhuiniú;

81. á iarraidh go mbeidh mná in ann a bpleananna saoil a chomhlíonadh i limistéir thuaithe agus fhorimeallacha freisin; á chur i bhfios, chuige sin, nach mór an bonneagar is gá a bheith ar fáil, réimsí nua gnó a fhorbairt, an filleadh ar an obair a éascú agus rannpháirtíocht raon iomlán comhpháirtithe comhair a spreagadh chun tacú le rochtain ar mhargadh an tsaothair do na mná sin, chun í a spreagadh, a éascú agus a chur chun

cinn, chun comhdheiseanna a áirithiú agus chun comhtháthú sóisialta a fheabhsú i sráidbhailte;

82. ag cur béim ar ról gníomhach agus ríthábhachtach na mban i ngeilleagar na gceantar tuaithe, agus á chur in iúl gur oth léi go bhfuil difríochtaí suntasacha inscne ann i gcónaí san fhostaíocht i réimse na talmhaíochta agus maidir leis an rochtain ar an tslándáil shóisialta, ar oiliúint, ar shaoire mháithreachais agus ar phinsin scoir; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla tacaíocht a thabhairt do thionscadail atá dírithe go háirithe ar mhná, maidir le gníomhaíochtaí nuálacha talmhaíochta a chruthú i gceantair thuaithe agus bhánaithe chun an seasamh atá acu i margadh na talmhaíochta a neartú, as a bhféadfadh poist nua teacht; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, deiseanna maoinithe a shainaithint faoin dara colún den Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) chun rochtain na mban ar thalamh a mhéadú agus chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid dálaí oibre i gceantair thuaithe, go háirithe i gceantair na n-oibrithe séasúracha;

83. á iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur lena iarrachtaí chun bearta nithiúla agus cistí sonracha a chur chun cinn chun feimiú na bochtaineachta agus na hoibre forbhásaí a chomhrac, agus béim ar leith á leagan ar mhná a bhíonn ag plé leis an iliomad cineálacha idirdhealaithe;

84. ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit i dtaca lena rún an 28 Aibreán 2016 maidir le hoibrithe tí agus cúramóirí in AE ar mná iad; ag tathant ar an gCoimisiún creat a thabhairt isteach chun an obair agus an cúram tí a ghairmiúlú, faoina dtabharfaí aitheantas do na gairmeacha agus na scileanna ábhartha agus faoina ndéanfaí iad a chaighdeánú agus as a dtiocfadh forbairt gairme, agus na Ballstáit a spreagadh chun córais a bhunú maidir leis an ngairmiúlú, an oiliúint, forbairt leanúnach scileanna agus maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí na n-oibrithe tí agus cúraim ar mná iad, chomh maith le gníomhaireachtaí poiblí fostaíochta a chruthú chun an gairmiúlú a neartú;

85. á iarraidh ar na Ballstáit beartais a chur chun cinn agus a fhorbairt laistigh d’earnáil na dtaibhealaíon, lena n-urramaítear luach na gcomhdheiseanna, chomh maith le comhionannas inscne sna gníomhaíochtaí uile, agus béim á leagan ar éifeachtaí diúltacha na n-éagothromaíochtaí agus na n-éagothroime atá ann le fada a mhaolú, amhail an deighilt inscne ar fud earnáil an cheoil, áit a bhfuil an cóimheas idir fir agus mná thart ar 70 % go 30 % faoi seach ar fud na réigiún go léir agus san Eoraip, le mná arb ionann iad agus 20 % nó níos lú de na cumadóirí agus na cumadóirí amhrán atá cláraithe, agus go dtuilleann siad 30 % níos lú ar an meán ná na fir atá ag obair san earnáil, agus gan mná ach ag cumadh 2.3 % de na saothair chlasaiceacha a léirítear ag ceolchoirmeacha agus gan ina seilbh acu ach 15 % de lipéid ceoil;

86. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an tsoghluaisteacht shóisialta theoranta lena gcuirtear bac ar shoghluaisteacht saothair i measc na mban; á chur i bhfáth an gá atá ann feabhas a chur ar dheiseanna do shoghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas;

***Beartais dhigiteacha don chomhionannas inscne***

87. á chur in iúl gurb oth léi gannionadaíocht na mban sa gheilleagar digiteach, in earnáil na hintleachta saorga, in earnáil TFC agus in earnálacha STEM ó thaobh oideachais, oiliúna agus fostaíochta de, agus á chur i bhfios go bhfuil baol ann go ndéanfaí

steiréitíopaí agus claontacht inscne a atreisiú agus a atáirgeadh trí ríomhchlárú na hintleachta saorga agus na gclár eile; ag tabhairt chun suntais na buntáistí agus na deiseanna féideartha a bhaineann leis an digitiú, ach freisin na dúshláin fhéideartha a d'fhéadfadh a bheith leo do mhná agus do chailíní, agus ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go nglacfar bearta nithiúla príomhshruthaithe inscne i gcur chun feidhme na straitéise maidir leis an margadh aonair agus maidir leis an gclár oibre digiteach lena gcoisctear, in am agus i dtráth, aon tionchar diúltach a bheadh ag an digitiú ar mhná agus ar chailíní, agus nasc soiléir a áirithiú idir gealltanais maidir le deireadh a chur le steiréitíopaí agus gníomhaíochtaí cuimsitheacha chun neamhspleáchas na mban a áirithiú i dtaca le cruthú an mhargaidh dhigitigh saothair; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta nithiúla a mholadh le haghaidh teicneolaíochtaí agus IS chun uirlisí a dhéanamh díobh sa chomhrac chun steiréitíopaí inscne a dhíothú agus chun cumhacht a thabhairt do chailíní agus do mhná dul isteach i réimsí staidéir STEM agus TFC agus fanacht ar na bealaí gairme sin;

88. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar leithscaradh cothrománach agus ingearach san fhostaíocht agus i gcleachtais idirdhealaitheacha sna cinntí a bhaineann le hearcú agus ardú céime, lena n-áirítear beartais lena gcuirtear chun cinn lánpháirtiú na mban ó ghrúpaí imeallaithe sa mhargadh saothair;

89. á iarraidh go ndéanfaí struchtúr na norm traidisiúnta inscne agus sannadh na bpost agus na ngníomhaíochtaí inscne-shonracha a bhriseadh tuilleadh agus é mar aidhm leis sin dochar leanúnach agus steiréitíopaí inscne a shárú; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé iad siúd go léir a bhfuil baint acu
leis an bpróiseas maidir le roghnú cúrsaí staidéir agus gairmeacha a íogrú i ndáil leis sin;

90. á chur i bhfios go láidir an tábhacht a bhaineann le rochtain ar scileanna digiteacha a sholáthar do mhná níos sine, do mhná i gceantair thuaithe agus do mhná agus cailíní i bpoist faoi mhíbhuntáiste le rochtain theoranta ar theicneolaíochtaí nua agus leis na scileanna digiteacha sin a fhorbairt dóibh, chun a áirithiú go bhfanfaidh siad nasctha leis an saol gníomhach agus chun gur fusa dóibh coinneáil i dteagmháil le cairde agus le gaolta;

91. á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin clár Fís Eorpach a úsáid chun léargais agus réitigh a chur ar fáil maidir le haghaidh a thabhairt ar laofacht inscne a d'fhéadfadh a bheith ann san intleacht shaorga; á iarraidh, áfach, go n-úsáidfear an maoiniú uile is féidir chun tacú le tionscadail a spreagann cailíní agus mná chun a scileanna digiteacha a fheabhsú, agus a thugann eolas dóibh maidir le STEM;

92. ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú ag teacht, le linn imeachtaí amhail paindéim an choróinvíris atá ag dul ar aghaidh faoi láthair, ar ról na teilea-oibre agus na cianoibre agus ar na deiseanna lena mbaineann; á iarraidh ar an gCoimisiún ról na teilea-oibre agus na cianoibre a chur san áireamh sa straitéis mar ghné thábhachtach chun cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach;

***Príomhshruthú inscne i ngach beartas AE agus maoiniú na mbeart comhionannais inscne***

93. á chur i bhfáth gur uirlisí ríthábhachtacha iad príomhshruthú inscne agus buiséadú inscne chun éifeachtaí gníomhaíochtaí éagsúla beartais agus úsáid bhuiséadach ar fhir agus ar mhná a mheas agus a spriocdhíriú agus gur cheart iad a úsáid i rith an phróisis

déanta beartas agus na ngníomhaíochtaí buiséadacha;

94. ag athdhearbhú an tábhacht a bhaineann le príomhshruthú inscne mar chur chuige córasach chun comhionannas inscne a ghnóthú; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, tascfhórsa nuabhunaithe an Choimisiúin maidir le comhionannas agus á iarraidh go gcuirfí oiliúint leormhaith ar an tascfhórsa sin, go gcuirfí acmhainní leormhaithe ar fáil dó agus go ndéanfaí tuairisciú go tráthrialta don Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne faoina chuid oibre; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá trédhearcacht agus rannpháirtíocht eagraíochtaí chearta na mban agus ESSanna ó chúlraí éagsúla; ag tathant ar an gCoimisiún forálacha a ionchorprú lena mbeadh sé éigeantach d’Ard-Stiúrthóireachtaí breithniú a dhéanamh ar ionchur ón tascfhórsa agus cúrsaí oiliúna a fhorbairt do gach ball foirne, chomh maith le próisis chun faireachán agus measúnú a dhéanamh ar phríomhshruthú i gcomhréir lena mhisean;

95. á iarraidh ar an gCoimisiún, ar an bParlaimint agus ar an gComhairle fochlár téamach a chruthú do mhná i gceantair thuaithe trí Phleananna Straitéiseacha an Chomhbheartais Talmhaíochta arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT); á chur i bhfáth gur cheart go bhféachfaí leis an bhfochlár seo fostaíocht agus fiontraíocht na mban a spreagadh, trí úsáid a bhaint as deiseanna atá nasctha leis an agrathurasóireacht agus le sráidbhailte digiteacha a fhorbairt, feabhas a chur ar an rochtain atá ag banfheirmeoirí ar thalamh, ar chreidmheas agus ar ionstraimí airgeadais, ar scileanna agus ar fheidhmíocht trí sheirbhísí oideachais, oiliúna agus comhairleacha, trí rannpháirtíocht mhéadaithe i ngrúpaí gníomhaíochta áitiúla agus trí chomhpháirtíochtaí áitiúla a fhorbairt faoi chlár Leader; á iarraidh i ndáil leis sin go ndéanfaí cistí AE a chur ar leataobh le haghaidh dálaí maireachtála agus oibre níos fearr i gceantair thuaithe, lena n-áirítear rochtain níos fearr ar sheirbhísí agus bonneagar a fhorbairt, agus béim ar leith á leagan ar rochtain ar idirlíon leathanbhanda, chomh maith le tacú le tionscnaimh fiontraíochta agus le rochtain ar chreidmheas, agus ar an gcaoi sin mná i gceantair thuaithe a chumhachtú; á iarraidh ar na Ballstáit dea-chleachtais a mhalartú maidir le stádas gairmiúil chun cúnamh a thabhairt do chéilí in earnáil na talmhaíochta, agus ar an gcaoi sin aghaidh a thabhairt ar chearta slándála sóisialta na mban, lena n-áirítear saoire mháithreachais nó teidlíochtaí pinsin, agus á iarraidh ar an gCoimisiún treoir a ullmhú i ndáil leis sin;

96. á iarraidh ar an gCoimisiún fiontraíocht na mban agus rochtain ar iasachtaí agus ar mhaoiniú cothromais a chur ar aghaidh trí chláir agus cistí AE, agus á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn aige bearta nua a thabhairt isteach chun gnólachtaí nuathionscanta atá faoi stiúir na mban agus fiontair bheaga agus mheánmhéide nuálacha a chur chun cinn in 2020, agus chun comhionannas inscne a neartú faoin gclár Fís Eorpach; á chur i bhfáth gur uirlis ríthábhachtach é an ceanglas ar iarratasóirí maidir le pleananna comhionannais inscne chun dul chun cinn a dhéanamh sa réimse sin; á chur i bhfáth gur gá feasacht a mhúscailt maidir leis na deiseanna atá ag fiontraithe ban agus ag fiontraithe cailíní i ndáil le maoiniú AE atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus gur gá cur le hinfheictheacht ceannairí ban chun eiseamláirí níos láidre a bhunú agus steiréitíopaí atá ann cheana a bhriseadh;

97. á chur i bhfáth go bhféadfaí an fhreagairt ar eipidéim COVID-19 a úsáid chun acmhainní buiséadacha breise a bhunú a d’fhéadfadh na Ballstáit a shlógadh chun tacú le híospartaigh an fhoréigin;

98. á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach bhfuil gné inscne ná aon tagairt do chomhionannas inscne san áireamh sa Chomhaontú Glas don Eoraip agus i dtionscnaimh ghaolmhara; ag tathant go ndéanfaí príomhshruthú inscne a ionchorprú i mbeartais chomhshaoil agus aeráide an Aontais, amhail an Comhaontú Glas, agus á chur i bhfáth go gcaithfear na beartais sin a bheith bunaithe ar mheasúnuithe tionchair inscne chun a áirithiú go dtabharfaidh siad aghaidh ar an neamhionannas inscne atá ann faoi láthair agus ar chineálacha eile eisiaimh shóisialta; á iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur le tacaíocht airgeadais agus institiúideach chun gníomhaíocht aeráide atá cóir ó thaobh inscne de a chur chun cinn agus bearta láidre beartais a bhunú chun rannpháirtíocht chothrom na mban a spreagadh i gcomhlachtaí cinnteoireachta agus i mbeartas aeráide ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil, atá ríthábhachtach chun ceartas aeráide fadtéarmach a bhaint amach, agus chun aitheantas agus tacaíocht a thabhairt do mhná agus do chailíní mar ghníomhairí don athrú;

99. á iarraidh ar an gCoimisiún treochlár a cheapadh chun na gealltanais a tugadh maidir leis an bPlean Gníomhaíochta athnuaite maidir le hInscne a comhaontaíodh ag COP25 a chomhlíonadh, agus pointe fócasach buan de chuid an Aontais maidir leis an athrú aeráide agus inscne a chruthú, ina mbeidh acmhainní buiséadacha leordhóthanacha, chun gníomhú ar son na haeráide atá freagrach ó thaobh inscne de a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh uirthi san Aontas agus ar fud an domhain;

100. á chur i bhfáth, leis an gcéad CAI eile, gur gá na hacmhainní atá ar fáil do chláir an Aontais a mhéadú, ar cláir iad atá dírithe ar an gcomhionannas inscne agus cearta na mban a chur chun cinn, go háirithe Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh, agus á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go n-áireofar clásal maidir le príomhshruthú inscne sa togra athbhreithnithe don chéad CAI eile; ag tathant ar an gCoimisiún dlús a chur lena iarrachtaí buiséadú inscne a chur chun feidhme mar chuid lárnach den nós imeachta buiséadach ag gach céim agus ina línte buiséid go léir, agus línte buiséid neamhspleácha a áireamh le haghaidh gníomhaíochtaí spriocdhírithe; á chur i bhfios go láidir gur cheart measúnú tionchair inscne a dhéanamh ar gach beart, sásra nó straitéis nua; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle, sa chomhthéacs sin, infheistíocht a dhéanamh sa gheilleagar cúraim agus Margadh Cúraim don Eoraip a ghlacadh, chun an Comhaontú Glas don Eoraip a chomhlánú;

101. á iarraidh ar an gCoimisiún an comhionannas inscne agus peirspictíocht saolré a chur san áireamh agus na beartais agus na straitéisí Eorpacha is déanaí á múnlú, lena gcuideofar le neamhspleáchas eacnamaíoch na mban a mhéadú agus le neamhionannais sa réimse sin a laghdú san fhadtéarma;

102. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gníomhú chun a áirithiú go mbeidh mná in ann tairbhe a bhaint as na deiseanna a chruthaítear leis an aistriú glas; á chur i bhfios go láidir gur cheart an inscne a phríomhshruthú sna beartais fostaíochta a bhaineann leis an inbhuanaitheacht agus leis an aistriú cóir chun beartais a chur i gcrích lena gceadófaí cothromaíocht cheart oibre is saoil agus lena n-áiritheofar pá comhionann, ioncam cuibhiúil, forbairt phearsanta agus cosaint shóisialta leormhaith; ag tathant gur cheart gné na hinscne a ionchorprú i dtionscadail a mhaoinítear faoi chláir chomhshaoil agus i rochtain ar infheistíochtaí le haghaidh gníomhú ar son na haeráide;

103. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún cur leis an gcomhionannas inscne agus le cumhachtú na mban sa spórt i gcoitinne, i bhfianaise an róil chumhachtaigh

dhoshéanta a d'fhéadfadh a bheith ag an spórt chun cabhrú le mná agus cailíní steiréitíopaí inscne a shárú, chun muinín a chothú agus chun a scileanna ceannaireachta a neartú; á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún ardáin éifeachtacha a chur ar fáil chun eiseamláirí agus ceannairí ban a chur chun cinn le cumhacht idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil; á iarraidh ar na Ballstáit beartais a chur chun cinn agus a fhorbairt chun an bhearna luacha saothair bunaithe ar inscne agus chun éagothromaíochtaí sa duaischiste a chomhrac, aon chineál foréigin in aghaidh ban agus cailíní sa spórt a chomhrac agus chun a áirithiú go mbeidh cumhdach níos mó ar mhná sna meáin spóirt agus i bpoist chinnteoireachta; á iarraidh ar an gCoimisiún spórt a áireamh san fheachtas atá beartaithe i gcoinne steiréitíopaí;

104. á iarraidh ar an Aontas gné atá cothrom ó thaobh inscne de agus trasnach a ghlacadh chun freagairt do ghéarchéim COVID-19 agus cistiú suntasach a leithdháileadh ón Ionstraim um Théarnamh agus Athléimneacht ar bhearta comhionannais inscne, go háirithe in earnálacha mórbhaineannaithe, agus chun cearta na mban a chur chun cinn; á iarraidh go mbunófaí an cistiú ar phrionsabal intomhaiste maidir le príomhshruthú inscne trína bhféadfar dáileadh cothrom, leormhaith agus comhleanúnach cistiúcháin a ráthú; á iarraidh, ina theannta sin, go mbeadh ciste tiomnaithe coróinvíris don chomhionannas inscne ann chun tacú leis an gcomhrac i gcoinne na neamhionannas atá ann cheana;

105. á athdhearbhú gur gá gné na hinscne a ionchorprú tuilleadh sa straitéis 2021 maidir le comhionannas do dhaoine faoi mhíchumas, le haird chuí ar rochtain níos fearr ar mhargadh an tsaothair trí bhearta agus trí ghníomhaíochtaí spriocdhírithe;

106. ag meabhrú rún an 29 Samhain 2018 uaithi maidir le staid na mban atá faoi mhíchumas[41]; ag tathant ar an gCoimisiún togra comhdhlúite a chur ar aghaidh faoi chuimsiú na Straitéise Eorpaí um Míchumas i ndiaidh 2020 lena n-áireofaí forbairt gníomhaíochtaí dearfacha a bheadh dírithe ar mhná atá faoi mhíchumas chun a áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach go hiomlán agus go héifeachtach i margadh an tsaothair agus chun an t-idirdhealú a dhéantar orthu agus an chlaontacht ina n-aghaidh a dhíothú, lena n-áirítear bearta chun an fhostaíocht, an oiliúint, socrúcháin fostaíochta, conairí gairme comhionanna, an pá comhionann, an inrochtaineacht ar chóiríocht réasúnta san áit oibre agus an bhreisfhoghlaim a chur chun cinn, agus aird á tabhairt ar a gcuimsiú digiteach agus ar an ngá atá leis an gcothromaíocht oibre is saoil a chosaint; á iarraidh freisin go dtabharfaí aghaidh go sainráite ar riachtanais tuismitheoirí agus cúramóirí leanaí atá faoi mhíchumas, go háirithe mná agus teaghlaigh aontuismitheora, i mbearta a bhaineann leis an mbearna phá, an bhearna phinsin agus an bhearna chúraim idir na hinscní; ag tabhairt dá haire go bhfuil gá le Ráthaíocht um Chearta Daoine faoi Mhíchumas lena ngabhann bearta sonracha agus lena dtugtar aghaidh ar riachtanais na mban atá faoi mhíchumas, agus gur gá an Ráthaíocht don Aos Óg a threisiú;

107. á iarraidh ar an gCoimisiún teagmháil a dhéanamh leis na mná is leochailí go háirithe; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún a áirithiú nach bhfágfar aon bhean ar lár le gníomhaíochtaí ábhartha uile na straitéise;

108. ag tarraingt aird ar an bhfíoras nach ann do ghné na hinscne i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair; á chur i bhfáth gur cheart an príomhshruthú inscne a bheith

[41] IO C 363, 28.10.2020, lch. 164.

ina dhlúthchuid d'fhorbairt na mbeartas agus na straitéisí maidir le sábháilteacht agus sláinte ceirde (OSH) i ngach earnáil, lena n-áirítear san athbhreithniú a dhéanfaidh an Coimisiún amach anseo ar an gCreat Straitéiseach maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair i ndiaidh 2020; ag tathant ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na comhpháirtithe sóisialta a mheas gur galair cheirde agus tinnis a bhaineann leis an obair iad na galair sin nach n-aithnítear mar sin go fóill, ar galair iad atá an-fhorleathan i bpoist atá ag cuid mhór ban, mar aon leis na galair a bhíonn ag gabháil do mhná go sonrach, an comhionannas inscne a phríomhshruthú i ngairmeacha ina bhfuil na fir ina dtromlach, a bhfuil cuid mhór bearnaí fós ann, lena n-áirítear i ndáil le fearais sláintíochta, trealamh oibre nó trealamh cosanta pearsanta, cosaint agus sábháilteacht mháithreachais ag an áit oibre agus bearta maidir le filleadh ar an obair tar éis saoire mháithreachais a áirithiú, agus meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí saothair in earnálacha ina bhfuil cuid mhór ban ag obair, lena n-áirítear sa bhaile, nuair a bhítear ag déileáil le hobair agus cúram tí;

109. á iarraidh ar an gCoimisiún, i bhfianaise na mbuntáistí cruthaithe a bhaineann le bainne daonna do naíonáin nuabheirthe, beathú cíche a chur chun cinn, go háirithe do naíonáin réamh-théarma; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le beartais lena gcuirtear feabhas ar ghlacadh bainne daonna, lena n-áirítear beathú cíche agus bainne deonaithe araon, do naíonáin réamh-théarma, agus úsáid trasteorann banc bainne a chur chun cinn chun a áirithiú go bhféadfaidh mná i réigiúin teorann leas a bhaint as an tacaíocht sin nuair is gá;

110. ag tathant go gcuirfí míchumas san áireamh mar ghné de gach tionscnamh ginearálta comhionannais inscne a chuirtear chun cinn san Aontas Eorpach; ag tathant go ráthaítear cosaint d'íospartaigh an fhoréigin inscne atá faoi mhíchumas agus atá ina gcoimircí cúirte nó in aon scéim inniúlachta dlí teoranta eile, agus ag tathant chun na críche sin go mbeadh ann do rochtain éifeachtach ar cheartas don ghrúpa daoine seo agus d'oiliúint agus fothú acmhainní do ghairmithe sna seirbhísí speisialta a ghníomhaíonn sna himeachtaí sin (amhail ceartas coiriúil nó gairmithe sláinte); ag tathant go mbunófaí córas oideachais inrochtana a bheadh saor ó steiréitíopaí lena gceadaítear do chailíní agus do mhná faoi mhíchumas na réimsí a ndéanann siad staidéar orthu agus a n-oibríonn siad iontu a roghnú i bhfianaise a mianta agus a dtallainne féin, gan a bheith teoranta ag an neamh-inrochtaineacht, ag an gclaontacht ná ag steiréitíopaí; ag tacú le rannpháirtíocht na mban faoi mhíchumas mar mhúnlaí le haghaidh athruithe i gcomhionannas inscne agus i ngluaiseachtaí chearta na mban; ag tathant go gcuirfí san áireamh mná agus cailíní faoi mhíchumas, lena n-áirítear iad siúd in institiúidí, sna pleananna uile maidir le hailse chíche agus cheirbheacs a chosc sna Ballstáit, chomh maith leis an ngrúpa sin a áireamh i ngach clár frith-VEID/SEIF agus i ngach clár eile chun galair ghnéas-tarchurtha a dhíothú; ag tathant go ndéanfaí na táscairí agus na sonraí go léir a bhailítear maidir le saincheisteanna comhionannais inscne a mhiondealú de réir aoise, míchumais agus inscne;

***Cur in aghaidh frithfhreagairtí i gcoinne an chomhionannais inscne***

111. á athdhearbhú gur gá malartú rialta dea-chleachtas a bheith ann idir na Ballstáit, an Coimisiún agus na príomh-gheallsealbhóirí (amhail gairmithe cúraim sláinte, rialtóirí agus ESSanna) maidir le gnéithe inscne sa tsláinte, lena n-áirítear treoirlínte le haghaidh oideachas cuimsitheach gnéis agus caidrimh, SRHR agus freagairtí ar eipidéimí atá íogair ó thaobh inscne de; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta breise agus tacaíocht

bhreise a thabhairt chun SRHR a ráthú le linn chur chun feidhme na straitéise reatha um chomhionannas inscne agus SRHR a áireamh sa chéad straitéis sláinte eile de chuid an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit a gcórais sláinte a neartú agus rochtain uilíoch agus ardcháilíochta a sholáthar ar gach seirbhís cúraim sláinte, agus éagothromaíochtaí sa rochtain ar sheirbhísí cúraim sláinte, lena n-áirítear seirbhísí SRHR, idir na Ballstáit agus laistigh díobh a laghdú; á iarraidh, i ndáil leis sin, ar na Ballstáit rochtain shlán, thráthúil agus iomlán ar SRHR agus ar na seirbhísí cúraim sláinte is gá a áirithiú;

112. á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar neamhionannais sláinte laistigh de straitéis sláinte AE atá ar na bacáin, ar cheart di díriú ar rochtain ar chúram sláinte coisctheach ag gach céim den saol, ar shláinte agus sábháilteacht na mban san ionad oibre, agus ar bhéim shonrach inscne a leagan ar phlean na hEorpa maidir le hailse; á chur i bhfios go láidir arís a thábhachtaí atá leigheas agus taighde inscne-shonrach, agus á chur i bhfáth, dá bhrí sin, gur cheart tacú leis an infheistíocht sna difríochtaí idir mná agus fir i ndáil lena sláinte tríd an gclár Fís Eorpach chun go mbeidh córais cúraim sláinte in ann freagairt níos fearr do riachtanais éagsúla na mban agus na bhfear;

113. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le taighde ar fhrithghiniúint neamh-hormónach do mhná, trí níos mó roghanna malartacha a chur ar fáil dóibh, chomh maith le tacú le taighde ar fhrithghiniúnaigh d’fhir, lena ndírítear ar chomhionannas a chur ar fáil maidir le rochtain ar fhrithghiniúnaigh agus a n-úsáid, chomh maith le freagracht chomhroinnte;

114. á éileamh go dtacófaí le cosantóirí chearta na mban agus le heagraíochtaí chearta na mban in AE agus ar fud an domhain, lena n-áirítear eagraíochtaí atá ag obair ar shaincheisteanna SRHR agus LGBTI+, tríd an tacaíocht airgeadais a mhéadú agus a chur in áirithe sa chéad CAI eile; á chur i bhfios go láidir ina theannta sin na deacrachtaí airgeadais a d’eascair as an ngéarchéim atá ann faoi láthair agus á iarraidh go gcuirfí maoiniú breise ar fáil chun a gcuid oibre leanúnach a mhaoiniú go leordhóthanach; á chur in iúl gur cúis bhuartha di an fhrithfhreagairt i gcoinne chearta na mban agus an chomhionannais inscne atá aitheanta i roinnt Ballstát agus, go háirithe, na hiarrachtaí chun cúram ginmhillte a choiriúlú tuilleadh agus an bonn a bhaint de rochtain daoine óga ar oideachas gnéasach cuimsitheach sa Pholainn, agus an t-athchóiriú a glacadh lena ndéantar cearta trasinscneacha agus idirghnéasacha a ionsaí san Ungáir; á iarraidh go ndéanfaí faireachán leanúnach ar an staid mar atá maidir le cearta na mban agus comhionannas inscne, lena n-áirítear tionscnaimh bhréagaisneíse nó aischéimnitheacha sna Ballstáit uile, agus go mbeadh córas aláraim ann chun an dul ar gcúl a thabhairt chun suntais; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le staidéir lena ndéantar anailís ar an nasc idir gluaiseachtaí frithdhaonlathacha agus ionsaithe agus feachtais bhréagaisnéise maidir le cearta na mban agus comhionannas inscne, mar aon le feachtais ar an daonlathas, agus á iarraidh ar an gCoimisiún anailís a dhéanamh ar na bunchúiseanna atá leo agus neart a chur lena n-iarrachtaí chun dul i ngleic leo, agus seiceálacha fíoras, frithinsintí agus feachtais múscailte feasachta á bhforbairt;

115. á iarraidh ar an gCoimisiún feachtas domhanda a chur i gcrích i gcoinne na n-ionsaithe méadaitheacha atá á bhfulaingt acu agus chun a áirithiú go scaoilfear saor cosantóirí chearta an duine, agus aird ar leith á díriú ar chosantóirí chearta na mban; á iarraidh go ndéanfar iarscríbhinn a thabhairt isteach láithreach i dTreoirlínte an Aontais maidir le Cosantóirí Chearta an Duine lena ndírítear ar straitéisí agus uirlisí breise a aithint agus a

fhorbairt chun freagairt níos fearr agus níos éifeachtaí a thabhairt ar chás sonrach, ar bhagairtí sonracha agus ar na fachtóirí riosca sonracha a bhíonn ag cosantóirí chearta daonna na mban agus chun iad a chosc;

116. ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cosaint a thabhairt do mhná atá an-leochaileach maidir leis an il-idirdhealú, agus aitheantas á thabhairt do na cineálacha trasnacha idirdhealaithe a bhíonn ag mná bunaithe ar inscne, eitneacht, náisiúntacht, aois, míchumas, stádas sóisialta, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne, agus stádas imirce, agus a áirithiú go gcuirfidh na gníomhaíochtaí a chuirtear chun feidhme riachtanais shonracha na ngrúpaí sin san áireamh agus go bhfreagróidh siad do na riachtanais sin;

117. á mheabhrú di rún an 12 Feabhra 2019 maidir leis an ngá atá le Creat Straitéiseach neartaithe de chuid AE i ndiaidh 2020 le haghaidh Straitéisí Náisiúnta um Chuimsiú na Romach[42], ina luaitear nár tugadh aon fheabhas faoi deara i bhformhór na mBallstát maidir leis an rochtain ar fhostaíocht, go bhfuil imní mhór ann maidir le tithíocht agus gur beag an dul chun cinn atá déanta ó thaobh na bochtaineachta de, agus go bhfuil gá le gné láidir inscne i gcreat AE; á chur in iúl go bhfuil imní uirthi faoin bhfuathchaint i gcoinne na Romach i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, agus faoi na srianta breise a thug roinnt Ballstát isteach chun na pobail Romacha a chur ar coraintín, agus go bhfuil imní uirthi faoi dhrochthionchar na n-iarmhairtí ar na grúpaí is leochailí i measc na Romach, amhail cailíní, mná óga, mná scothaosta, daoine atá faoi mhíchumas nó daoine LGBTIA+; ag tathant ar an gCoimisiún creat straitéiseach de chuid AE maidir le comhionannas agus cuimsiú na Romach a ghlacadh a luaithe is féidir, anailís a dhéanamh ar an tionchar atá ag an gcoróinvíreas ar phobail na Romach agus bearta a ghlacadh chun frithfhreagairtí ina gcoinne a sheachaint;

118. ag tathant ar an gCoimisiún creat nithiúil a bhunú do chearta agus do chosaint oibrithe gnéis le linn géarchéime agus ina diaidh; á áitiú freisin a thábhachtaí atá sé go n-áireofaí bearta agus straitéisí a théann i ngleic leis an idirdhealú atá os comhair oibrithe gnéis maidir le rochtain a fháil ar mhaoiniú, ar thithíocht, ar chúram sláinte, ar oideachas agus ar sheirbhísí eile;

119. á thabhairt chun suntais go bhfuil na meáin chlosamhairc agus na meáin chlóite ar cheann de na hearnálacha lena mbaineann tábhacht shuntasach chultúrtha, shóisialta agus eacnamaíoch, a dhéanann an sochaí agus an cultúr a léiriú agus a mhúnlú araon; á chur in iúl gur oth léi go bhfuil mná faoi ghannionadaíocht mhór i bpríomhphoist chruthaitheacha san earnáil sin, lena n-áirítear sa tionscal scannánaíochta ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain; á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar steiréitíopaí inscne sna meáin agus ábhar atá comhionann ó thaobh inscne de a chur chun cinn; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé litearthacht sna meáin a chothú agus tionscnaimh maidir le hoideachas sna meáin atá íogair ó thaobh inscne de a chur ar fáil do na geallsealbhóirí ábhartha uile; á iarraidh ar na Ballstáit reachtaíocht a ghlacadh lena dtoirmiscfear fógraíocht ghnéasaíoch sna meáin agus oiliúint agus cúrsaí praiticiúla a chur chun cinn maidir le cur i gcoinne steiréitíopaí inscne i scoileanna iriseoireachta, cumarsáide, meán agus fógraíochta; á iarraidh ar an gCoimisiún cuidiú le comhroinnt dea-chleachtas i réimse an chomhraic i gcoinne fógraí gnéasaíocha; á iarraidh ar na Ballstáit beartais a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun deireadh a chur le

[42] Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0075.

neamhionannais leanúnacha laistigh den earnáil chlosamhairc ina hiomláine chun deiseanna a chur ar fáil agus a fheabhsú do mhná agus do chailíní;

***Comhionannas inscne trí chaidreamh seachtrach***

120. i gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE, ina luaitear gur cheart don Aontas, ina chuid gníomhaíochtaí uile, díriú ar neamhionannais a dhíothú agus comhionannas idir fir agus mná a chur chun cinn, á iarraidh go mbeidh comhleanúnachas ann idir beartais inmheánacha agus sheachtracha AE agus atreisiú frithpháirteach bheartais inmheánacha agus sheachtracha AE maidir le prionsabail an il-idirdhealaithe, an phríomhshruthaithe inscne agus an chomhionannais inscne, cur i gcoinne steiréitíopaí agus noirm inscne, chomh maith le cleachtais dhíobhálacha agus dlíthe idirdhealaitheacha, agus cur chun cinn a dhéanamh maidir le tairbhiú cothrom na mban ar an réimse iomlán de chearta an duine tríd an gcaidreamh seachtrach; ag tabhairt chun suntais go háirithe, sa chomhthéacs sin, beartais trádála, an comhar um fhorbairt agus beartais chearta an duine de chuid an Aontais; á chur i bhfáth an ról príomhúil atá ag cumhachtú na mban chun beartais forbartha a chur chun feidhme go héifeachtach; á mheabhrú a thábhachtaí atá oideachas do chumhachtú na mban agus na gcailíní san Aontas agus sna tíortha comhpháirtíochta araon; á chur i bhfios, ní hamháin gur ceart é an t-oideachas, ach gur uirlis ríthábhachtach é freisin chun troid i gcoinne póstaí luatha agus póstaí éigeantais agus i gcoinne toircheas do dhéagóirí; á áitiú go bhfuil gá le beartas seachtrach AE chun cabhrú le cailíní a choinneáil sna scoileanna agus chun leanúint dá n-oideachas i dtíortha comhpháirtíochta mar ábhar tosaíochta; á chur in iúl gur geal léi an tiomantas athnuaite do chearta na mban agus na gcailíní agus an tagairt do SDGanna agus, go háirithe, do SDG 5 mar phríomhchreat don straitéis um chomhionannas inscne;

121. á iarraidh ar an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme iomlán Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising, Chlár Gníomhaíochta ICPD agus ar thorthaí a gcomhdhálacha athbhreithnithe, agus ar spriocanna uile na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, lena n-áirítear spriocanna 3.7 agus 5.6, laistigh agus lasmuigh den Aontas, agus táscairí á n-úsáid i gcomhréir le creat táscaire domhanda na Náisiún Aontaithe do na SFIanna;

122. á iarraidh ar an gCoimisiún an Plean Gníomhaíochta III maidir le hInscne (GAPIII) nua a ghlacadh go pras, ag cur leis an GAPII atá ann faoi láthair, chun tús a chur lena chur chun feidhme in 2021 mar phríomhionstraim chun comhionannas inscne agus cumhachtú na mban agus na gcailíní a chur chun cinn sa chaidreamh seachtrach; á chur i bhfáth nach mór an doiciméad seo a bheith i bhfoirm teachtaireachta agus nach mór táscairí soiléire, intomhaiste agus faoi cheangal ama a bheith ag gabháil leis, lena n-áirítear róil agus freagrachtaí a leithdháileadh ar na gníomhaithe éagsúla; á iarraidh go gcoinneofaí leis an bplean gníomhaíochta nua an sprioc 85 % maidir le gach clár nua chun rannchuidiú le comhionannas inscne agus sprioc nua 20 % a bhunú le go mbeidh comhionannas inscne mar phríomhchuspóir ag na cláir; á éileamh go dtabharfaidh an Ionstraim nua maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta tús áite do chomhionannas inscne agus do chearta na mban ar fud na gclár geografach agus téamach ar aon dul leis sin; á chur in iúl gur geal léi an t-athrú atá tagtha ar chultúr institiúideach sheirbhísí an Choimisiúin agus na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí chun gealltanais AE maidir le cearta na mban agus comhionannas inscne a chomhlíonadh ar bhealach níos éifeachtaí;

123. á iarraidh ar an gCoimisiún an ról atá ag AE ó thaobh an comhionannas inscne a spreagadh ar fud an domhain a neartú tuilleadh;

124. á iarraidh ar an gCoimisiún tuiscint níos doimhne a chothú ar riachtanais áirithe na mban agus na gcailíní ar imircigh agus iarrthóirí tearmainn iad ó thaobh rochtain a fháil ar thacaíocht sláinte agus oideachais agus ar shlándáil airgeadais chun cosc a chur ar an mbaol go ndéanfaí iad a shaothrú agus chun a áirithiú go n-urramófar a gcearta;

125. ag tabhairt dá haire nach mór don Choimisiún aghaidh a thabhairt ar chás áirithe chosaint na mban i gcoinne an fhoréigin inscne i saoráidí imirce agus glactha tearmainn, agus á iarraidh go mbeadh bonneagar oiriúnaithe ann do mhná agus do chailíní, agus go gcuirfí oiliúint leormhaith ar fáil do bhaill foirne ag na saoráidí sin i gcás inar gá;

126. á chur in iúl gur geal léi beartas trádála AE atá bunaithe ar luachanna agus ag a bhfuil ardleibhéal cosanta do chearta saothair agus comhshaoil, chomh maith le hurraim do shaoirsí bunúsacha agus do chearta an duine, lena n-áirítear comhionannas inscne; á mheabhrú gur gá gach comhaontú trádála agus infheistíochta de chuid an Aontais a phríomhshruthú ó thaobh inscne de agus go n-áirítear orthu caibidil uaillmhianach, in-fhorfheidhmithe maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe; á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin a áirithiú, den chéad uair, go gcuirfear isteach caibidil ar leith maidir le trádáil agus comhionannas inscne sa Chomhaontú Comhlachais nuachóirithe leis an tSile, ag tógáil ar shamplaí idirnáisiúnta atá ann cheana;

127. á athdhearbhú go dtacaíonn sí i gcónaí le hobair an Choimisiúin sa réimse sin;

°

° °

128. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

I mbliana, chun comóradh a dhéanamh ar 25 bliana ó glacadh na cuspóirí a leagtar amach i gClár Oibre Bhéising, déanfar measúnuithe de chineálacha éagsúla ar fud an domhain chun a fháil amach cá mhéad dul chun cinn atá déanta ó thaobh ghnóthú an chomhionannais inscne. Léireoidh na measúnuithe sin athuair go ríléir nach bhfuil an fíorchomhionannas inscne, i ngach réimse saoil, ag dul chun cinn ach go han-mhall agus go bhfuil éagothroime idir na hinscní fós gan mórán athrú d’ainneoin ár n-iarrachtaí go léir.

Tá foréigean in aghaidh na mban agus feimeamharú fós ina réaltachtaí laethúla, níl neamhspleáchas na mban daingnithe fós mar thoradh ar dheighilt mhór san oideachas agus sa mhargadh saothair, agus is ar mhná is mó a thiteann ualach an phá neamhionainn agus na hoibre cúraim gan phá. Anuas air sin, leantar d’eisiamh na mban ó phoist chinnteoireachta i gcónaí. Idir na hinscní, ní dháiltear go comhionann na poist, i gcúrsaí polaitíochta, eacnamaíochta agus cultúir, lena bhféadfaí difear a dhéanamh agus lena n-áirítear an deis na heagothroimí (structúracha) sin a athrú.

San Innéacs Comhionannais Inscne, arna tharraingt suas ag an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, agus inar ghnóthaigh AE meánscór de 67,4 pointe as 100 féideartha, taispeántar nach bhfuil AE ach beagán thar an leathshlí i mbaint amach iomlán an chomhionannais agus dá bhrí sin go dtacaíonn sí leis na boinn tuisceana thuasluaite.

Cuireadh bac ar bhaint amach an chomhionannais inscne mar thoradh ar bhearta agus ar éifeachtaí na géarchéime eacnamaíche agus ar an easpa tola polaitiúla a bheith ina thosaíocht d’ainneoin gach rud le deich mbliana anuas. Sa lá atá inniu ann, ní mór di aghaidh a thabhairt ar ionsaithe agus frithfhreagairtí arna n-eagrú i roinnt Ballstát, a chosnaíonn an status quo in ionad dul chun cinn a dhéanamh. A bhuíochas le gluaiseachtaí láidre saoránach i roinnt Ballstát, ní rabhthas in ann an dul ar gcúl, a raibh cúis imní ann ina thaobh i roinnt mhaith tíortha, a ghlacadh (ar a laghad i scríbhinn), agus ní rabhthas in ann daoine a choinneáil ina dtost faoin éileamh le haghaidh comhionannas iomlán agus bearta breise ná faoina mbarúil gur cheart don chomhionannas iomlán a bheith mar thoil pholaitiúil againn. Tá éagothroime inscne agus idirdhealú struchtúrach treisithe, áfach, ag roinnt dúshlán sochaíoch éagsúil, amhail mar atá feicthe le déanaí le linn na géarchéime a bhaineann leis an ráig Covid-19. Cé go bhfuil obair na mban i roinnt earnálacha ábhartha riachtanach d’fheidhmiú na sochaí, amhail earnálacha an chúraim sláinte agus an tsoláthair bia, is minic nach mbíonn ach rochtain theoranta ag mná ar sheirbhísí sláinte gnéis agus atáirgthe agus ar struchtúir thacaíochta amhail línte cabhrach agus tearmainn i gcás foréigin.

Is gá dúinn deireadh a chur leis an treocht sin anois agus creat comhchoiteann agus uaillmhianach a chruthú don chéad chúig bliana eile chun bearta éifeachtacha agus comhleanúnacha a leagan síos chun dul i ngleic le gach cineál idirdhealaithe in aghaidh na mban agus na bhfear. Ní mór dúinn ár dtréandícheall a dhéanamh deireadh a chur le hidirdhealú ar fhorais amhail eitneacht, gnéaschlaonadh, céannacht inscne, míchumas, creidimh reiligiúnacha, aicme, náisiúntacht nó aois. Dá bhrí sin, is gá cur chuige trasnach a chleachtadh, ní hamháin i ndáil le comhionannas inscne ach i ndáil le haon bheartas Eorpach eile freisin.

Thairis sin, tá an rapóirtéir den tuairim nach féidir aidhmeanna eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta AE a bhaint amach mura ngnóthaítear go hiomlán an comhionannas inscne. Is gá, mar sin, go dtuigfí gur sprioc uilíoch é an comhionannas, ar sprioc í atá suntasach ó thaobh na

straitéise de. Dá bhrí sin, ní mór don obair a dhéanann institiúidí AE agus na Ballstáit prionsabail an phríomhshruthaithe inscne, measúnú tionchair inscne agus buiséadú inscne a ionchorprú go hiomlán.

Is féidir a rá go bhfuil an moladh ón gCoimisiún le haghaidh Straitéis nua AE um Chomhionannais Inscne, a tíolacadh le linn a chéad 100 lá in oifig, ina chomhartha polaitiúil soiléir chun tacú le gach iarracht comhionannas inscne a ghnóthú. Sainítear ann na spriocanna comhchoiteanna agus na bearta is gá a dhéanamh i réimse chearta na mban agus an chomhionannais inscne in AE, chun deireadh a chur leis an bhforéigean inscnebhunaithe agus le steiréitíopaí, chun rannpháirtíocht chomhionann agus comhdheiseanna a áirithiú sa mhargadh saothair, lena n-áirítear pá comhionann ar luach comhionann a bheith ina réaltacht, agus chun cothromaíocht inscne a ghnóthú ar deireadh thiar i bpoist chinnteoireachta. Thairis sin, tá sé ag teacht le smaoineamh na gcúramóirí comhionanna agus na saothraithe comhionanna, ag moladh beart a chuirfidh ar chumas na mban agus na bhfear obair le pá agus obair gan phá a chomhroinnt go comhionann.

Is geal leis an rapóirtéir, go háirithe, an tiomantas i leith an chomhraic in aghaidh na claontachta inscne agus steiréitíopaí, atá ar cheann de na príomhchúiseanna bunúsacha leis an idirdhealú, agus is geal leis an rapóirtéir freisin an úsáid fhorleathan atá á baint as cur chuige trasnach, ag spriocdhíriú ar iarrachtaí na mban agus na bhfear ina n-éagsúlachtaí go léir, ar cur chuige ríthábhachtach é chun fíordhifríocht a dhéanamh do gach bean agus fear in AE.

Ós rud é gur ceapadh straitéis an Choimisiúin sa chaoi is go bhféadfaí leasuithe leanúnacha a dhéanamh uirthi, déanfaidh Parlaimint na hEorpa faireachán leanúnach ar an straitéis agus molfadh sí gníomhaíochtaí agus bearta breise. Ceapadh an tuarascáil seo, mar cheann de roinnt tuarascála a bheidh ann, ní hamháin chun roinnt beart dearfach atá beartaithe a thabhairt chun suntais ach chun spriocanna, gníomhaíochtaí agus bearta breise a chur i bhfáth freisin, atá ag teastáil chun go mbeidh cinnteoireacht chuimsitheach agus chomhleanúnach ann ar leibhéal AE chun réadú a dhéanamh, ar deireadh thiar, ar AE agus ar dhomhan atá ceart agus cóir ó thaobh na hinscne de.

23.7.2020

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM FHOSTAÍOCHT AGUS UM GHNÓTHAÍ SÓISIALTA

chuig an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

ar Stráitéis AE maidir le Comhionannas Inscne
(2019/2169(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Eugenia Rodríguez Palop

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta ar an gCoiste um Chearta na

mBan agus um Chomhionannas Inscne, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

– ag féachaint do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, go háirithe prionsabail 2, 3, 6, 9 agus 15 de,

– ag féachaint do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) de chuid na Náisiún Aontaithe, go háirithe SFInna 1, 5, 8 agus 10 agus a gcuspóirí agus a dtáscairí faoi seach,

– ag féachaint do Choinbhinsiún 1951 na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (EIS) maidir le Luach Saothair Comhionann, agus do Choinbhinsiún 2019 EIS maidir le Foréigean agus Ciapadh,

– ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún an 7 Márta 2014 maidir le neart a chur le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná trí thrédhearcacht[1],

– ag féachaint do Rannpháirtíocht Straitéiseach an Choimisiúin le haghaidh Comhionannais Inscne 2016-2019,

– ag féachaint do Phlean Gníomhaíochta an Choimisiúin maidir le dul i ngleic leis an mbearna phá idir na hinscní do 2017-2019 (COM(2017)0678),

– ag féachaint do Thuarascáil 2019 ón gCoimisiúin maidir le comhionannas idir mná agus fir in AE,

– ag féachaint do Threoir 2006/54/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2006 maidir le cur chun feidhme phrionsabal an chomhionannais deiseanna agus na córa comhionainne idir fir agus mná i gcúrsaí fostaíochta agus slí bheatha[2] agus do Threoir (AE) 2019/1158 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le cothromaíocht oibre is saoil do thuismitheoirí agus do chúramóirí agus lena n-aisghairtear Treoir 2010/18/AE ón gComhairle[3],

– ag féachaint don Innéacs Comhionannais Inscne ón Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE), agus go háirithe tuarascáil 2019,

– ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle an 13 Meitheamh 2019 dar teideal 'An Bhearna Phá idir na hInscní a Dhúnadh: Príomhbheartais agus Príomhbhearta',

– ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle an 10 Nollaig 2019 dar teideal *Gender-Equal Economies in the EU: The Way Forward* [Comhionannas Inscne i nGeilleagair an Aontais: An Bealach Romhainn],

– ag féachaint don rún uaithi an 26 Bealtaine 2016 maidir leis an mbochtaineacht: gné na hinscne[4],

1 IO L 69, 8.3.2014, lch. 112.

2 IO L 204, 26.7.2006, lch. 23.

[3] IO L 188, 12.7.2019, lch. 79.

[4] IO C 76, 28.2.2018, lch. 93.

– ag féachaint do rún uaithi an 19 Eanáir 2017 maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta[5],

– ag féachaint dá rún an 14 Meitheamh 2017 maidir le Straitéis AE a bheith riachtanach chun deireadh a chur leis an mbearna phinsin idir na hinscní agus í a chosc[6],

– ag féachaint dá rún an 3 Deireadh Fómhair 2017 maidir le cumhachtú eacnamaíoch na mban sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí in AE[7],

– ag féachaint don rún uaithi an 16 Samhain 2017 maidir le neamhionannais a chomhrac mar mhodh éifeachtach chun borradh a chur faoi chruthú post agus faoin bhfás[8],

– ag féachaint dá rún an 30 Eanáir 2020 maidir leis an mbearna phá idir na hinscní[9],

– ag féachaint don teachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2020 dar teideal 'Aontas an Chomhionannais: Straitéis Chomhionannais Inscne, 2020-2025] (COM(2020)0152),

– ag féachaint don rún uaithi an 17 Aibreán 2020 maidir le gníomhaíocht chomhordaithe AE chun paindéim COVID-19 agus a hiarmhairtí a chomhrac[10],

A. de bhrí gur bunluach de chuid an Aontais Eorpaigh é an comhionannas inscne agus go bhfuil sé ar cheann dá phrionsabail choiteanna agus bhunúsacha, a chumhdaítear in Airteagail 2 agus 3(3) CAE, in Airteagail 8 agus 19 CFAE agus in Airteagal 23 de Chairt um Chearta Bunúsacha, lena léirítear tiomantas AE do phríomhshruthú inscne ina bheartais agus ina ghníomhaíochtaí uile; de bhrí go sonraítear go sainráite in Airteagal 157 CFAE nach mór do na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm prionsabal an phá chomhionainn d'oibrithe fireanna agus baineanna as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach;

B. de bharr an mhéid ioncaim a fhaigheann mná ar fud an Aontais Eorpaigh, is lú an tuilleamh a fhaigheann siad ná an tuilleamh a fhaigheann fir; de bhrí, de réir na bhfigiúirí is déanaí ón gCoimisiún, gurb ionann an bhearna inscne in aghaidh na huaire an chloig agus 15.7 %[11], cé go bhfuil éagsúlachtaí suntasacha i gceist ar fud na mBallstát; de bhrí go n-ardaíonn an bhearna phá idir na hinscní go 40 %[12] nuair a chuirtear rátaí fostaíochta agus rannpháirtíocht fhoriomlán sa mhargadh saothair san áireamh; de bhrí nach n-oibríonn ach 8 %[13] d'fhir in AE go páirtaimseartha, agus go

---

[5] IO C 242, 10.7.2018, lch. 24.
[6] IO C 331, 18.9.2018, lch. 60.
[7] IO C 346, 27.9.2018, lch. 6.
[8] IO C 356, 4,10.2018, lch. 89.
[9] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0025.
[10] Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2020)0054.
[11] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Comhionannais Inscne 2020-2025]
[12] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Eanáir 2020 maidir leis mbearna phá idir na hinscní.
[13] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Comhionannais Inscne 2020-2025]

ndéanann beagnach trian de mhná ar fud AE (31 %)[14] amhlaidh, ar chúiseanna éagsúla, lena n-áirítear steiréitíopaí, tosca struchtúracha agus ionchais shochaíocha; de bhrí gur féidir ról ríthábhachtach a bheith ag trédhearcacht phá maidir le dul chun cinn suntasach a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar an mbearna phá idir na hinscní agus chun éagothromaíochtaí a chomhrac, agus go bhféadfadh sí cuidiú le gannluacháil chórasach agus luach saothair neamhleor obair na mban a nochtadh i gcroílár an neamhionannais leanúnaigh pá idir na hinscní; de bhrí gur féidir le cómhargáil difreálaigh pá éagóracha a laghdú agus trédhearcacht phá a chur chun cinn, chomh maith le dul i ngleic le pá íseal i gcoitinne;

C. de bhrí go bhfuil cur chuige trasnach ríthábhachtach chun tuiscint a fháil ar an il-idirdhealú, rud a chuireann leis an mbearna phá idir na hinscní i gcás mná ag a bhfuil meascán d'fhéiniúlachtaí, ar thrasnú na hinscne le tosca sóisialta eile amhail míchumas; de bhrí gur i gcás níos mó ná leath de mhná faoi mhíchumas, go bhfuil siad neamhghníomhach go heacnamaíoch; de bhrí go bhfuil ráta géardhíthe ábhartha do mhná faoi mhíchumas níos airde i ngach Ballstát ná mar atá an ráta do mhná nach bhfuil faoi mhíchumas;

D. de bhrí go bhfuil bearnaí leanúnacha inscne ann a d'fhéadfadh mná a chur i staideanna leochaileacha nó neamhbhuana, cé go bhfuil méadú tagtha ar rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair; de bhrí gurb ionann an bhearna fostaíochta idir na hinscní in AE agus 11.6 %[15]; de bhrí go bhfuil mná faoi ghannionadaíocht in earnálacha dea-íoctha agus i bpoist chinnteoireachta, agus go n-oibríonn siad níos minice i bpoist a bhfuil siad rócháilithe dóibh, agus go mbaineann duine as gach cúigear banoibrithe in AE leis an ngrúpa pá is ísle, i gcomparáid le 1 as 10 fear; de bhrí go n-áirítear le hiarmhairtí na bearna pá idir na hinscní bearna 37 %[16] in ioncam pinsin, staid a mhairfidh ar feadh na mblianta fada amach anseo, agus leibhéal éagothrom neamhspleáchais eacnamaíoch idir mná agus fir; de bhrí go bhfuil gá le hiarrachtaí uaillmhianacha chun na bearnaí inscne sin ar fad a dhúnadh;

E. de bhrí go bhfuil frithfhreagairt infheicthe i roinnt Ballstát, lena n-áirítear sna réimsí a bhaineann le cumhachtú eacnamaíoch na mban, agus go bhfuil baol ann go bhféadfadh go n-ísleodh tuilleadh tábhacht an chomhionannais inscne i gclár oibre na mBallstát;

F. de bhrí go mbíonn tionchar díréireach ag géarchéim COVID-19 ar mhná sa réimse socheacnamaíoch agus go mbeidh míchothromaíochtaí agus idirdhealú níos mó fós ann idir fir agus mná i margadh an tsaothair, ós rud é gur lú an pá a fhaigheann mná agus go bhfuil coigiltis níos lú agus pinsin níos ísle acu, go bhfuil rátaí níos airde acu de chineálacha oibre neamhthipiciúla neamhbhuana agus de chineálacha bochtaineachta, nach bhfuil rochtain chothrom acu ar chosaint shóisialta, go bhfuil an baol ann go leagfar as iad nó go mbeidh orthu níos lú uaireanta oibre a dhéanamh mar gheall ar an ngéarchéim, agus go mbíonn orthu aghaidh a thabhairt ar ualaí méadaithe agus sonracha i gcásanna dianghlasála amhail bheith ag obair go cianda faoi dhálaí struis, cásanna ró-

[14] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Comhionannais Inscne 2020-2025]

[15] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún. *A Union of Equality: Gender Equality Strategy 2020-2025* [Aontas an Chomhionannais: Straitéis maidir le Comhionannais Inscne 2020-2025]

[16] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Eanáir 2020 maidir leis mbearna phá idir na hinscní.

oibre agus comhroinnt neamhchothrom na hoibre tí agus cúraim neamhíoctha; de bhrí gur mná iad formhór na n-oibrithe túslíne, agus gur minic nach n-íoctar go cóir iad nó go gcaitear leo faoi bhun a luacha in earnálacha áirithe;

G. ós rud é go bhfuil mná i gceannas ar sholáthar cúraim agus tacaíochta chun an tsochaí a chosaint i ngéarchéim reatha COVID-19, agus ag an am céanna go bhfuil siad níos mó neamhchosanta ar an mbaol éillithe mar gheall ar a ró-ionadaíocht i ngairmeacha riachtanacha agus níos nochta[17], amhail i gcásanna altraí agus gairmithe sláinte eile, oibrithe cógaslainne, airgeadóirí ollmhargaidh, iad siúd atá ag tabhairt aire do dhaoine scothaosta agus glantóirí, ar toradh é sin ar leithscaradh inscne sa mhargadh saothair;

H. de bhrí go bhfuil cumhachtú eacnamaíoch na mban agus rochtain chomhionann ar acmhainní airgeadais ríthábhachtach chun comhionannas inscne a bhaint amach agus an bhochtaineacht agus an t-eisiamh sóisialta a chomhrac; de bhrí gur i gcásanna nach n-íoctar mná go comhionann, go gcuirtear teorainn lena gcumas neamhspleáchas eacnamaíoch a bhaint amach agus, dá bhrí sin, neamhspleáchas pearsanta a bhaint amach; de bhrí go bhféadfadh ráta na bochtaineachta i measc na mban atá ag obair laghdú ó 8.0 % go 3.8 % dá mba rud é go n-íocfaí an méid céanna le mná agus a íoctar le fir[18]; de bhrí go bhféadfaí 2.5 milliún den 5.6 milliún leanbh atá ag maireachtáil i mbochtaineacht a thógáil amach as an mbochtaineacht tríd an mbearna phá idir na hinscní a dhúnadh; de bhrí go raibh an bhearna idir na hinscní san olltuilleamh míosúil i measc fostaithe idir 15-24 bliana (7 %) níos mó ná cúig huaire níos ísle ná i measc fostaithe atá 65 bliana d'aois nó os a chionn (bearna inscne 38 %), rud a léiríonn go bhfuil pionós soiléir tuillimh ann sa lá atá inniu ann maidir le máithreachas, i dteannta na bearna pá idir mná le leanaí cleithiúnacha agus gan leanaí cleithiúnacha, agus idir máithreacha agus aithreacha chomh maith; de bhrí go n-ardaíonn baol na bochtaineachta go mór feadh shaolré an tsaoil, go dtugtar le fios go bhfuil tionchar carntha ag neamhionannais phá agus ag an mbochtaineacht i measc na ndaoine sin atá 75 bliana d'aois nó níos sine, agus go bhfuil sé dírithe go seasta ar mhná, mar gheall ar an tionchar a bhíonn ag dualgais chúraim inscne gan phá den chuid is mó, mar gheall ar laghdú ama na mban san obair agus/nó ar thuilleamh níos ísle le linn a ngairmréime agus pinsin níos ísle a fhaightear dá bharr sin; de bhrí go bhfuil an bhochtaineacht dírithe den chuid is mó ar theaghlaigh inarb iad na mná an t-aon duine atá ag tuilleamh, le 35 % de na máithreacha aonair in AE i mbaol bochtaineachta i gcomparáid le 28 % d'aithreacha aonair in 2017[19];

I. de bhrí go bhfuil an Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025 agus neartú na mbeartas atá íogair ó thaobh inscne de ar leibhéal an Aontais bunriachtanach chun a áirithiú nach leathnóidh tionchar ghéarchéim COVID-19 neamhionannas inscne agus go rannchuidíonn na freagairtí le hidirdhealú in aghaidh na mban a laghdú;

J. de bhrí, dar leis na Náisiúin Aontaithe, go bhfulaingíonn beagnach 35 % de mhná ar fud an domhain ciapadh síceolaíoch nó gnéaschiapadh san ionad oibre nó ciapadh a bhfuil iarmhairtí tábhachtacha aige ar thoilmhianta pearsanta agus gairmiúla, agus go ndéanann sé dochar d'fhéinmheas na mban, chomh maith lena seasamh caibidlíochta

[17] de réir Eurostat, is mná iad 78 % de na hoibrithe cúraim sláinte ar fad, lena n-áirítear 4.1 milliún cúramóirí pearsanta ar phá íseal agus atá an-nochta: https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-eurostat-news/-/DDN-20200409-2

[18] Dar leis an Institiúid um Thaighde Beartais na mBan.

[19] Ríomh EIGE, EU-SILC (Staidreamh an Aontais Eorpaigh maidir le hIoncam agus Dálaí Maireachtála).

maidir le luach saothair níos cothroime; de bhrí gur gá luach saothair cóir agus neamhspleáchas eacnamaíoch do chumas na mban caidreamh maslach agus foréigneach a fhágáil;

K. de bhrí gur fhulaing bean amháin as gach triúr san Aontas foréigean fisiciúil agus/nó gnéasach ó bhí sí 15 bliana d’aois;

1. á thabhairt dá aire an bunús le hidirghabháil AE mar a thuairiscítear i dtreochlár CE i dtaca leis an Straitéis maidir le Comhionannas Inscne; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá Straitéis maidir le Comhionannas Inscne lena dtugtar tacaíocht do ghníomhuithe na mBallstát ar son comhionannais, lena gcomhordaítear iad agus lena gcomhlánaítear na gníomhuithe sin;

2. á mheabhrú go bhfuil saol na hoibre neamhionann i gcónaí maidir le hioncam, peirspictíochtaí gairme, earnálacha baineannaithe, rochtain ar chosaint shóisialta, agus oideachas agus oiliúint; á mheabhrú nach mór aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sin go léir chun comhionannas inscne a bhaint amach;

3. á chur in iúl gur díol sásaimh di meastóireacht an Choimisiúin ar an gcreat atá ann faoi láthair maidir le pá comhionann as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach, seoladh próisis comhairliúcháin maidir le conas comhionannas inscne a fheabhsú i saol na hoibre, an Tuarascáil maidir le Leordhóthanacht Pinsean atá ar na bacáin, agus an breithniú ar chreidmheasanna pinsin a sholáthar do shosanna gairme a bhaineann le cúram i scéimeanna pinsean ceirde;

4. á chur in iúl gur chúis imní di an tsoghluaisteacht shóisialta theoranta lena gcuirtear bac ar shoghluaisteacht saothair i measc na mban; á chur i bhfáth an gá atá ann feabhas a chur ar dheiseanna do shoghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas;

5. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú ar Threoir 2006/54/CE a thíolacadh laistigh den chéad bhliain eile i gcomhréir leis an meastóireacht a rinneadh le déanaí ar fheidhmiú agus ar chur chun feidhme dhlíthe AE maidir le pá comhionann agus i gcomhréir le cásdlí CBAE; á mheas gur cheart go n-áireofaí san athbhreithniú sin sainmhíniú ar ‘obair ar comhionann a luach’ ar fud na n-earnálacha gairme go léir, lena n-ionchorpraítear gné na hinscne, mar aon le tagairt d’ilchineálacha idirdhealaithe agus do bhearta breise chun in-fhorfheidhmitheacht na treorach a áirithiú;

6. á mheabhrú go gcumhdaítear le hAirteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh prionsabal an neamh-idirdhealaithe, lena n-áirítear ar fhorais inscne;

7. á mheabhrú di rún na Parlaiminte an 30 Eanáir 2020 maidir leis mbearna phá idir na hinscní; á iarraidh go ndéanfar athbhreithniú láithreach ar an bPlean Gníomhaíochta agus go leagfar amach Plean Gníomhaíochta nua agus uaillmhianach um Bearna Phá idir na hInscní faoi dheireadh 2020, lenar cheart spriocanna soiléire a leagan síos do na Ballstáit chun an bhearna phá idir na hinscní a laghdú sna cúig bliana amach romhainn agus a áirithiú go gcuirfear na spriocanna sin san áireamh sna moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha faoi leith; á thabhairt chun suntais, go háirithe, gur gá dearcadh trasnach a áireamh sa Phlean Gníomhaíochta nua; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit ról a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta agus d’eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) i bhforbairt na mbeartas nua chun an bhearna phá idir na hinscní a dhúnadh agus chun staidreamh, taighde agus anailís a fheabhsú agus a fhorbairt

tuilleadh d'fhonn tomhas agus faireachán níos fearr a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir leis an mbearna phá idir na hinscní a dhúnadh, agus aird ar leith á tabhairt ar ghrúpaí a fhulaingíonn cineálacha éagsúla idirdhealaithe agus cineálacha trasnacha idirdhealaithe; á iarraidh ar an gCoimisiún aird a thabhairt ar na tosca as a dtagann bearna na bpinsean agus tacú leis na Ballstáit ina mbearta chun í a laghdú trí tháscaire bearna pinsin idir na hinscní a bhunú chun measúnú a dhéanamh ar neamhionannais charntha a bhíonn ag mná ar feadh a saoil;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar leithscaradh cothrománach agus ingearach san fhostaíocht agus i gcleachtais idirdhealaitheacha sna cinntí a bhaineann le hearcú agus ardú céime, lena n-áirítear beartais lena gcuirtear chun cinn lánpháirtiú na mban ó ghrúpaí imeallaithe sa mhargadh saothair; ag cur béim ar an bhfíoras gur gá infheistíocht a dhéanamh san oideachas agus san oiliúint agus i bpróisis earcaíochta agus roghnúcháin atá íogair ó thaobh inscne de ar fud na n-earnálacha príobháideacha agus poiblí, agus go háirithe in earnálacha atá dírithe ar an todhchaí amhail STEM agus an earnáil dhigiteach ina bhfuil mná faoi ghannionadaíocht; á thabhairt chun suntais, ina leith sin, go ndéanann idirdhealú ar fhorais inscne díobháil, ní hamháin don duine aonair, ach don tsochaí ina hiomláine;

9. á athdhearbhú gur iarr sí ar an gCoimisiún ionstraim dlí maidir le trédhearcacht phá idir na hinscní a thíolacadh a luaithe is féidir[20] agus faoi dheireadh 2020 ar a dhéanaí; ina theannta sin, á athdhearbhú an phráinn a bhaineann leis sin le linn na géarchéime atá ann faoi láthair, rud a ghéaróidh neamhionannais inscne agus idirdhealú atá ann cheana i margadh an tsaothair; á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar bhearta nithiúla a thabhairt isteach a bhaineann leis an earnáil phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach araon agus aird chuí á tabhairt ar shainiúlachtaí na bhfiontar beag agus meánmhéide, ag cur leis an moladh a rinne sí in 2014, amhail an méid seo a leanas: (a) an míniú soiléir ar chritéir chun luach na hoibre a mheasúnú, (b) córais mheastóireachta inscne-neodracha post agus aicmiúcháin, (c) iniúchtaí pá inscne agus tuarascálacha chun pá comhionann a ráthú, (d) teidlíocht oibrithe faisnéis lánphá a iarraidh agus an ceart chun sásaimh, agus (e) spriocanna soiléire maidir le feidhmíocht chomhionannais cuideachtaí; á iarraidh ina theannta sin an rochtain ar an gceartas a fheabhsú agus cearta nós imeachta níos láidre a thabhairt isteach chun idirdhealú pá a chomhrac; á iarraidh ar an gCoimisiún ról na gcomhpháirtithe sóisialta agus ról na cómhargála ar gach leibhéal (náisiúnta, earnála, áitiúil agus cuideachta) a chur chun cinn sa reachtaíocht maidir le trédhearcacht phá atá ar na bacáin; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta láidre forfheidhmiúcháin a chur san áireamh dóibh siúd nach gcomhlíonann iad;

10. á chur i bhfios go bhfuil mná gairmiúla fós faoi ghannionadaíocht i bpoist bhainistíochta; á mheabhrú, de réir na sonraí a d'fhoilsigh Eurostat in 2019, nach raibh ach 28 % de chomhaltaí boird na gcuideachtaí liostaithe san Aontas agus 18 % de na bainisteoirí sinsearacha ina mná, agus nár mhná iad ach 8 % de na príomhfheidhmeannaigh sna cuideachtaí is mó san Aontas; á iarraidh ar na Ballstáit an Treoir maidir le Mná ar Bhoird a dhíbhlocáil agus seasamh uaillmhianach ón gComhairle a ghlacadh go pras chun aghaidh a thabhairt ar an éagothroime shuntasach ar ann di idir mná agus fir sa chinnteoireacht eacnamaíoch ar an leibhéal is airde; á iarraidh ar an gCoimisiún freisin a áirithiú go mbeidh institiúidí an Aontais ina gceann feadhna ar eiseamláir agus go n-áiritheofar íosmhéid 50 % de mhná i bpoist

[20] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Eanáir 2020 maidir leis mbearna phá idir na hinscní.

ardbhainistíochta; á iarraidh ina theannta sin ar na Ballstáit tuairisciú trédhearcachta ó chuideachtaí a bhunú maidir le céatadán na mban ina bpoist bhainistíochta sinsearaí, agus faisnéis a sholáthar freisin maidir le leibhéil phá; ag cur in iúl gurb oth léi go bhfuil bac i gcónaí ar an treoir chothrománach in aghaidh an idirdhealaithe sa Chomhairle, agus á iarraidh ar an gCoimisiún reachtaíocht nua a mholadh i gcoinne an idirdhealaithe;

11. á mheabhrú go mbaineann easpa ionadaíochta na mban sa saol poiblí agus sa saol polaitiúil an bonn ó fheidhmiú cuí na n-institiúidí agus na bpróiseas daonlathach; á iarraidh, dá bhrí sin, ar na Ballstáit bearta a spreagadh agus tacú leo chun rannpháirtíocht chothrom na bhfear agus na mban sa chinnteoireacht a éascú ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;

12. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bearta a ghlacadh chun feiniméan na síleála gloine a chomhrac, amhail saoire chuimsitheach do thuismitheoirí, rochtain ar chúram leanaí ar ardchaighdeán agus ar phraghas réasúnta, agus deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe dhírigh agus indírigh atá nasctha le harduithe céime sa mhargadh saothair;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit rannpháirtíocht chomhionann agus deiseanna comhionanna i margadh an tsaothair d’fhir agus do mhná a áirithiú agus aghaidh a thabhairt ar bhaineannú na bochtaineachta de gach cineál, lena n-áirítear an bhochtaineacht sa tseanaois, go háirithe tríd an inscne a chur san áireamh san infhaighteacht agus sa rochtain ar theidlíochtaí leordhóthanacha pinsin chun an bhearna phinsin idir na hinscní a dhíothú, agus trí fheabhas a chur ar dhálaí oibre in earnálacha baineannaithe agus i ngairmeacha amhail fáilteachas, turasóireacht, seirbhísí glantacháin agus earnáil an chúraim; á chur i bhfios a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar thearcluacháil chultúrtha ar phoist ina mbíonn na mná i bhfad níos líonmhaire, a riachtanaí atá sé na steiréitíopaí sin agus ró-ionadaíocht na mban i gcineálacha oibre neamhthipiciúla a chomhrac; á iarraidh ar na Ballstáit cóir chomhionann a áirithiú do mhná imirceacha (agus chomh maith leis sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras maidir le cáilíochtaí gairmiúla a aithint), agus do ghrúpaí eile ban atá an-leochaileach freisin; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit cumhdach cómhargála ar an leibhéal earnálach agus rannpháirtíocht na gcomhpháirtithe sóisialta i gceapadh beartas a neartú, chun fostaíocht chobhsaí agus ar ardcháilíocht a chothú; á chur i bhfáth go bhfuil gá le straitéisí chun tionscnaimh fiontraíochta na mban a spreagadh agus chun tacú leo;

14. á thabhairt dá aire go bhfuil impleachtaí ag an ngeilleagar poistíneachta atá ag dul i méid d’oibrithe ar lú a n-eagar ceardchumainn agus a bhfuil orthu déileáil le neamhbhuaine i bpoist de bharr tosca amhail uaireanta oibre agus ioncam éagobhsaí, easpa cumhdaigh ar chearta fostaíochta, éiginnteacht maidir le slándáil shóisialta agus pinsin, nó easpa rochtana ar fhorbairt ghairme agus ar athoiliúint ghairme; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur ar mhná, ar a mbíonn i gcónaí ualach an chúraim i margadh saothair atá an-inscneach, go háirithe iad siúd a fhulaingíonn cineálacha trasnacha idirdhealaithe, atá tionchar diúltach ar leith ag an neamhshláine agus ag an neamhbhuaine, rudaí atá tar éis éirí níos measa le linn dhianghlasáil na géarchéime reatha; á iarraidh ar na Ballstáit bearta cosanta sóisialta spriocdhírithe a chur chun feidhme do shaoroibrithe agus do mhná atá fostaithe sa gheilleagar poistíneachta; á iarraidh ar an gCoimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme Threoir

2010/41/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2010 maidir le prionsabal na córa comhionainne idir fir agus mná atá rannpháirteach i ngníomhaíocht ar bhonn féinfhostaithe a chur i bhfeidhm[21];

15. á chur i bhfáth an gá atá ann go dtíolacfaidh na Ballstáit beartais atá bunaithe ar fhianaise agus atá dea-cheaptha maidir le margadh an tsaothair agus athchóirithe lena bhfeabhsaítear, *de facto*, dálaí oibre na mban agus lena méadaítear an fhostaíocht ar ardcháilíocht;

16. á chur i bhfios go láidir go bhféadfar méadú ar an bhfostaíocht, ar an rathúnas eacnamaíoch agus ar an iomaíochas san Eoraip trí chomhdheiseanna agus rannpháirtíocht níos airde i measc na mban i margadh an tsaothair; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit spriocanna a leagan síos chun fostaíocht neamhbhuan agus obair pháirtaimseartha neamhdheonach a laghdú chun staid na mban i margadh an tsaothair a fheabhsú; á chur i bhfáth gur cheart obair lánaimseartha a bheith mar ghnáthchleachtas;

17. á iarraidh ar na Ballstáit an t-ualach rialála ar chuideachtaí a laghdú agus leibhéil arda cánacha ar shaothar a chiorrú chun cruthú post agus rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair a spreagadh;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún Comhaontú Cúraim don Eoraip a chur chun cinn, agus cur chuige cuimsitheach á ghlacadh maidir le riachtanais agus seirbhísí uile cúraim agus caighdeáin íosta agus treoirlínte cáilíochta á leagan síos le haghaidh cúraim feadh na saolré, lena n-áirítear do leanaí, do dhaoine scothaosta agus do dhaoine a bhfuil riachtanais fhadtéarmacha acu; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sonraí imdhealaithe maidir le soláthar seirbhísí cúraim a bhailiú; á iarraidh ar na Ballstáit Coinbhinsiún Uimh. 189 EIS (an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair) maidir le hoibrithe tí a dhaingniú agus spriocanna cúraim Barcelona a chur chun feidhme go hiomlán agus dul níos faide ná na spriocanna sin, lena n-áiritheofar cumhdach na riachtanas sin trí infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí uilíocha cúraim phoiblí atá ar ardchaighdeán, inrochtana agus inacmhainne, agus chun iad a nuachóiriú ionas nach mbeidh ar mhná rogha a dhéanamh idir an teaghlach agus rannpháirtíocht i margadh an tsaothair; ag tathant ar na Ballstáit an Treoir maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil[22] a thrasuí agus a chur chun feidhme go tapa agus go hiomlán agus á iarraidh orthu dul níos faide ná íoschaighdeáin na treorach trí bhearta a thabhairt isteach amhail saoire lániocatha, ról comhionann na bhfear mar chúramóirí a chur chun cinn, agus ar an gcaoi sin dul i ngleic le steiréitíopaí inscne maidir le glacadh saoire atharthachta/mháithreachais, ról na gcúramóirí neamhfhoirmiúla a aithint trí rochtain ar shlándáil shóisialta agus a gceart ar theidlíochtaí pinsin a áirithiú, tacaíocht do sheirbhísí atá oiriúnaithe do na dúshláin shonracha agus do na riachtanais shonracha atá ag tuismitheoirí agus/nó ag baill teaghlaigh a thugann aire do dhaoine atá faoi mhíchumas nó atá faoi bhreoiteacht fhadtéarmach nó do dhaoine scothaosta, agus socruithe solúbtha oibre nach ndéanann dochar ná díobháil do phá an oibrí, rochtain ar chearta sóisialta agus saothair agus liúntais, agus a urramaíonn ceart na n-oibrithe chun dícheangail; ag tathant ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh go bliantúil, go dlúth agus go sistéamach ar chur

[21] IO L 180, 15.7.2010, lch. 1.
[22] IO L 188, 12.7.2019, lch. 79.

chun feidhme na Treorach maidir le Cothromaíocht Oibre is Saoil ag na Ballstáit;

19. ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit i dtaca lena rún an 28 Aibreán 2016 maidir le hoibrithe tí agus cúramóirí in AE ar mná iad[23]; ag tathant ar an gCoimisiún creat a thabhairt isteach chun an obair agus an cúram tí a ghairmiúlú, faoina dtabharfaí aitheantas do na gairmeacha agus na scileanna ábhartha agus faoin ndéanfaí iad a chaighdeánú agus as a dtiocfadh forbairt gairme, agus na Ballstáit a spreagadh chun córais a bhunú maidir leis an ngairmiúlú, an oiliúint, forbairt leanúnach scileanna agus maidir le haitheantas a thabhairt do cháilíochtaí na n-oibrithe tí agus cúraim ar mná iad, chomh maith le gníomhaireachtaí poiblí fostaíochta a chruthú chun an gairmiúlú a neartú;

20. ag tabhairt dá haire go bhfuil méadú ag teacht, i dtréimhsí amhail paindéim an choróinvíris, ar ról na teilea-oibre agus na cianoibre agus ar na deiseanna lena mbaineann, á iarraidh ar an gCoimisiún ról na teilea-oibre agus na cianoibre a chur san áireamh sa straitéis mar  ghné thábhachtach ó thaobh cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach;

21. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta, treoirlínte sláinte agus sábháilteachta maidir le háiteanna oibre atá íogair ó thaobh inscne de a fhorbairt atá dírithe go sonrach ar ghairmeacha túslíne, chun oibrithe sna gairmeacha sin a chosaint i gcás  ráigeanna amach anseo; á chur i bhfios go láidir, cé gur deis iad chun feabhas a chur ar shocruithe solúbtha oibre agus ar an gcothromaíocht oibre is saoil, go bhféadfadh athruithe ar dhálaí saothair amhail an teilea-obair tionchar a bheith acu freisin ar chumas an duine dícheangal agus cur leis an ualach oibre, agus go ndéantar i bhfad níos mó difir do mhná ná d'fhir mar gheall ar an bpríomhról nó an ról traidisiúnta atá acu mar fheighlithe baile agus teaghlaigh; á iarraidh, dá bhrí sin, ar an gCoimisiún togra reachtach atá íogair ó thaobh inscne de a thíolacadh maidir leis an gceart chun dícheangail, mar aon le treoir maidir le dea-bhail mheabhrach san áit oibre a bheadh dírithe ar an imní, an dúlagar agus an traochadh a aithint mar ghalair cheirde, agus sásraí coisctheacha agus sásraí chun fostaithe a ndéantar difear dóibh a athimeascadh sa lucht saothair a bhunú;

22. ag tarraingt aird ar an bhfíoras nach ann do ghné na hinscne i réimse na sláinte agus na sábháilteachta ag an obair; á chur i bhfáth gur cheart an príomhshruthú inscne a bheith ina dhlúthchuid d'fhorbairt na mbeartas agus na straitéisí maidir le sábháilteacht agus sláinte ceirde (OSH) i ngach earnáil, lena n-áirítear san athbhreithniú a dhéanfaidh an Coimisiún amach anseo ar an gCreat Straitéiseach maidir le Sláinte agus Sábháilteacht ag an Obair i ndiaidh 2020; ag tathant ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na comhpháirtithe sóisialta a mheas gur galair cheirde agus tinnis a bhaineann leis an obair iad na galair sin nach n-aithnítear go fóill mar ghalair cheirde, ar galair iad atá an-fhorleathan i bpoist atá ag cuid mhór ban, mar aon leis na galair a bhíonn ag gabháil do mhná go sonrach, an comhionannas inscne a phríomhshruthú i ngairmeacha ina bhfuil na fir ina dtromlach, a bhfuil cuid mhór bearnaí fós ann, lena n-áirítear i ndáil le fearais sláintíochta, trealamh oibre nó trealamh cosanta pearsanta, cosaint agus sábháilteacht mháithreachais ag an áit oibre agus bearta maidir le filleadh ar an obair tar éis saoire mháithreachais a áirithiú, agus meastóireacht a dhéanamh ar na rioscaí saothair in earnálacha ina bhfuil cuid mhór ban ag obair, lena n-áirítear sa bhaile nuair a bhítear ag

[23] IO C 66, 21.2.2018, lch. 30.

déileáil le hobair agus cúram tí;

23. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 92/85/CEE an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le bearta a thabhairt isteach chun feabhsuithe a spreagadh ag an obair i dtaca le sábháilteacht agus sláinte oibrithe torracha agus oibrithe atá tar éis leanbh a shaolú nó atá i mbun beathú cíche, d'fhonn a áirithiú gur féidir le mná ar fud na hEorpa tairbhe a bhaint as an tsaorghluaiseacht d'oibrithe ar comhchéim leis na fir[24];

24. ag cur in iúl go bhfuil an-imní uirthi faoi chineál, méid agus tromchúis an fhoréigin agus an chiaptha i saol na hoibre agus faoin tionchar a bhíonn ag gach cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní agus iad ag obair; ag cur in iúl gur geal léi i ndáil leis sin go ndearnadh Coinbhinsiún Uimh. 190 EIS maidir le foréigean agus ciapadh ag an obair a ghlacadh le déanaí agus á iarraidh ar na Ballstáit é a dhaingniú agus a chur chun feidhme gan mhoill; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit freisin bearta éifeachtacha agus ceangailteacha a thabhairt isteach chun an foréigean agus an ciapadh i saol na hoibre a shainmhíniú agus a thoirmeasc, lena n-áirítear rochtain éifeachtach ar shásraí um ghearáin agus um réiteach díospóidí a fhreagraíonn do chúrsaí inscne agus atá sábháilte agus éifeachtach, feachtais oiliúna agus ardaithe feasachta, seirbhísí tacaíochta agus leigheasanna; á iarraidh ar an gComhairle daingniú Choinbhinsiún Iostanbúl ag AE a thabhairt chun críche go práinneach, ina dtagraítear freisin do bhearta a ghlacadh chun cabhrú le híospartaigh fostaíocht a fháil agus ag tathant ar na Ballstáit eile nach bhfuil sé daingnithe acu go fóill é a dhaingniú agus a chur chun feidhme; á iarraidh ar an gCoimisiún treoir a mholadh a bhfuil cur chuige iomlánaíoch ann ó thaobh gach cineál foréigin in aghaidh na mban a chosc agus a chomhrac agus an reachtaíocht de chuid AE atá ann faoi láthair a fheabhsú chun an gnéaschiapadh a chosc, i bhfianaise fhorálacha Choinbhinsiún Uimh. 190 EIS agus Choinbhinsiún Iostanbúl; ag athdhearbhú gur uirlis thábhachtach í an oiliúint i gcúrsaí gnéasacha agus i gcúrsaí comhionannais inscne chun an foréigean inscnebhunaithe a chomhrac;

25. á chur i bhfios go bhfuil méadú suntasach tagtha ar an bhforéigean inscnebhunaithe san Eoraip de dheasca an imeallaithe shóisialta agus an ghaibhnithe a d'eascair as COVID-19; á mheas, dá bhrí sin, nach mór do na Ballstáit uile bearta a threisiú chun mná a chosaint le linn na géarchéime agus ina diaidh; á mheabhrú di go bhfuil an neamhspleáchas eacnamaíoch ar cheann de na nithe is tábhachtaí nuair a bhítear ag déileáil leis an bhforéigean inscnebhunaithe, agus ag moladh, dá réir sin, go bhforbrófaí clár sonrach um lánpháirtiú sóisialta agus saothair d'íospartaigh an fhoréigin inscnebhunaithe san Eoraip a bheadh dírithe ar infhostaitheacht na ndaoine sin a chur chun cinn go gníomhach;

26. á chreidiúint gur cheart oibrithe mná atá ag fulaingt le foréigean inscnebhunaithe a bheith i dteideal a gcuid uaireanta oibre a laghdú nó a atheagrú agus a n-áit oibre a athrú; á mheas gur cheart an foréigean inscnebhunaithe a chur san áireamh i measúnuithe riosca san áit oibre;

27. á chur in iúl gur oth léi nach ndéantar tagairt do ghné inscne na gáinneála chun críoch dúshaothraithe saothair, go háirithe i gcás oibrithe tí, de dheasca na dteorainneacha a bhaineann le háras an teaghlaigh mar áit oibre i ndáil leis na deiseanna a bhaineann le

[24] Treoir 2014/54/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le bearta lena n-éascaítear feidhmiú na gceart a thugtar d'oibrithe i gcomhthéacs na saorghluaiseachta d'oibrithe.

cigireacht agus faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíocht oibre; ag meabhrú rún an 28 Aibreán 2016 uaithi maidir le hoibrithe tí agus cúramóirí in AE ar mná iad, agus á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit imscrúdú a chur chun cinn sa réimse sin, chun feabhas a chur ar na sásraí le haghaidh íospartaigh a shainaithint agus a chosaint, agus chun ról a thabhairt d'eagraíochtaí neamhrialtasacha, ceardchumainn, údaráis phoiblí agus na saoránaigh ar fad sa phróiseas braite;

28. á iarraidh ar an gCoimisiún Straitéis Eorpach um Chosaint Shóisialta a thíolacadh chun aghaidh a thabhairt ar shaorghluaiseacht oibrithe agus go háirithe ar mhéadú na bochtaineachta i measc na mban, agus béim ar leith á leagan ar theaghlaigh aontuismitheora a bhfuil mná i bhfeighil orthu;

29. á chur in iúl gurb oth léi nach ndéantar tagairt i Straitéis 2020-2025 maidir le Comhionannas Inscne do chosaint na mban agus na gcailíní atá i mbaol eisiaimh shóisialta, bochtaineachta agus easpa dídine, agus á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin sa Phlean Gníomhaíochta um Lánpháirtiú agus um Chuimsiú atá le teacht, chun nach ndéanfar na mná sin a eisiamh ó bheartais shóisialta agus eacnamaíocha, rud a chuirfeadh tuilleadh le fáinne fí na bochtaineachta;

30. á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin plean gníomhaíochta a ghlacadh chun Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme; á chur i bhfios go láidir gur gá gné na hinscne a phríomhshruthú trí chur chuige trasnach a úsáid i gcomhréir le Prionsabail 2 agus 3 den Cholún; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí inscne na mbeartas maicreacnamaíoch agus na n-aistrithe glasa agus digiteacha; á iarraidh go dtabharfaí isteach colún inscne agus cuspóir uileghabhálach ó thaobh an chomhionannais inscne de sa straitéis a thiocfaidh i ndiaidh na straitéise Eoraip 2020;

31. á mheabhrú di go bhfuil gné láidir inscne ag baint leis na beartais chistiúcháin agus chánachais; á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin i leith an phríomhshruthaithe inscne ar fud an Chreata Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), go háirithe a mhéid a bhaineann le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), chun rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair, an chothromaíocht oibre is saoil agus fiontraíocht na mban a chur chun cinn, ach gur oth léi nach gcuirtear an buiséadú inscne san áireamh sa CAI nua agus sna Cistí Struchtúracha; á iarraidh ar an gCoimisiún úsáid an bhuiséadaithe inscne a chur chun cinn agus a fheabhsú tuilleadh, agus á iarraidh ar na Ballstáit gné na hinscne a chomhtháthú sna beartais chánachais, lena n-áirítear iniúchtaí inscne ar na beartais fhioscacha chun an chlaontacht inscne a bhaineann le cúrsaí cánach a dhíothú;

32. ag athdhearbhú a hiarrata ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit bailiú sonraí[25], an staidreamh, an taighde agus an anailís atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a fhorbairt agus a fheabhsú tuilleadh, mar aon le tacaíocht a thabhairt don fhothú acmhainneachta i measc na n-institiúidí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus bearta a dhéanamh chun feabhas a chur air sin, a mhéid a bhaineann le sonraí a bhailiú agus anailís a dhéanamh orthu, go háirithe maidir le rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair agus i réimsí amhail an fhostaíocht neamhfhoirmiúil, an fhiontraíocht, an rochtain ar mhaoiniú agus ar sheirbhísí cúraim sláinte, an obair gan íocaíocht, an bhochtaineacht agus tionchar na gcóras cosanta sóisialta; ag tathant ar EIGE agus na hinstitiúidí agus na

[25] Féach an rún ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Eanáir 2020 maidir leis mbearna phá idir na hinscní.

gníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid AE oibriú ar tháscairí nua agus iad a ionchorprú, táscairí amhail an bhochtaineacht i measc an lucht oibre, an bhochtaineacht ama, bearnaí san úsáid ama, luach na hoibre cúraim (ar íocaíocht/gan íocaíocht), agus rátaí glactha na mban agus na bhfear, lena n-áirítear i ndáil leis an treoir maidir le cothromaíocht oibre is saoil; á iarraidh ar an gCoimisiún na sonraí sin a úsáid chun measúnuithe tionchair inscne ar a chuid beartas agus clár agus ar bheartais agus cláir na ngníomhaireachtaí agus na n-institiúidí eile de chuid AE a chur chun feidhme go héifeachtach;

33. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé aghaidh a thabhairt ar ghnéithe an chomhionannais inscne a bhaineann le saol oibre na todhchaí, lena n-áirítear an geilleagar a ghlasú agus a dhigitiú; á iarraidh go mbeadh nasc níos láidre ann idir Straitéis nua AE maidir le Comhionannas Inscne agus an Comhaontú Glas don Eoraip; á iarraidh ar an gCoimisiún an nasc idir na beartais i gcoinne an athraithe aeráide agus an comhionannas inscne a neartú ina chuid tograí atá le teacht; ag tathant ar an gCoimisiún measúnú tionchair inscne agus an buiséadú inscne a chur chun feidhme go córasach tríd an gcomhionannas inscne a phríomhshruthú sa Chiste um Aistriú Cóir agus sna gníomhaíochtaí agus na beartais ábhartha ar son na haeráide atá mar chuid den Chomhaontú Glas nua;

34. á mheabhrú di gur gá an t-idirdhealú ilsrathach a chomhrac, go háirithe i gcoinne grúpaí leochaileacha, lena n-áirítear mná atá faoi mhíchumas, mná dubha, mná imirceacha, mná de mhionlaigh eitneacha agus mná na Romach, mná scothaosta, máithreacha aonair, daoine LADTIA+ agus mná gan dídean, agus á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbainfidh siad tairbhe as na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí de chuid Straitéis 2020-2025 AE maidir le Comhionannas Inscne; á iarraidh ar an gCoimisiún treoirlínte sainráite a leagan síos maidir le cur chun feidhme an chreata thrasnaigh, lenar cheart tús áite a thabhairt do rannpháirtíocht na ngrúpaí a ndéanann na cineálacha trasnacha idirdhealaithe difear dóibh chun measúnú a dhéanamh ar thionchar difreálach na mbeartas agus na ngníomhaíochtaí chun na freagairtí a oiriúnú i ngach réimse atá bunaithe ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe;

35. ag meabhrú rún an 29 Samhain 2018 uaithi maidir le staid na mban atá faoi mhíchumas[26]; ag tathant ar an gCoimisiún togra comhdhlúite a chur ar aghaidh faoi chuimsiú na Straitéise Eorpaí um Míchumas i ndiaidh 2020 lena n-áireofaí forbairt gníomhaíochtaí dearfacha a bheadh dírithe ar mhná atá faoi mhíchumas chun a áirithiú go mbeidh siad rannpháirteach go hiomlán agus go héifeachtach i margadh an tsaothair agus chun an t-idirdhealú a dhéantar orthu agus an chlaontacht ina n-aghaidh a dhíothú, lena n-áirítear bearta chun an fhostaíocht, an oiliúint, socrúcháin fostaíochta, conairí gairme comhionanna, an pá comhionann, an inrochtaineacht ar chóiríocht réasúnta san áit oibre agus an bhreisfhoghlaim a chur chun cinn, agus aird á tabhairt ar a gcuimsiú digiteach agus ar an ngá atá leis an gcothromaíocht oibre is saoil a chosaint; á iarraidh freisin go dtabharfaí aghaidh go sainráite ar riachtanais tuismitheoirí agus cúramóirí leanaí atá faoi mhíchumas, go háirithe mná agus teaghlaigh aontuismitheora, i mbearta a bhaineann leis an mbearna phá, an bhearna phinsin agus an bhearna chúraim idir na hinscní; ag tabhairt dá haire go bhfuil gá le Ráthaíocht um Chearta Daoine faoi Mhíchumas lena ngabhann bearta sonracha agus lena dtugtar aghaidh ar riachtanais na mban atá faoi mhíchumas, agus gur gá an Ráthaíocht don Aos Óg a threisiú;

[26] Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2018)0484.

36. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit an comhionannas cuimsitheach do mhná agus do chailíní atá faoi mhíchumas a chosaint i ngach réimse den saol, a gcearta gnéis agus atáirgthe a áirithiú, cosaint a thabhairt dóibh ar fhoréigean baile agus ar fhoréigean ó sholáthraithe seirbhísí cúraim agus tacaíochta, agus cláir íograithe agus fothaithe acmhainneachta a sheoladh chun na críche sin do ghairmithe i réimsí an chúraim sláinte, na seirbhísí sóisialta agus cúraim, an oideachais, na hoiliúna agus na seirbhísí fostaíochta, fhorfheidhmiú an dlí agus na mbreithiúna;

37. ag cur béim ar ról gníomhach agus ríthábhachtach na mban i ngeilleagar na gceantar tuaithe, agus á chur in iúl gur oth léi go bhfuil difríochtaí suntasacha inscne ann i gcónaí san fhostaíocht i réimse na talmhaíochta agus maidir leis an rochtain ar shlándáil shóisialta, oiliúint, saoire mháithreachais agus pinsin scoir; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar na Ballstáit agus ar na húdaráis réigiúnacha agus áitiúla tacaíocht a thabhairt do thionscadail atá dírithe go háirithe ar mhná, maidir le gníomhaíochtaí nuálacha talmhaíochta a chruthú i gceantair thuaithe agus bhánaithe chun an seasamh atá acu i margadh na talmhaíochta a neartú, as a bhféadfadh poist nua teacht; á iarraidh ar an gCoimisiún, thairis sin, deiseanna maoinithe a shainaithint faoin dara colún de CBT chun rochtain na mban ar thalamh a mhéadú agus chun aghaidh a thabhairt ar a gcuid dálaí oibre i gceantair thuaithe, go háirithe i gceantair na n-oibrithe séasúracha;

38. á mheabhrú di rún an 12 Feabhra 2019 ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an ngá atá le Creat Straitéiseach neartaithe de chuid AE i ndiaidh 2020 le haghaidh Straitéisí Náisiúnta um Chuimsiú na Romach[27], ina luaitear nár tugadh aon fheabhas faoi deara i bhformhór na mBallstát maidir leis an rochtain ar fhostaíocht, go bhfuil imní mhór ann maidir le tithíocht agus gur beag an dul chun cinn atá déanta ó thaobh na bochtaineachta de, agus go bhfuil gá le gné láidir inscne i gcreat AE; á chur in iúl go bhfuil imní uirthi faoin bhfuathchaint i gcoinne na Romach i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, agus faoi na srianta breise a thug roinnt Ballstát isteach chun pobail na Romach a chur ar coraintín, agus go bhfuil imní uirthi faoi dhrochthionchar na n-iarmhairtí ar na grúpaí is leochailí i measc na Romach, amhail cailíní, mná óga, mná scothaosta, daoine atá faoi mhíchumas nó daoine LADTIA+; ag tathant ar an gCoimisiún creat straitéiseach de chuid AE maidir le comhionannas agus cuimsiú na Romach a ghlacadh a luaithe is féidir, anailís a dhéanamh ar an tionchar atá ag an gcoróinvíreas ar na Romaigh agus bearta a ghlacadh chun frithfhreagairtí a sheachaint;

39. á chur in iúl go bhfuil imní uirthi nach bhfuil toirmeasc sainráite ar idirdhealú ar bhonn féiniúlacht inscne agus léiriú inscne duine i ndlí AE; ag tabhairt dá haire go ndéantar idirdhealú agus ciapadh ar dhaoine LADTIA+ agus go ndéantar iad a eisiamh ó mhargadh an tsaothair go fóill; ag meabhrú rún an 14 Feabhra 2019[28] uaithi maidir le todhchaí an Liosta de Ghníomhaíochtaí LADTI agus rún an 18 Nollaig 2019 uaithi maidir le hidirdhealú poiblí agus fuathchaint i gcoinne daoine LADTI[29]; á iarraidh ar an gCoimisiún an creat straitéiseach maidir le comhionannas LADTIA+ a ghlacadh a luaithe is féidir, obair leantach a dhéanamh ar a Liosta de Ghníomhaíochtaí LADTI 2016-2019, agus bearta sonracha a chur san áireamh chun dul i ngleic leis an idirdhealú

[27] Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0075.

[28] Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0129.

[29] Téacsanna arna nglacadh, P8_TA(2019)0101.

ag an obair ar fhorais an ghnéaschlaonta, na féiniúlachta inscne, an léirithe inscne agus saintréithe gnéis;

40. á chur in iúl gur geal léi an togra ón gCoimisiún maidir le húsáid a bhaint as an gCiste Tearmainn agus Imirce chun gníomhaíochtaí na mBallstát a spreagadh chun tacú le lánpháirtiú na mban, ach gur oth léi nach bhfuil aon bhearta nithiúla eile á meas chun dul i ngleic leis na rátaí fostaíochta níos ísle san Aontas i measc na mban ar náisiúnaigh tríú tír iad agus leochaileacht shonrach na mban agus na gcailíní ar dídeanaithe nó iarrthóirí tearmainn iad nó atá gan cáipéisí inimirce; á iarraidh ar an gCoimisiún aghaidh a thabhairt ar chás na imirceach uile, idir mhná agus chailíní, agus tús áite á thabhairt do chuspóir lánpháirtithe an Chiste sa chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile tríd an mbuiséadú inscne, trí níos mó acmhainní a leithdháileadh le haghaidh an uas-scilithe, tríd an athoiliúint le haghaidh aistriú chuig fostaíocht agus dálaí oibre ar ardcháilíocht, agus trína rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a mhéadú, agus bearta níos nithiúla a ghlacadh chun na constaicí atá roimh mhná imirceacha a shárú;

41. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit freagairt atá íogair ó thaobh inscne de a ghlacadh i leith an tionchair shóisialta agus eacnamaíoch atá ag géarchéim COVID-19 chun an tionchar díréireach, agus an tionchar fadtéarmach b'fhéidir, ar chearta, ioncam agus cosaint shóisialta na mban le linn na géarchéime agus ina diaidh a mhaolú, agus chun méadú breise ar an neamhionannas inscne a sheachaint; á mheas gur cheart a chur san áireamh i dtéarnamh atá íogair ó thaobh inscne de bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar an rochtain chomhionann ar mhargadh an tsaothair do mhná mar aon le cosc a chur leis an neamhionannas agus an t-idirdhealú ó thaobh cothromaíocht a fháil idir oibleagáidí teaghlaigh agus oibre, lena n-áirítear dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn nuair a dhéantar oibleagáid den teilea-obair; á iarraidh go ndéanfaí bearta sonracha lena dtugtar aghaidh ar riachtanais na mban óg, ós rud é go bhfuil na leibhéil dífhostaíochta agus neamhshláine post i measc an aosa óig i bhfad níos airde ná mar atá siad in aon aoisghrúpa eile; á chreidiúint gur féidir leis an Straitéis maidir le Comhionannas Inscne rannchuidiú le plean téarnaimh AE a chur chun feidhme ar bhealach cóir agus níos éifeachtúla;

42. á chur in iúl gur geal léi an ionstraim le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE); á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar aghaidh le SURE ar an gcaillteanas ioncaim i measc na mban;

43. á chur in iúl gur geal léi an cinneadh ón gComhairle an 'clásal ginearálta éalaithe' a ghníomhachtú, agus á iarraidh ar na Ballstáit infheistíocht a dhéanamh i seirbhísí poiblí, lena n-áirítear cúram leanaí agus cúram sláinte saor in aisce, chun poist nua ar ardcháilíocht a chruthú agus tionchar socheacnamaíoch na géarchéime a mhaolú; á mheas go bhfuil iarmhairtí díobhálacha fadtéarmacha ag baint le bearta déine, go háirithe i gcás na mban, agus nár cheart iad a fhorfheidhmiú sa ghéarchéim i ndiaidh COVID-19;

44. á thabhairt chun suntais go bhfuil obair leanúnach agus den scoth ar bun ag oibrithe túslíne agus iad ag iarraidh dul i ngleic le paindéim COVID-19 agus ag oibrithe riachtanacha atá ag obair chun an saol poiblí, seirbhísí poiblí agus an rochtain ar earraí riachtanacha a choinneáil; á chur i bhfáth gur mná iad 70 % de lucht saothair sláinte agus sóisialta an domhain, agus gur minic nach n-íoctar ach an pá íosta agus go

bhfostaítear daoine faoi dhálaí oibre neamhbhuana i ngairmeacha áirithe sna hearnálacha sin; á iarraidh ar an gCoimisiún, sa chomhthéacs sin, measúnú uileghabhálach a ullmhú roimh dheireadh 2020 maidir le hionstraim dlí Eorpach a thabhairt isteach chun dálaí oibre cuibhiúla a áirithiú do na hoibrithe go léir agus chun clúdach cómhargála a neartú;

45. ag cur béim ar an bhfíoras gur mná iad níos mó ná 70 % de lucht saothair sláinte agus sóisialta an domhain, agus gur mná iad an chuid is mó de na fostaithe siopa agus miondíola agus na hoibrithe glantacháin, agus gur minic nach dtuilleann siad ach an pá íosta; á mheabhrú di, mar a tharla i ngéarchéimeanna roimhe seo, go ndéanfar difear an-mhór do mhná ó thaobh an gheilleagair de, i ndiaidh na géarchéime freisin; ag áitiú, ar an gcúis sin, gur gá cur chuige forásach atá íogair ó thaobh inscne de, sa ghníomhaíocht ar bhonn láithreach agus ar bhonn fadtéarmach araon, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal AE, bunaithe ar shonraí cáilíochta atá imdhealaithe ó thaobh inscne de; á mholadh, i ndáil leis sin, gur cheart a chur san áireamh sa Phlean Téarnaimh leithscaradh gairme na margaí ionas nach dtarlóidh an méid a tharla i ngéarchéimeanna roimhe seo arís, ina raibh cur chun cinn na fostaíochta dírithe ar earnálacha ina bhfuil cuid mhór fear ag obair, rud a d'fhág na hearnálacha ina bhfuil cuid mhór ban ag obair ar an bhfaraor géar, mar aon leis an ngá atá le dinimic an leithscartha gairme a bhriseadh;

46. á mheabhrú gur luadh ag an bhFóram Eacnamaíoch Domhanda in 2018 go gcruthófaí 58 milliún post a bhaineann leis an intleacht shaorga (IS) ar fud an domhain faoi 2022, ach nach bhfaigheann ach 24.9 % de na mná a théann leis an ardoideachas dioplóma i réimsí a bhaineann leis na teicneolaíochtaí nua; á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach a áirithiú go mbeidh ionadaíocht chothrom ag na mná san eolaíocht agus sa teicneolaíocht; á mheabhrú di go bhféadfadh méadú ar líon na mban atá ag obair i réimse na dteicneolaíochtaí nua suas le EUR 16 bhilliún a ghiniúint san Eoraip;

47. á iarraidh ar na Ballstáit rannpháirtíocht na mban in earnáil na teicneolaíochta faisnéise agus na cumarsáide (TFC) a chur chun cinn agus a éascú, chomh maith leis an gcumhacht a thabhairt do mhná a bheith ina n-infheisteoirí agus ina bhfiontraithe;

48. ag tabhairt dá haire go bhfuil sé léirithe ag staidéir gurb é an chúis is mó atá leis an mbearna phá idir fir agus mná ná go mbíonn mná agus fir ag obair i ngairmeacha éagsúla lena ngabhann leibhéil éagsúla phá; á chur i bhfáth go bhfuil bunús an mhargaidh saothair atá roinnte ó thaobh inscne de le fáil sna cinntí a dhéantar san oideachas, agus go bhfuil gá, dá bhrí sin, le hathruithe ar na cinntí oideachais chun na difríochtaí inscne i margadh an tsaothair a chomhrac; ag tathant ar na Ballstáit treoir níos fearr ó thaobh staidéir agus gairme de a chur ar fáil chun a áirithiú go mbeidh gach mac léinn ar an eolas faoi na deiseanna atá ar fáil i margadh an tsaothair agus faoi iarmhairtí na gcinntí éagsúla oideachais;

49. ag tabhairt dá haire go bhfuil rannpháirtíocht na mban i margadh an tsaothair níos ísle ná rannpháirtíocht na bhfear ann; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an cháin ioncaim a laghdú chun an rannpháirtíocht i margadh an tsaothair a spreagadh;

50. á iarraidh ar an gCoimisiún dlús a chur lena chuid iarrachtaí ráta fostaíochta na mban san Eoraip a mhéadú agus an rochtain atá acu ar mhargadh an tsaothair a éascú, mar shampla trí bhreis dreasachtaí a chur ar fáil chun fiontraíocht na mban a chur chun cinn;

51. á chur in iúl gur oth léi nach mbíonn an oiread céanna gnólachtaí á mbunú agus á rith ag mná is a bhíonn ag fir; ag tathant ar na Ballstáit athchóirithe atá fabhrach do lucht gnó a thabhairt isteach chun an comhionannas a chur chun cinn agus fiontraíocht na mban a mhéadú;

52. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit gnéithe sóisialta na Moltaí Tírshonracha a chur chun feidhme, agus aird á tabhairt ar an gcoimhdeacht agus ar na hinniúlachtaí náisiúnta araon;

53. á chur in iúl gur geal léi tiomantas an Choimisiúin rannpháirtíocht na mban ina gcáil mar vótálaithe agus mar iarrthóirí a chur chun cinn i dtoghcháin Pharlaimint na hEorpa in 2024; á chur i bhfáth, i ndáil leis sin, gur gá athbhreithniú a dhéanamh ar an Ionstraim Toghcháin chun foráil a dhéanamh maidir leis an deis go ndéanfaí Feisirí de Pharlaimint na hEorpa atá ag baint leas as a gceart chun saoire máithreachais, saoire atharthachta nó saoire do thuismitheoirí a ionadú go sealadach; á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Ionstraim Toghcháin dá réir sin agus ar an gComhairle an t-athbhreithniú sin a fhormhuiniú;

54. ag aithint ról lárnach na n-eagraíochtaí neamhrialtasacha agus eagraíochtaí chearta na mban a bhíonn ag comhrac i gcoinne an neamhionannais inscne, an idirdhealaithe agus an fhoréigin in aghaidh na mban; á iarraidh ar an gCoimisiún cosaint agus rannpháirtíocht ghníomhach eagraíochtaí na sochaí sibhialta a áirithiú agus a neartú trí ionstraimí a éileamh chun cistiú a chur ar fáil do chosantóirí chearta an duine agus d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá ag obair chun frithfhreagairt agus cúlú ó thaobh an chomhionannais inscne de a chomhrac agus sláinte agus cearta na mban ó thaobh an ghnéis agus an atáirgthe de a chur chun cinn, laistigh den Aontas agus ar fud an domhain;

55. á iarraidh ar na Ballstáit foirmíocht fhoirmiúil den Chomhairle a chruthú maidir leis an gcomhionannas inscne, chun fóram ar leith le haghaidh an phlé a chur ar fáil do na hAirí agus na Rúnaithe Stáit a bhfuil cúram an chomhionannais inscne orthu, agus chun an príomhshruthú inscne a éascú ar bhealach níos fearr ar fud bheartais uile AE, lena n-áirítear sa bheartas fostaíochta agus sóisialta;

56. á iarraidh ar an gCoimisiún an ról atá ag AE ó thaobh an comhionannas inscne a spreagadh ar fud an domhain a neartú tuilleadh.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 16.7.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 41<br>–: 11<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Atidzhe Alieva-Veli, Abir Al-Sahlani, Marc Angel, Dominique Bilde, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Sylvie Brunet, David Casa, Leila Chaibi, Margarita de la Pisa Carrión, Özlem Demirel, Klára Dobrev, Jarosław Duda, Estrella Durá Ferrandis, Rosa Estaràs Ferragut, Nicolaus Fest, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Heléne Fritzon, Helmut Geuking, Elisabetta Gualmini, Alicia Homs Ginel, France Jamet, Agnes Jongerius, Ádám Kósa, Stelios Kympouropoulos, Katrin Langensiepen, Miriam Lexmann, Elena Lizzi, Radka Maxová, Kira Marie Peter-Hansen, Manuel Pizarro, Dennis Radtke, Elżbieta Rafalska, Guido Reil, Daniela Rondinelli, Mounir Satouri, Monica Semedo, Beata Szydło, Eugen Tomac, Romana Tomc, Yana Toom, Nikolaj Villumsen, Marianne Vind, Maria Walsh, Stefania Zambelli, Tatjana Ždanoka |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Marc Botenga, Jordi Cañas, Lukas Mandl, Samira Rafaela, Anna Zalewska |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 41 | + |
|---|---|
| PPE | David Casa, Jarosław Duda, Rosa Estaràs Ferragut, Loucas Fourlas, Cindy Franssen, Stelios Kympouropoulos, Ádám Kósa, Lukas Mandl, Dennis Radtke, Eugen Tomac, Romana Tomc, Maria Walsh |
| S&D | Marc Angel, Gabriele Bischoff, Vilija Blinkevičiūtė, Milan Brglez, Klára Dobrev, Estrella Durá Ferrandis, Heléne Fritzon, Elisabetta Gualmini, Alicia Homs Ginel, Agnes Jongerius, Manuel Pizarro, Marianne Vind |
| RENEW | Abir Al-Sahlani, Atidzhe Alieva-Veli, Sylvie Brunet, Jordi Cañas, Radka Maxová, Samira Rafaela, Monica Semedo, Yana Toom |
| NA GLASAIGH/SCE | Katrin Langensiepen, Kira Marie Peter-Hansen, Mounir Satouri, Tatjana Ždanoka |
| GUE/NGL | Marc Botenga, Leila Chaibi, Özlem Demirel, Nikolaj Villumsen |
| NI | Daniela Rondinelli |

| 11 | - |
|---|---|
| PPE | Miriam Lexmann |
| ID | Dominique Bilde, Nicolaus Fest, France Jamet, Elena Lizzi, Guido Reil, Stefania Zambelli |
| ECR | Elżbieta Rafalska, Beata Szydło, Anna Zalewska, Margarita de la Pisa Carrión |

| 1 | 0 |
|---|---|
| ECR | Helmut Geuking |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

22.7.2020

## TUAIRIM ÓN gCOISTE UM SHAOIRSÍ SIBHIALTA, UM CHEARTAS AGUS UM GHNÓTHAÍ BAILE

chuig an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

ar Straitéis AE maidir le Comhionannas Inscne
(2019/2169(INI))

Rapóirtéir don tuairim: Evin Incir

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile ar an gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí, i gcomhréir le hAirteagal 2 CAE, go bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe ar urraim do dhínit an duine, ar an tsaoirse, ar an daonlathas, ar an gcomhionannas, ar an smacht reachta agus ar urraim do chearta an duine; de bhrí gur ceart bunúsach é an ceart chun córa comhionainne agus chun neamh-idirdhealaithe agus go ndéantar saoránaigh na hEorpa a chosaint ar idirdhealú faoi Airteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha; de bhrí go dtagraítear in Airteagal 151 CFAE do chearta sóisialta bunúsacha amhail na cearta sin a leagtar amach i gCairt Shóisialta na hEorpa agus don chomhionannas inscne mar phríomhphrionsabal de Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta;

B. de bhrí go bhfuil foréigean inscne-bhunaithe (GBV) fós ar cheann de na dúshláin is mó atá roimh ár sochaithe agus, i ngach cineál de, gur sárú é ar chearta bunúsacha, rud a dhéanann difear ar gach leibhéal den tsochaí; de bhrí go bhfuil GBV ina chúis le neamhionannais struchtúracha agus ina thoradh air chomh maith; de bhrí, chun GBV a chomhrac, go dteastaíonn tuiscint ar na cúiseanna leis agus ar na fachtóirí a rannchuidíonn leis; de bhrí gur mó an baol foréigin do mhná a bhfuil féiniúlachtaí agus leochaileachtaí forluiteacha acu; de bhrí go mbunaítear an bunús chun GBVanna a chomhrac le Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle[1], Treoir 2011/99/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir leis an ordú cosanta Eorpach[2], agus Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na

[1] IO L 101, 15.4.2011, lch. 1.
[2] IO L 338, 21.12.2011, lch. 2.

coireachta, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle[3]; de bhrí gurb é Coinbhinsiún Iostanbúl an chéad ionstraim idirnáisiúnta atá ceangailteach ó thaobh dlí chun foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a chosc agus a chomhrac, lena mbunaítear creat cuimsitheach de bhearta dlíthiúla agus beartais chun foréigean in aghaidh na mban a chosc, chun tacú le híospartaigh agus chun pionós a ghearradh orthusan atá ciontach; de bhrí go bhfuil sé Bhallstát agus AE féin nach bhfuil tar éis Coinbhinsiún Iostanbúl a dhaingniú ná a thrasuí fós;

C. de bhrí go mbíonn ar mhná i ina n-éagsúlacht uile4 aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna forluiteacha amhail ciníochas struchtúrach, idirdhealú, coireacht fuatha agus fuathchaint, easpa rochtana ar an gceartas agus éagothromaíochtaí socheacnamaíocha marthanacha, ar gá iad a aithint mar bhacainní móra ar thairbhiú go hiomlán de chearta bunúsacha agus mar phríomhbhacainní ar chuimsiú agus ar chomhionannas; de bhrí go bhfuil bac fós sa Chomhairle, le breis is deich mbliana anuas, ar an treoir maidir le frith-idirdhealú, treoir a chuirfeadh raon níos mó cosanta ar fáil trí chur chuige cothrománach;

D. de bhrí, le deich mbliana anuas, go bhfacthas frithfhreagairt thromchúiseach i gcoinne an chomhionannais inscne agus chearta na mban, lena n-áirítear sláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR); de bhrí go bhfuil comhaontú láidir idir na Ballstáit bunriachtanach chun cearta na mban san Eoraip a chur chun cinn, trí reachtaíocht agus dea-chleachtais a roinnt; de bhrí go bhfuil Coimisinéir ann atá freagrach as comhionannas amháin agus go bhfuil Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ag an bParlaimint, ach nach bhfuil aon chomhlacht sonrach ag an gComhairle maidir le comhionannas inscne agus nach bhfuil aon fhóram plé tiomnaithe ag airí agus rúnaithe an stáit atá freagrach as comhionannas inscne;

1. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil gá le cur chuige trasnach a chothabháil sa Stráitéis maidir le Comhionannas Inscne (GES), agus le gníomhaíochtaí sonracha agus intomhaiste a chur san áireamh, go háirithe i ndáil le grúpaí arna gcosaint ar idirdhealú le dlí AE agus le cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine agus na Cúirte Breithiúnais; á chur i bhfáth nach féidir dul chun cinn ceart a dhéanamh maidir le comhionannas inscne gan cur chuige trasnach, lena gcuirtear san áireamh idirdhealú in aghaidh na mban ina n-éagsúlacht uile agus lena n-áirítear gníomhaíochtaí sonracha chun dul i ngleic leis na neamhionannais a mbíonn ar mhná aghaidh a thabhairt orthu a dhéantar dofheicthe nó a ndéantar neamhaird orthu sna beartais reatha um chomhionannas inscne; á chreidiúint gur cheart go n-áireofaí ar na gníomhaíochtaí sin bearta dearfacha comhionannais i mbeartais chistí struchtúracha AE, chomh maith le gníomhaíochtaí níos sonraí, amhail tacaíocht do dhlíthíocht straitéiseach, beartais éagsúlachta do mhná i bpoist cheannaireachta, oiliúint a fhorbairt maidir le cur chun feidhme praiticiúil na trasnaíochta i líonraí saineolaithe dlíthiúla agus do na breithiúna, agus sásraí comhairliúcháin láidre buana a bhunú a bhíonn i dteagmháil le mná maidir lena n-éagsúlacht uile, lena n-áirítear na mná is mó atá imeallaithe; á chur in iúl gur geal

[3] IO L 315, 14.11.2012, lch. 73.

[4] Baintear leas, sa tuairim seo, as an nath ‘ina n-éagsúlacht uile’ chun an seasamh a chur in iúl go gcuirtear mná, fir agus daoine neamh-dhénártha i gcatagóirí ilchineálacha, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta dó i ndáil lena n-inscne, cine, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, saintréithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó eile, ballraíocht i mionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, féiniúlacht inscne, a léiriú inscne agus a dtréithe gnéis, stádas imirceach nó stádas socheacnamaíoch. Dearbhaíonn sé an gealltanas gan aon duine a fhágáil ar gcúl agus Eoraip atá comhionann ó thaobh inscne de a bhaint amach do chách.

léi go mbeidh an trasnaíocht ina prionsabal trasearnálach don Phlean Gníomhaíochta maidir le Lánpháirtiú agus le Cuimsiú agus do chreataí straitéiseacha AE maidir le míchumas, LADTI+, cuimsiú na Romach agus cearta leanaí, agus á mheabhrú don Choimisiún go bhfuil gá le hiarrachtaí breise sa treo sin;

2. á mheabhrú gur uirlis fhíor-riachtanach é príomhshruthú inscne chun deireadh a chur le neamhionannais, chun comhionannas inscne a chur chun cinn agus chun an t-idirdhealú a chomhrac; á chur i bhfáth nach mór d'institiúidí an Aontais agus do na Ballstáit, agus iad ag obair i gcomhar le chéile, a rannpháirtíocht leis an tsochaí shibhialta, lena n-áirítear gluaiseachtaí agus eagraíochtaí ban, agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, a threisiú chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le comhionannas inscne; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go dtabharfar príomhshruthú inscne isteach i mbeartais agus i ngníomhaíochtaí uile an Aontais agus go ndéanfar bearta nithiúla leantacha a chur i láthair; á chur in iúl gur geal léi an tiomantas Tascfhórsa um Chomhionannas a chruthú agus é mar aidhm aige cur chuige trasnach a fhorbairt maidir le príomhshruthú inscne i mbeartais uile AE; á chreidiúint gur féidir le caidreamh idirinstitiúideach níos láidre i réimse an phríomhshruthaithe inscne cabhrú le beartais AE atá íogair ó thaobh inscne de a fhorbairt agus, dá bhrí sin, go n-iarrtar comhar struchtúrtha maidir le príomhshruthú inscne leis na comhpháirtithe institiúideacha uile, amhail an Pharlaimint, an Coimisiún, an Chomhairle agus an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE); ag tathant ar an gCoimisiún úsáid a bhaint as táscairí, cuspóirí, acmhainní agus sásraí faireacháin atá soiléir chun a áirithiú go gcuirfear príomhshruthú inscne san áireamh go córasach i ngach céim de cheapadh beartais i mbeartais uile an Aontais agus le cur chuige trasnach; á iarraidh, sa chiall sin, ar an gCoimisiún treochlár a fhorbairt maidir le conas príomhshruthú inscne a chur chun feidhme, lena n-áirítear buiséadú inscne, agus dearcadh trasnach i mbeartais uile an Aontais;

3. ag tabhairt ar aird gur tháinig méadú ar neamhionannas agus ar chineálacha éagsúla GBVanna i leith na mban agus na gcailíní le linn ghéarchéim COVID-19 agus gur cúis mhór imní dó an méadú suntasach atá tagtha ar an bhforéigean teaghlaigh go háirithe; á iarraidh ar AE agus ar na Ballstáit díriú ar ghníomhaíochtaí sonracha agus ar thacaíocht do mhná agus do chailíní, lena n-áirítear trí sheirbhísí leordhóthanacha a bhunú chun aghaidh a thabhairt ar fhoréigean in aghaidh ban agus cailíní agus seirbhísí tacaíochta speisialaithe d'íospartaigh amhail dídean, línte cabhracha, seirbhísí comhrá agus réitigh chruthaitheacha eile; á iarraidh go ndéanfaí é sin a mheas go cuí in GES, agus go gcuirfí bearta sonracha chun feidhme mar fhreagairt ar na forbairtí sin;

4. á iarraidh arís ar an gComhairle agus ar an gCoimisiún a gcuid iarrachtaí a athnuachan agus an treoir chothrománach frith-idirdhealaithe a ghlacadh go pras chun an bhearna chosanta atá ann faoi láthair i gcreat dlíthiúil AE maidir le neamh-idirdhealú a dhúnadh ar fhorais aoise, míchumais, reiligiúin nó creidimh nó gnéaschlaonta i bpríomhréimsí den saol, amhail cosaint shóisialta, oideachas agus rochtain ar earraí agus ar sheirbhísí, agus chun a áirithiú nach mbeidh ordlathas saorga foras á fheidhmiú ag AE; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún reachtaíocht bhreise in aghaidh an idirdhealaithe a mholadh mar a leagtar amach sna treoirlínte polaitiúla don Choimisiún 2019-2024 í; á iarraidh ar an gCoimisiún na tograí ábhartha a chur i dtoll a chéile go pras;

5. á iarraidh ar na Ballstáit dea-chleachtais a mhalartú ar bhonn rialta agus cearta na mban san Eoraip a chur chun cinn trí thacú leis na bearta agus na cleachtais lena soláthraítear

na leibhéil is airde cosanta atá i bhfeidhm faoi láthair i dtíortha na hEorpa; ag tathant ar an gComhairle foirmíocht thiomnaithe de chuid na Comhairle a bhunú don chomhionannas chun bearta comhpháirteacha, inláimhsithe a chur i bhfeidhm chun freagairt do na dúshláin i réimse chearta na mban agus an chomhionannais inscne, agus chun a áirithiú go ndéanfar saincheisteanna comhionannais inscne a phlé ar an leibhéal polaitiúil is airde; á iarraidh ar na hinstitiúidí Eorpacha beartas comhionannais a chur chun feidhme, go háirithe i bpoist cheannaireachta; á iarraidh ar an gCoimisiún bearta nithiúla agus sásraí faireacháin a ghlacadh chun cothromaíocht inscne a áirithiú i ngníomhaireachtaí uile an Aontais, lena n-áirítear ar gach leibhéal bainistíochta agus i bpoist cheannaireachta;

6. á chur in iúl gur cúis bhuartha di a fhorleithne is atá GBV de gach cineál agus an easpa lánrochtana ar shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe (SRHR); ag cáineadh na sáruithe tromchúiseacha ar chearta na mban agus na leanaí laistigh agus lasmuigh den Aontas, lena n-áirítear ciorrú ball giniúna ban (FGM), ginmhilleadh agus steiriliú éigeantach, pósadh luath agus pósadh éigeantais agus cleachtais dhíobhálacha eile i gcoinne ban agus cailíní; ag tabhairt ar aird go mbíonn mná atá ag gabháil don tionscal gnéis, lena n-áirítear an striapachas, mar gheall ar idirdhealú bochtaineachta nó cineálacha eile anró, ag fulaingt foréigean gnéasach agus mí-úsáide ar bhonn laethúil; á iarraidh go ndéanfaí plean gníomhaíochta uile-AE chun gach cineál GBV a chosc agus a chomhrac; á chur in iúl gurb oth léi an easpa beart sonrach in GES chun tacú le SRHR in AE; á chur i bhfáth go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit gealltanais a bhaineann le sláinte atáirgthe agus gnéis a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh, saor ó chomhéigean, ó idirdhealú agus ó fhoréigean; á iarraidh go n-áireofaí SRHR sa chéad Straitéis Sláinte eile de chuid AE agus go n-áiritheofaí maoiniú sonrach chun iad a chosaint; á mheabhrú go bhfuil gá le huirlisí iomchuí chun dul chun cinn a thomhas maidir le rochtain uilíoch ar SRHR a áirithiú, agus ag tathant ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar SRHR a chosaint agus a chomhlíonadh do chách; á iarraidh ar an gCoimisiún faireachán géar a dhéanamh ar SRHR sna Ballstáit; á athdhearbhú gur cineál foréigin in aghaidh na mban agus na gcailíní is ea seirbhísí SRHR a dhiúltú, lena n-áirítear ginmhilleadh sábháilte agus dleathach; á athdhearbhú nach mór smacht a bheith ag mná agus ag cailíní ar a gcoirp agus ar a ngnéasachtaí agus gur dlúthchuid iad cearta daoine LADTI chun urraim iomlán do SRHR a bhaint amach; ag athdhearbhú an iarraidh ar rinne sí ar na Ballstáit go léir oideachas cuimsitheach gnéis, rochtain réidh ar phleanáil teaghlaigh agus réimse iomlán na seirbhísí sláinte atáirgthe agus gnéis a ráthú, lena n-áirítear modhanna frithghiniúna nua-aimseartha agus ginmhilleadh sábháilte agus dlíthiúil; á iarraidh go ndéanfaí bearta spriocdhírithe chun saoirse gnéis agus neamhspleáchas gnéasach a áirithiú do gach bean;

7. á iarraidh go mbeadh cosc éifeachtach ar neamhionannas inscne agus ar GBVanna, lena náirítear bearta oideachais atá dírithe ar dhaoine óga agus a chuirtear chun feidhme leo, chomh maith lena áirithiú go mbainfidh gach duine óg tairbhe as oideachas cuimsitheach sláinte agus gnéasachta, go háirithe cailíní agus daoine óga LADTI, a mbíonn tionchar ag noirm inscne éagothroma go háirithe orthu; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis na Ballstáit d'fhonn cur chuige a ghlacadh maidir le hoideachas cuimsitheach gnéasachta i gcomhréir le caighdeáin EDS agus le treoirlínte UNESCO agus chun rochtain uilíoch ar an oideachas sin a áirithiú gan idirdhealú ar aon fhoras; á thabhairt chun suntais an ról tábhachtach atá ag eagraíochtaí na sochaí sibhialta (ESSanna) maidir le hoideachas gnéasachta a chur ar fáil, agus ag tathant ar an gCoimisiún maoiniú leordhóthanach a chur ar fáil do na heagraíochtaí lena mbaineann;

8. á chur in iúl gur cúis mhór imní é gur fhulaing 33 % de mhná in AE foréigean fisiciúil agus/nó gnéasach; á mheas go bhfuil tionchar ag mainneachtain AE aontú do Choinbhinsiún Iostanbúl ar a inchreidteacht; ag tathant ar AE a aontú do Choinbhinsiún Iostanbúl a chur i gcrích gan mhoill; á iarraidh ar an gCoimisiún a dhaingniú a mholadh do na Ballstáit, agus tacú go gníomhach leis sin; á iarraidh go háirithe ar na sé Bhallstát (an Bhulgáir, an tSeicia, an Ungáir, an Liotuáin, an Laitvia agus an tSlóvaic) nár dhaingnigh Coinbhinsiún Iostanbúl go fóill é sin a dhéanamh, ós rud é gur bunchaighdeán idirnáisiúnta maidir le cearta an duine é chun deireadh a chur le GBV; ag meabhrú gur cheart go mbeadh bearta reachtacha nua maidir le GBV comhlántach le daingniú Choinbhinsiún Iostanbúl; ag moladh an Choimisiúin as a thiomantas bearta a mholadh chun na cuspóirí céanna a bhaint amach má tá bac fós ar aontachas leis an gCoinbhinsiún, lena n-áirítear tionscnamh a thíolacadh lena leathnófar na réimsí coireachta a shainítear in Airteagal 83(1) CFAE chun foirmeacha sonracha GBV a chuimsiú;

9. á chur in iúl gur cúis bhuartha é an fhrithfhreagairt i ndáil le comhionannas inscne i roinnt Ballstát, ar spreag dioscúrsaí polaitiúla í, go minic ag teacht ó na leibhéil is airde den stát, ó ionadaithe eaglaise áirithe agus ó raidhse eagraíochtaí sár-chaomhnaitheacha a chuireann dearcadh patrarcach chun cinn maidir leis an tsochaí, rud a bhaineann an bonn d'fhuascailt, de neamhspleáchas agus de dhínit na mban; ag cáineadh scaipeadh insintí polaitiúla a bhaineann míbhrí d'aon turas as ábhar Choinbhinsiún Iostanbúl agus ag cáineadh theacht chun cinn na fuathchainte homafóbaí agus trasfóbaí, chomh maith le bearta uafásacha amhail limistéir saor ó LADTI a chur chun cinn sa Pholainn agus deireadh a chur le haitheantas dlíthiúil daoine trasfóbacha san Ungáir, a sháraíonn go mór cearta daoine trasinscneacha agus idirghnéasacha agus a chuireann i mbaol iad; ag meabhrú go bhfuil an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine tar éis a dhearbhú go seasta agus go soiléir go dtagann aitheantas dlíthiúil inscne laistigh den cheart chun an tsaoil phríobháidigh agus chun saoil teaghlaigh i gcreat dlíthiúil na hEorpa, rud a chosnaítear go sonrach faoi Airteagal 8 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine;

10. á iarraidh go ndéanfaí plean gníomhaíochta uile-AE chun gach cineál GBV a chosc agus a chomhrac; á iarraidh, chuige sin, go gceapfaí comhordaitheoir chun an plean gníomhaíochta sin a chur chun feidhme d'fhonn obair an Choimisinéara atá freagrach a chomhlánú seachas a dhúbláil; á chur i bhfáth, áfach, gurb é an bealach is fearr chun cinn ná reachtaíocht a rith maidir le gach gné de GBV sa téacs reachtach céanna trí threoir a ghlacadh chun gach cineál GBV a chomhrac; ag athdhearbhú an iarraidh a rinne sí ar an gCoimisiún gníomh dlí a thíolacadh mar ábhar práinne maidir le gach cineál GBV a chosc agus a chur faoi chois, lena bhfiosrófar raon iomlán na mbeart, lena n-áirítear trí leas a bhaint as an gceart maidir le tionscnamh reachtach a chumhdaítear in Airteagal 225 CFAE; ag tathant ar an gCoimisiún dlús a chur leis na hiarrachtaí chun dul chun cinn a dhéanamh i ndáil leis sin; ag cur in iúl gur geal léi tionscnamh an Choimisiúin chun líonra AE a sheoladh maidir le cosc a chur ar GBVanna agus ar fhoréigean teaghlaigh, lena dtugtar le chéile na Ballstáit agus na geallsealbhóirí uile chun dea-chleachtais a mhalartú, agus chun oiliúint, fothú acmhainní agus seirbhísí tacaíochta a mhaoiniú;

11. á iarraidh ar an gCoimisiún leanúnachas obair Chomhordaitheoir Frithgháinneála AE a áirithiú trí shainordú a sholáthar lena gceadófar forbairt tionscnamh nua; ag cur in iúl gur geal léi an straitéis frithgháinneála nua atá le beartú ag an gCoimisiún; á iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar Threoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc

agus a chomhrac agus íospartaigh na gáinneála sin a chosaint, chun na forálacha a neartú maidir le seirbhísí agus ceadanna cónaithe a áirithiú d'íospartaigh na gáinneála agus maidir le coiriúlú a dhéanamh ar úsáid seirbhísí a chuireann íospartaigh na gáinneála ar fáil, agus chun a áirithiú gur cheart pionós comhréireach a ghearradh ar chion na gáinneála ar mhaithe le teacht i dtír gnéasach; á chur i bhfáth go bhfuil gá cur i gcoinne saoirse ó phionós dóibh siúd a bhaineann tairbhe as an ngáinneáil; á chur i bhfios gur mná iad formhór mór íospartaigh na gáinneála don teacht i dtír gnéasach, agus, dá bhrí sin, á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le hiarrachtaí a bheith dírithe ar chabhair a chur ar fáil do mhná a ndearnadh gáinneáil orthu;

12. ag tabhairt ar aird nach mór don Choimisiún aghaidh a thabhairt ar chás ar leith chosaint na mban in aghaidh GBV i saoráidí imirce agus glactha tearmainn, agus á iarraidh go mbeadh bonneagar oiriúnaithe ann do mhná agus do chailíní agus go gcuirfí oiliúint leordhóthanach ar bhaill foirne ag na saoráidí sin nuair is gá;

13. ag tabhairt ar aird an easpa cur chuige nó sainmhínithe coiteanna atá ann maidir leis na cineálacha éagsúla GBVanna, amhail cibearfhoréigean, nach bhfuil inscne-neodrach ach atá dírithe go díréireach ar mhná agus dá bhrí sin ar léiriú iad ar GBV; á iarraidh ar an gCoimisiún ionstraim reachtach a mholadh chun gach cineál GBVanna a chomhrac, lena n-áirítear cibearfhoréigean agus cineálacha eile ionsaithe ar líne ar mhná, toisc go mbíonn tionchar ollmhór ag bagairtí foréigin agus mí-úsáide ar mheabhairshláinte na mban ar gach leibhéal dá bhforbairt indibhidiúil;

14. á iarraidh ar an gCoimisiún tacú leis an ngníomhaíocht chun an bhearna phá idir na hinscní a laghdú, ar cineál idirdhealaithe inscne é;

15. á iarraidh ar na Ballstáit rochtain ar an gceartas a áirithiú agus a fheabhsú, *inter alia* trí oiliúint maidir le GBV a chur ar an bhfoireann um fhorfheidhmiú an dlí agus ar fhoireann bhreithiúnach, chomh maith le hoiliúint maidir le coireanna fuatha, lena n-áirítear coireanna a dhéantar ar líne, agus chun a ráthú go gcuirfear cearta an íospartaigh ag croílár na hoiliúna sin chun idirdhealú, tráma nó íospairt a sheachaint le linn imeachtaí breithiúnacha, leighis agus póilíneachta; á iarraidh ar na Ballstáit coinníollacha sábháilte a áirithiú le haghaidh tuairiscithe, aghaidh a thabhairt ar thearcthuairisciú, agus cúnamh dlíthiúil a chur ar fáil chomh maith le seirbhísí tacaíochta comhtháite agus dídine, chomh maith le bearta coisctheacha a chur chun feidhme lena gcuirfear san áireamh riachtanais shonracha na mban agus na gcailíní ó thaobh a n-éagsúlachta uile; ag tathant ar na Ballstáit dul i ngleic leis an tsaoirse ó phionós i ndáil le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe; ag cur in iúl gur oth léi na hionsaithe leanúnacha ar SRHR; á iarraidh ar an gCoimisiún, ar bhonn a mheasúnaithe ar ionstraimí AE sa réimse seo mar atá luaite i Straitéis AE maidir le cearta íospartach (2020-2025) (COM(2020)0258), togra a thíolacadh gan mhoill d'athbhreithniú ar an Treoir maidir le Cearta Íospartach d'fhonn caibidil shonrach a chur isteach a bheidh dírithe ar íospartaigh GBV;

16. ag meabhrú gur cearta an duine iad cearta na mban; á chur i bhfios go láidir gur bunchúis í an steiréitíopáil inscne leis an neamhionannas inscne agus go mbunaítear róil agus steiréitíopaí traidisiúnta inscne sa luath-óige agus gur bac tromchúiseach iad ar bhaint amach an chomhionannais inscne, rud a chuireann leis an idirdhealú inscne; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit dlús a chur leis an obair maidir le haghaidh a thabhairt ar neamhionannas agus steiréitíopaí inscne, trí chomhar níos fearr

le ESSanna lena moltar cearta agus cumhachtú na mban agus trí bhearta coisctheacha agus oideachais atá ríthábhachtach chun steiréitíopáil inscne agus neamhionannas a chomhrac; á chur in iúl gur geal lé, maidir leis sin, go bhfuil sé ar intinn ag an gCoimisiún feachtas cumarsáide a sheoladh ar fud an Aontais chun steiréitíopaí inscne a chomhrac, lena ndíreofar ar rannpháirtíocht na hóige; ag tabhairt ar aird gur cúis imní é go bhfuil an spás sibhialta ag laghdú do ESSanna agus do chosantóirí chearta an duine atá ag obair ar son an chomhionannais inscne, chearta na mionlach agus chearta na mban agus SRHR; á iarraidh go ndéanfaí bearta níos déine chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a bhaineann le laghdú ar an spás cathartha, agus á chur i bhfáth an tábhacht a bhaineann le tacaíocht airgeadais mhéadaithe a áirithiú do ESSanna agus do sheirbhísí speisialaithe chun a neamhspleáchas agus a saineolas a áirithiú; á chur i bhfios go láidir an gá atá le hionaid dídine inrochtana agus neamhspleácha do mhná agus do dhaoine LADTI; á iarraidh ar an gCoimisiún gníomhaíochtaí sonracha a mholadh chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag eagraíochtaí a chuireann seirbhísí riachtanacha ar fáil ar mhaoiniú agus go gcosnófar iad ar ionsaithe agus ar idirdhealú; á chur in iúl gur cúis mhór imní é gluaiseachtaí frithchomhionannais inscne agus gluaiseachtaí frith-LADTI, a bhfuil dul chun cinn bainte amach acu i roinnt Ballstát, a fhéachann le dúshláin a thabhairt do chearta bunúsacha bunaithe i réimse an chomhionannais inscne, agus a bhfuil sé d’aidhm acu dlíthe agus beartais a bhlocáil agus a chur ar gcúl lena gcosnaítear mná, fir agus daoine neamh-dhénártha ina n-éagsúlacht uile i gcoinne coireanna fuatha agus idirdhealaithe;

17. á iarraidh go ndéanfaí bailiú sonraí imdhealaithe maidir le comhionannas inscne agus go ndéanfaí tuarascálacha bliantúla a thíolacadh maidir le staid chur chun feidhme GES; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit infhaighteacht agus inchomparáideacht sonraí imdhealaithe cáilíochta maidir le GBV a fheabhsú trí chomhar le Eurostat, le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) agus le EIGE; á iarraidh athuair ar an gCoimisiún Faireachlann Eorpach Faireacháin ar GBV a bhunú: ag tathant ar an gCoimisiún buiséadú inscne a chur chun feidhme mar chuid lárnach den nós imeachta buiséadach agus de na línte buiséid; á iarraidh go rianófaí caiteachas ar chomhionannas inscne agus go sannfaí líne bhuiséid neamhspleách do gach gníomhaíocht spriocdhírithe, chomh maith le táscairí cuí, measúnuithe tionchair agus modheolaíocht thiomnaithe; á iarraidh go bhforbrófaí agus go gcuirfí i bhfeidhm sásraí ábhartha cuntasachta agus trédhearcachta, chomh maith le tuairisciú rialta agus íogair ó thaobh inscne de maidir leis na torthaí.

# FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 16.7.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 48<br>–: 16<br>0: 3 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Magdalena Adamowicz, Konstantinos Arvanitis, Katarina Barley, Pietro Bartolo, Nicolas Bay, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Saskia Bricmont, Joachim Stanisław Brudziński, Jorge Buxadé Villalba, Damien Carême, Caterina Chinnici, Clare Daly, Marcel de Graaff, Lena Düpont, Laura Ferrara, Nicolaus Fest, Jean-Paul Garraud, Sylvie Guillaume, Andrzej Halicki, Balázs Hidvéghi, Evin Incir, Sophia in 't Veld, Patryk Jaki, Lívia Járóka, Fabienne Keller, Peter Kofod, Moritz Körner, Juan Fernando López Aguilar, Nuno Melo, Roberta Metsola, Nadine Morano, Javier Moreno Sánchez, Maite Pagazaurtundúa, Nicola Procaccini, Emil Radev, Paulo Rangel, Terry Reintke, Diana Riba i Giner, Ralf Seekatz, Michal Šimečka, Martin Sonneborn, Sylwia Spurek, Tineke Strik, Ramona Strugariu, Annalisa Tardino, Tomas Tobé, Milan Uhrík, Tom Vandendriessche, Bettina Vollath, Jadwiga Wiśniewska, Elena Yoncheva, Javier Zarzalejos |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Abir Al-Sahlani, Bartosz Arłukowicz, Malin Björk, Delara Burkhardt, Gwendoline Delbos-Corfield, Nathalie Loiseau, Erik Marquardt, Sira Rego, Domènec Ruiz Devesa, Paul Tang, Hilde Vautmans, Tomáš Zdechovský |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Sven Mikser |

## VÓTAIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 48 | + |
|---|---|
| PPE | Magdalena Adamowicz, Bartosz Arłukowicz, Vladimír Bilčík, Vasile Blaga, Ioan-Rareş Bogdan, Lena Düpont, Andrzej Halicki, Nadine Morano, Paulo Rangel, Ralf Seekatz, Tomas Tobé, Tomáš Zdechovský |
| S&D | Katarina Barley, Pietro Bartolo, Delara Burkhardt, Caterina Chinnici, Sylvie Guillaume, Evin Incir, Juan Fernando López Aguilar, Sven Mikser, Javier Moreno Sánchez, Domènec Ruiz Devesa, Sylwia Spurek, Paul Tang, Bettina Vollath, Elena Yoncheva |
| RENEW | Abir Al-Sahlani, Sophia In 'T Veld, Fabienne Keller, Moritz Körner, Nathalie Loiseau, Maite Pagazaurtundúa, Michal Šimečka, Ramona Strugariu, Hilde Vautmans |
| NA GLASAIGH/ALE | Saskia Bricmont, Damien Carême, Gwendoline Delbos-Corfield, Erik Marquardt, Terry Reintke, Diana Riba I Giner, Tineke Strik |
| EUL/NGL | Konstantinos Arvanitis, Malin Björk, Clare Daly, Sira Rego |
| NI | Laura Ferrara, Martin Sonneborn |

| 16 | - |
|---|---|
| PPE | Balázs Hidvéghi, Lívia Járóka, Roberta Metsola |
| ID | Nicolas Bay, Nicolaus Fest, Jean-Paul Garraud, Marcel De Graaff, Peter Kofod, Annalisa Tardino, Tom Vandendriessche |
| ECR | Joachim Stanisław Brudziński, Jorge Buxadé Villalba, Patryk Jaki, Nicola Procaccini, Jadwiga Wiśniewska |
| NI | Milan Uhrík |

| 3 | 0 |
|---|---|
| PPE | Nuno Melo, Emil Radev, Javier Zarzalejos |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 9.11.2020 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 26<br>–: 6<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Simona Baldassarre, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Annika Bruna, Margarita de la Pisa Carrión, Rosa Estaràs Ferragut, Frances Fitzgerald, Cindy Franssen, Heléne Fritzon, Lina Gálvez Muñoz, Lívia Járóka, Arba Kokalari, Alice Kuhnke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Karen Melchior, Maria Noichl, Sandra Pereira, Pina Picierno, Sirpa Pietikäinen, Samira Rafaela, Evelyn Regner, Diana Riba i Giner, Eugenia Rodríguez Palop, María Soraya Rodríguez Ramos, Sylwia Spurek, Jessica Stegrud, Isabella Tovaglieri, Ernest Urtasun, Hilde Vautmans, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Chrysoula Zacharopoulou |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Maria da Graça Carvalho, Jadwiga Wiśniewska |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 26 | + |
|---|---|
| GUE/NGL | Sandra Pereira, Eugenia Rodríguez Palop |
| Renew | Karen Melchior, Samira Rafaela, María Soraya Rodríguez Ramos, Hilde Vautmans, Chrysoula Zacharopoulou |
| PPE | Maria da Graça Carvalho, Rosa Estaràs Ferragut, Frances Fitzgerald, Cindy Franssen, Arba Kokalari, Sirpa Pietikäinen, Elissavet Vozemberg-Vrionidi, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska |
| S&D | Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Heléne Fritzon, Lina Gálvez Muñoz, Maria Noichl, Pina Picierno, Evelyn Regner |
| Na Glasaigh/ALE | Alice Kuhnke, Diana Riba i Giner, Sylwia Spurek, Ernest Urtasun |

| 6 | - |
|---|---|
| ECR | Jessica Stegrud, Jadwiga Wiśniewska, Margarita de la Pisa Carrión |
| ID | Simona Baldassarre, Annika Bruna, Isabella Tovaglieri |

| 1 | 0 |
|---|---|
| PPE | Lívia Járóka |

Eochair:

+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh